


CLÁR na hÉIREANN – na BREATAINE BIGE 2007-2013

Uimhir CCI: 2007CB163PO062



CLÁR na hÉIREANN – na BREATAINE BIGE 2007-13

Clár an Ábhair

Uimh. Lgh.

Caibidil 1 Brollach	1
• Brollach	1
• Tagairtí Dlí	1
• Sainiú an Réigiúin incháilithe	2
• Cóngarach	3
• Comhoibriú reatha agus thaithí ar obair chlár san am atá thart	5
• Clár INTERREG IIIA na hÉireann-na Breataine Bige 2000-06	5
• Naisc stairiúla agus naisc chultúrtha	7
• An próiseas comhchláraithe	8
Caibidil 2 Próifíl an Réigiúin & Anailín LLDB	10
• Brollach	10
• Próifíl an Réigiúin - Achoimre	15
• LLDB Réigiúnach	18
• Conclúid	20
Caibidil 3 An Comhthéacs Beartais & Straitéis Forbartha an Chláir	21
• Dúshlán chomhchoiteann a aithint atá roimh Limistéar an Chláir	21
• An Comhthéacs Beartais	24
• Achoimre ar an Meastóireacht Ex Ante agus MSC ⁱ	36
• Straitéis don Réigiún Trasteorann	39
• Fírinniú na Straitéise Cláir a roghnaíodh	42
• Breisluach an Chomhoibriú trasteorann	43

Caibidil 4 Tosaíochtaí	46
• Tosaíocht 1- Eolas, Nuálaíocht agus agus Scileanna i gcomhair Foráis	46
• Tosaíocht 2- Athrú Aeráide agus Athghiniúint Inbhuanaithe	54
• Tosaíocht 3- Cúnamh Teicniúil	62
Caibidil 5 Tacaíocht ó CFRE & Pleananna Airgeadais	64
Caibidil 6 Comhlántacht le Cláir/Cistí eile	66
• Comhlántacht le Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Forbairt Tuaithe	66
• Comhlántacht le Ciste Iascaigh na hEorpa	67
• Comhlántacht le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa	67
• Comhlántacht le Ciste Sóisialta na hEorpa	70
• Comhlántacht leis an Seachtú Clár Creata	71
• Deighilt idir Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus cláir eile	71
Caibidil 7 Téamaí leithne	72
• Brollach	72
• Comhdheiseanna	73
• Forbairt Inbhuanaithe	76
Caibidil 8 Cur i ngníomh	78
• Brollach	78
• Socruithe maidir le Bainistíocht agus Monatóireacht	78
• Bainistíocht Airgeadais & Córais Rialaithe	83
• Meastóireacht	91
• Eolas agus Poiblíocht	92
• An Clár a chur chun cinn agus tograí d'ardchaighdeán a spreagadh	93
• Tograí Móra	95
• Athrú chun feabhais sna Réigiúin	95
• INTERACT II	96

Aguisíní

- Aguisín I – Grúpaí oibre a chuir le forbairt an chláir nua 97
- Aguisín II – Eagraíochtaí a thug freagraí foirmeálta i scríbhinn ar an gcomhairleoireacht phoiblí 98
- Aguisín III – Táblaí Airgeadais 99
- Aguisín IV – Aicmiú na Saghsanna Cúnamh Airgid a bheidh ar fáil idir 2007-2013 101
- Aguisín V – Meastóireacht Ex – Achoimre Feidhmiúcháin 105
- Aguisín VI – Sreabhchairt na Bainsitíochta agus an Rialaithe Airgeadais 113
- Aguisín VII – Sreabhchairt na nÍocaíochtaí 114
- Aguisín VIII - Cairt Eagrúcháin do Thionól an Deiscirt agus an Oirthir 2007 115

CAIBIDIL 1

Brollach

1.1 Brollach

Is é atá sa gClár Oibriúcháin seo ná sraith mholtaí i gcomhair na n-idirghabhálacha atá á bheartú faoi théarmaí an tsnáithe um chomhoibriú trasteorann atá ina chuid de chuspóir Chomhoibrithe Idir Chríocha san Eoraip. Is é an tÚdarás Bainistíochta a chuireann isteach é faoin ainm 'Clár na hÉireann-na Breataine Bige' thar ceann Rialtas na hÉireann agus thar ceann Rialtas Tionóil na Breataine Bige (Rialtas Tionóil na Breataine Bige ó Aibreán 2007 amach de thoradh leasuithe a bheith déanta ar Acht Rialtas na Breataine Bige).

Beidh buiséad iomlán de thuairim is €70m ag Clár na hÉireann-na Breataine Bige dá shaolré. Cuirfear tuairim is €52 den mhéid seo ar fáil mar dheontas as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE).

1.2 Tagairtí Dlí

I mí Iúil na bliana 2006 d'fhaomh Comhairle na hEorpa agus Pairlimint na hEorpa na Rialacháin atá ag gabháil le Cistí Struchtúrtha [Rialacháin Uimh. 1083/2006 an AE (Rialachán na Comhairle) agus 1080/2006 (Rialachán Pairliminte na hEorpa agus na Comhairle)] . Tugann siad an creat dlí agus an creat rialúcháin a bheidh ag glúin nua na gclár oibriúcháin don tréimhse 2007-2013. De réir Ailt 3 an Rialacháin Ghinearálta¹ ní mór beartas Eorpach a chur i bhfeidhm anois chun trí cinn de chuspóirí a bhaint amach: Is iad seo Cuspóir na Coinbhéirseachta do Réigiúin go bhfuil a nOlltáirgeacht intíre (OI) faoi bhun 75% de mheán an AE25, Cuspóir an Chumais Iomaíochta agus Cuspóir na Fostaíochta, cuspóirí a d'fhéadafadh a bheith i gceist maidir le Réigiúin eile ar fad an Aontais.

Is í an Chuspóir dheireanach ná Cuspóir nua i dtaobh Comhoibrithe idir Chríocha san Eoraip agus sin é an ceann a bhaineann go díreach leis an gclár seo. Tá d'aidhm aige comhoibriú trasteorann a neartú trí chomhthionscnaimh áitiúla agus réigiúnacha, comhoibriú trasnáisiúnta a neartú trí ghníomhartha a chuireann forbairt chomhtháite na gcríocha chun cinn agus iad nasctha le tosaíochtaí an Chomhphobail, chomh maith le comhoibriú idir-réigiúnach agus malartú taithí ag leibhéal cuí críche a neartú.

Tagann an Chuspóir nua seo um Chomhoibriú idir Chríocha in ionad an tionscnamh Comhphobail INTERREG, tionscnamh atá arna phríomhshruthú anois. Ar nós INTERREG a tháinig roimhe seo, tá snáithe sainiúil trasteorann ag

¹ Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1083/2006 den 11^ú Iúil, 2006.

baint leis an gCuspóir nua seo. De réir Ailt 7 an Rialacháin Ghinearálta cáilíonn réigiún NUTS III go léir den gComhphobal atá taobh na farraige chun a bheith san áireamh i gclár mara trasteorann más rud é nach bhfuil níos mó ná 150 km achar farraige eatarthu, mar ghnáthrial. Ós rud é gur lú ná 150 km an t-achar idir chósta thiar na Breataine Bige agus chósta thoir na hÉireann tá Clár Oibriúcháin nua seo na hÉireann-na Breataine Bige incháilithe do shnáithe trasteorann na Cuspóra um Chomhoibriú idir Chríocha san Eoraip. Is é seo an bonn dlíthiúil ar ar ullmhaíodh an Clár seo. Cuireadh an Clár le chéile go háirithe le haireadhu ar Alt 38 den Rialachán Ginearálta agus ar Alt 12 de Rialachán CFRE.²

1.3 Sainiú an Réigiúin Incháilithe

Is iad na limistéirí atá incháilithe chun a bheith san áireamh i gClár Trasteorann na hÉireann-na Breataine Bige um Chomhoibriú idir Chríocha ná na réigiúin NUTS III seo: Baile Átha Cliath, Lár Oirthear agus Oirdheisceart na hÉireann agus Gwynedd, Oileán Anglesay (Ynys Mon), Conwy, Denbigshire agus Iardheisceart na Breataine Bige.


Tá na príomhbhealaí farraige idir Éirinn agus an Bhreatain Bheag sa réigiún trasteorann agus tá na príomháiteanna ann, leis, chun earraí Éireannacha a thabhairt go dtí an Bhreatain agus chuig na margaí Eorpacha agus a mhalairt – is é atá i gceist ná an príomhbhealach idir Bhaile Átha Cliath/Dún Laoghaire agus Holyhead agus an príomhbhealach farraige ar an taobh theas idir Ros Lár/Ros Mhic Triúin/Port Láirge agus Fishguard/Duga Pembroke/Milford Haven. Tá tábhacht straitéiseach ag na calafoirt seo agus deineann siad nascanna riachtanacha trasna na teorainn mhara.

Sa chlár beidh comhoibriú i gceist idir an taobh d'Éirinn atá níos faide chun cinn ó thaobh an gheilleagair de, áiteanna ar a n-áirítear an phríomhchathair Baile Átha Cliath, agus limistéirí tuaithe in iarthar na Breataine Bige atá ar imeall an fhoráis gheilleagraigh. Níl an phríomhchathair, Cardiff, san áireamh sa réigiún seo.

I bhforbairt an Chláir seo tá sé tábhachtach go n-aithítear go bhfuil roinnt mhór gnéithe fisiciúla agus gnéithe institiúideacha an chomhoibríthe trasteorann thar theorainneacha mara difiúil leo siúd a bhaineann le teorainneacha tíre.

² Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1083/2006 agus Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

FÍOR 1 - LÉARSCÁIL RÉIGIÚN TRASTEORANN na hÉIREANN-na BREATAINE BIGE



1.4 Cóngarach

In Alt 21 de Rialachán (CA) Uimh. 1080/2006 de chuid Phairlimint na hEorpa agus na Comhairle sonraítear an méid seo a leanas: “I gcomhthéacs an chomhoibrithe trasteorann agus i gcásanna go bhfuil bonn cirt cuí leo, d’fhéadfadh go maoiníodh CFRE costais a thabhoífar i gcur i ngníomh oibríochtaí nó codanna d’oibríochtaí suas chuig teorainn 20% den méid a chuireann sé leis an gclár oibríochtaí faoi chaibidil i ceantair NUTS ag leibhéal 3 taobh le ceantair incháilithe i leith an chláir dá tagraítear in Alt 7(1) de Rialachán (CE) Uimh., 1083/2006 nó go bhfuil ceantair den tsort seo mórthimpeall orthu. Mar eisceacht a chomhaontaítear idir an Choimisiún agus Ballstáit, d’fhéadfaí an solúbthacht seo a leathnú amach chuig ceantair NUTS ag leibhéal 2 ina bhfuil ceantair dá dtagraítear in Alt 7(1) den Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 suite.

Ag leibhéal an togra, d’fhéadfadh caiteachas a thabhaíonn comhphairtithe atá lasmuigh den gceantar mar a shainmhínítear sa chéad fho-alt a bheith incháilithe, dá mba rud é go mbeadh fadhbanna ag an dtogra a chuid cuspóirí a bhaint amach gan rannpháirtíocht an chomhphairtithe sin”.

Leis an solúbthacht seo tabharfar deiseanna úsáid a bhaint as deontas as CFRE i gceantair taobh le ceantair an chláir seo i gceantair níos leithne ar mhaithe le ceantar an chláir é féin ina iomláine. Beidh slí ann chun tógáil ar ghníomhaíochtaí ar ar caitheadh airgead lasmuigh de cheantar an chláir é féin agus a bhain tairbhe as an gclár 2000-2006. Thairis sin beidh deiseanna breise ann d'eagraíochtaí a bheith rannpháirteach i gceantair NUTS III i ngiorracht do Conwy agus Denbighshire, toisc gur ceantair iad sin anois ar a bhféachann Coimisiún na hEorpa mar cheantar incháilithe an Chláir Oibriúcháin.

De bharr go gcuirtear dhá limistéir Údaráis Áitiúil ina n-iomláine sa réigiún trasteorann mar aonad comhtháite amháin tá acmhainn á cur ar fáil do thionscnaimh a fuair tacaíocht faoi na Cláir INTERREG II agus INTERREG III sna ceantair sin chun teacht in aibíocht agus acmhainn do thionscnaimh nua chun teacht chun cinn. De bheis air seo tá roinnt nascanna atá bunaithe le fada an lá idir pobail mhara agus pobail tuaithe an limistéir NUTS III Conwy agus Denbighshire agus oirthear na hÉireann. Chabhródh sé seo go mór leis an gClár a bheith rathúil san am atá amach romhainn.

Ó thaobh Clár na hÉireann-na Breataine Bige de, maoinoidh CFRE caiteachas a thabharfar de thoradh oibríochtaí nó codanna d'oibríochtaí a chur i ngníomh suas chuig 10% den mhéid a chuireann sé leis an gClár i gceantar NUTS ag leibhéal III i ngiorracht do na ceantair incháilithe.

Maidir leis na ceantair NUTS III in Éirinn de, moltar go gcuirfear limistéar Údarás Réigiúnach an Iar-dheiscirt san áireamh ós rud é go bhfuil taithí nach beag sna hEarnálacha Ardoideachais agus Breisoideachais iontu a d'fhéadfadh breisluach a chur le gníomhaíocht an chláir. Léirítear é seo ag an obair a chuir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh isteach le linn tréimhse an chláir roimhe seo.

I dtaobh na Breataine Bige, moladh go gcuirfí na ceantair NUTS III cóngaracha seo a leanas san áireamh: Swansea agus Flintshire agus Wrexham. Is féidir breisluach a bhaint amach má bhíonn forais Ardoideachais agus Bhreisoideachais rannpháirteach san dá cheantar NUTS III. Léiríodh é seo i gClár na tréimhse 2000-2006 ag Swansea, áit ina raibh forais ardoideachais rannpháirteach i dtionscnaimh aistriú taighde agus teicneolaíochta. Tá fíordheiseanna ann do níos mó comhoibrithe laistigh de na hearnálacha seo agus d'fhócas ar nuálaíocht, ar scileanna agus ar fhorbairt inbhuanaithe san dá cheantar cóngaracha.

Agus ag é ag féachaint ar rannpháirtíocht tograí atá suite sna ceantair chongaracha áiritheoidh Struchtúir Bainistíochta an Chláir go gcomhchruinneofar na hacmhainní in áiteanna ina mbeidh breisluach soiléir ag dul chuig an gcomhoibriú trasteorann agus ina bhfaibhreoidh tarbhí inláimhsithe ar cheantar an chláir. Dearbhófar fiúntas tograí den sort seo de réir gach cáis faoi leith.

1.5 Comhoibriú reatha agus thaithí ar obair chláir san am atá thart

Tá comhoibriú neamhfhoirmiúil idir an dá chuid den réigiún trasteorann ar siúl le fada an lá. Bhí roinnt grúpaí ann, grúpaí ar nós 'Central Sea Corridor', a bhí ag díriú ar nascanna iompair, agus Fóram Muir Éireann (Irish Sea Forum) a bhí ag díriú ar cheisteanna comhshaoil. Grúpa níos tábhachtaí ná hiad sin ab ea Comhpháirtíocht Mhuir Éireann (Irish Sea Partnership) a bhí mar bhonn ag an iarracht ar bhrústocaireacht chun go n-ainmneofaí Éire agus an Bhreatain Bheag mar cheantar mara a chuirfí san áireamh faoi INTERREG II.

Nuair a tháinig Cláir na hÉireann-na Breataine Bige INTERREG IIA agus IIIA ar an saol bhain an comhoibriú seo leibhéal nua amach a chuaigh chun sochair do mhuintir cheantar an chláir ar an dá thaobh den bhfarraige. Tugadh ceadú do bhreis is 200 comhthogra i gcaitheamh saolré na gclár seo. Bhain daoine agus eagraíochtaí ar feadh earnálacha ar fad an tsochaí tairbhe as an gclár, clár a aithnítear mar shlí fíor-chumasach chun nascanna le heagraíochtaí comhpháirtíochta thar lear a chur ar bun.

Is fíor gur chuir a lán eagraíochtaí le comhpháirtíochtaí i gcaitheamh an chláir INTERREG III a cuireadh ar bun i gcaitheamh clár na tréimhse 1994-1999. Táthar ag súil gur féidir na nascanna seo a chur chun cinn arís agus gur féidir leibhéal nua a bhaint amach do chomhoibriú trasteorann.

1.6 Clár INTERREG IIIA na hÉireann-na Breataine Bige 2000-06

Anseo thíos forbheathnú gairid ar na gníomhaíochtaí agus ar na hidirghabhálacha a cuireadh i ngníomh faoi Chlár INTERREG IIIA na hÉireann-na Breataine Bige i gcaitheamh na tréimhse 2000-2006 agus cífimid cad a fhéadfar a fhoghlaim maidir le forbairt an chláir seo. Tá athbhreithniú mionsonraithe ar an gclár ar fáil ar www.seregassembly.ie.

Cheadaigh Coimisiún na hEorpa Clár Tionscnamh Pobail INTERREG IIIA na hÉireann-na Breataine Bige 2000-2006 go foirmiúil ar an 23ú Samhain 2001-Cinneadh na Comhairle C (2001)2843.

Ba í aidhm an Chláir ná forbairt inbhuanaithe an réigiúin thrasteorann a chur chun cinn le cur chuige chomhtháite i leith forbairt gheilleagair, forbairt shóisialta agus forbairt chomhshaoil ar shlite a théann chun sochair do phobail áitiúla. Saothraíodh an aidhm seo i ndá thosaíocht ag a raibh sé bearta.

Tosaíocht 1: Forbairt Gheilleagair, Forbairt Shóisialta agus Forbairt Teicneolaíochta an Cheantair thrasteorann a spreagadh

Tosaíocht 2: Forás inbhuanaithe a bhaint amach trí bheith ag cur feabhais ar Chaighdeán an Cheantair Thrasteorann go ginearálta.

Leithdháiltí Airgid amhail Samhain 2006

Tosaíocht 1	Costas Iomlán Incháilithe (€ milliún)	Deontas CFRE (€ milliún)
Beart 1 – Forbairt Ghnó agus Fhiontair	13.01	9.02
Beart 2 – Forbairt Tuaithe agus Éagsúlú	11.86	8.12
Beart 3 – Oideachas, Oiliúint agus Forbairt Acmhainní Daonnad	10.98	7.36
Beart 4 – Cumarsáid i Teicneolaíocht agus Iompar	5.31	3.79
Tosaíocht 2		
Beart 1 – Forbairt Mhara agus Chósta agus an Comhshaol	12.84	8.99
Beart 2 – Cultúr, Oidhreacht agus Turasóireacht	14.21	9.64
Tosaíocht 3		
Beart 1 – Bainistíocht Chláir, Riarachán agus Forbairt	1.68	1.24
Beart 2 – Poiblíocht an Chláir, Measúnú agus Taighde	0.4	0.33
IOMLÁN	70.29	48.49

Dúnadh an chéad ghlaoch ar thairiscintí ar an 17^ú Bealtaine 2002 agus osclaíodh seacht mbabhta iarratais eile go Bealtaine 2006. Cuireadh breis is 200 comhthairiscint ar thograí isteach i gcaitheamh tréimhse an Chláir. Faoi mhí na Samhna 2006 bhí cead faighte ag ní ba mhó ná 100 díobh siúd i gcomhair maoinithe dar mhéid €47 milliún de dheontas as CFRE. I mí na Nollag 2006

baineadh úsáid as an leithdháileadh deontais a bhí fágtha sa Chlár chun tacú le síntí ar mhaoiniú chuig 11 cheann de thograí a bhí ceadaithe go foirmiúil.

Tá an tÚdarás Bainistíochta agus Íoctha suite in Oifig Chistiúcháin Eorpach na Breataine Bige. Tá an oifig seo ina chuid de Rialtas Tionóil na Breataine Bige. Tá oifig um idirchaidreamh chláir in Oifigí Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir i bPort Láirge in Oirdheisceart na hÉireann.

Ceachtanna a foghlaimíodh agus Treoracha don gClár 2007—13

Tá taithí nach beag faighte ag an gcomhpháirtíocht chláir de bharr oibríthe agus bainistithe ar Chlár INTERREG IIIA na hÉireann-na Breataine Bige. Tá an taithí a fuarthas agus na ceachtanna móra a foghlaimíodh ar cheann de na prionsabail threorach i dtaobh cur le chéile agus maidir le hoibriú an Chlár Oibriúcháin nua don tréimhse 2007-2013.

Ó thaobh comhfhorbairt agus comhbhainistiú togra de tá roinnt mhaith samplaí maithe de chomhoibriú, d'oibriú le chéile agus de mhalartú deachleachtais ann ó thréimhse an Chláir 2000-2006. Féachfaidh an Clár nua leis an deachleachtas agus an chomhghníomhaíocht a úsáid mar chloch bhoinn. Is rudaí iad seo gur éirigh thar cinn leo i réimsí ar nós malartú idir Fiontar Beaga, feabhsú na leibhéil scileanna, fiontar san oideachas, fuinneamh inbhuanaithe agus caomhnú agus cosaint an comhshaoil nádúrtha. Beidh sé i gceist ag an gClár tuilleadh breisluacha a chur ar fáil, leis, trí réimsí nua feidhmithe a lorg de réir mar atá leagtha amach san straitéis agus sa tosaíocht um ghníomhú.

Tá páipéar eile ar chúlra ina dtugtar eolas níos mionsonraithe ar thaithí agus ar cheachtanna a foghlaimíodh ó Chlár INTERREG IIIA na hÉireann-na Breataine Bige 2000-2006 ar fáil sa mhír faoi Éirinn/an Bhreatain Bheag ar www.seregassembly.ie.

1.7 Naisc stairiúla agus naisc chultúrtha

Is é an rud is tábhachtaí a nascann Éire agus an Bhreatain Bheag ná Muir Éireann. Mar sin féin tá tábhacht mhór ag baint le gnéithe den stair agus den gcultúr, chomh maith. Ó thaobh na staire agus an chultúir de tá nasc idir an dá thír ó am na Meánchlochaoise i leith (7000BC-4000BC); Thángthas ar iarsmaí na gcéad lonnaitheoirí agus ar fhianaise ar a gcuid áiteanna lonnaithe faoin gcósta ar oileáin agus i ndumhcha gainní timpeall Muir Éireann. Tá pátrún na nascanna le feiscint ar feadh na réamhstaire ar fad, go háirithe in aimsir na gCeilteach, agus tá teanga agus cultúr Ceilteach ó dhúchais ag an dá thír sa lá atá inniu ann. Is dhá cheann de náisiúin Cheilteacha an domhain iad agus is dá bhri sin go bhfuil miotas agus scéalta na hÉireann agus na Breataine Bige ceangailte lena chéile san iliomad slite. Is cuid thábhachtach den oidhreacht iad atá againn mar aon. Bíodh is gurb é an Béala an teaga is mó san dá thír sa lá atá inniu ann tá an

Bhreatnais fós fíor-láidir sa cheantar INTERREG. Tá dhá Ghaeltacht sa chuid Éireannach den réigiún trasteorann i gCo. Phort Láirge agus i gCo. na Mí, agus lasmuigh de sin tá dul chun cinn á dhéanamh ag an nGaeilge sa cheantar go ginearálta.

Táthar ag dul trasna Muir Éireann ó na meánaoiseanna i leith agus ba mhinic í bheith ina foinse achrainn mhóir agus athraithe stairiúil. Tá an t-idirghníomhú ar siúl gan stad agus in aimsir na réabhlóide tionsclaí bhí Éireannaigh ag taisteal ina sluaite go dtí an obair sna mianaigh, sna hoibreacha cruach, sna dugaí agus sna coiréil sa Bhreatain Bhig.

Chuaigh Éire ar bhealach forbartha a bhí difriúil le bealach na Breataine Bige de thoradh na n-athruithe polaitiúla a tharla sa chéad leith den bhfichiú aois, nuair a saoradh ó riail na Breataine í. Mar chuid den bpróiseas deabhlóide agus de bhunú Rialtas Tionóil na Breataine Bige táthar ag iarraidh an caidreamh idir an dá thír a athbheochaint. Is fianaise air seo an chéad chuairt oifigiúil ó cheannairí polaitiúla na Breataine Bige ón deabhlóid sa bhliain 2000, nuair a tháinig an Céad-rúnaí agus Rúnaí Stáit na Breataine Bige go Baile Átha Cliath, chomh maith le oscailt Consalachta Éireannaí i gCardiff.

Ón aimsir seo i leith tá cuairteanna airí ar siúl idir an dá thír. Sheol an Taoiseach agus an Chéad Aire Clár na hÉireann-na Breataine Bige 2000-2006 le chéile ag ócáid iomráiteach i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra 2002. Lean tréimhse an-rathúil é seo ó thaobh comhoibrithe de idir mórán eagraíochtaí difriúla in Éirinn agus sa Bhreatain Bhig. Forbraíodh breis is 100 togra trasteorann atá ag dul chun sochair do mhuintir an réigiúin i gcónaí. Cuireadh an caighdeán maith atá ag cuid de na tograí os comhair an phobail i mbróisiúr Clár a deineadh i gcomhar lena chéile agus a foilsíodh i 2006.

1.8 An próiseas comhchláirithe

I mí na Márta 2006 bhí cruinniú ag Oifig Cistiúcháin Eorpach na Breataine Bige leis an Roinn Airgeadais agus le Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir. Comhaontaíodh go n-aistreofaí ról an Údaráis Bainistíochta agus Deimhniúcháin go hÉirinn don tréimhse nua chlár ar mhaithe le comhpháirtíocht. Comhaontaigh na hÚdaráis Éireannacha go nglacfaidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir na ról seo.

Cuireadh tascfhórsa clár nua ar bun ina dhiaidh seo ina bhfuil oifigigh ón dá eagras, an Tionól Réigiúnach agus Oifig Cistiúcháin Eorpach na Breataine Bige³.

³ Stephen Blair, Stiúrthóir Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, Simon Baily, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, Damien O'Brien, Stiúrthóir ar Phleanáil agus Straitéis, Oifig Chistiúcháin Eorpach na Breataine Bige, Mike Pollard, Oifig Chistiúcháin Eorpach na Breataine Bige.

Ina dhiaidh sin reáchtáladh roinnt cruinnithe idir pháirtithe leasmhara in Éirinn agus sa Bhreatain Bhig. Bhí dhá chruinniú ar siúl ag ranna rialtais i mBaile Átha Cliath chun eolas a chur ar fáil maidir leis an tréimhse chlár nua agus chun tuairimí na ngníomhaireachtaí ábhartha a fháil amach i dtaobh na nithe ar mhaith leo a bheith san áireamh sa chlár nua. Tá liosta de na ranna agus de na ngníomhaireachtaí go léir ar fáil in Aguisín I.

Cuireadh próiseas mar seo ar siúl sa Bhreatain Bhig leis: cuireadh an Grúpa Oibre um Chomhoibriú idir Chríochta ar bun ar a bhfuil Oifig Cistiúcháin Eorpach na Breataine Bige mar chathaoirleach. Is í an aidhm a bhí ag an ngrúpa seo ná planáil agus ullmhúchán a dhéanamh do Chláir Chomhoibrithe idir Chríocha ina bhfuil an Bhreatain Bheag rannpháirteach. Bhí seacht gcruinnithe ag an nGrúpa seo agus bhí baint ghníomhach aige in ullmhúchán na dtosaíochtaí do Chlár na hÉireann-na Breataine Bige agus ina bhfoirmiú. Tá liosta de na heagraíochtaí a bhí rannpháirteach sa ghrúpa seo ar fáil in Aguisín I.

Bhí comhchruinniú ar siúl idir ionadaithe ón dá dhlínse ar an 2^ú Meitheamh 2006 agus glacadh sa chruinniú seo le moladh an tascfhórsa ar son an dá thosaíocht ar a ndeintear cur-síos mion i gcaibidil 4 den gClár Oibriúcháin seo.

Ceapadh Fitzpatrick Associates, Baile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le Old Bell 3 agus le CRG Research ón mBreatain Bhig mar Mheastóirí Ex Ante i mí Aibreáin 2006 mar thoradh ar phróiseas tairisceana. Reáchtáladh cruinnithe idir an tascfhórsa agus na meastóirí i mí Mheithimh, i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna 2006 agus reáchtáladh cruinniú eile ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2007 chun an tuarascáil dréachta dheiridh a phlé.

Bhí an dréacht-chlár ar fáil i gcomhair comhairleoireachta poiblí chomh maith. Foilsíodh é ar shuíomhanna gréasáin Oifig Cistiúcháin Eorpach na Breataine Bige agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir ar an 14^ú Nollaig agus fágadh orthu é ar feadh 8 seachtaine. Cuimsíodh tuairimí agus moltaí a fuarthas sa Chlár Oibriúcháin de réir mar ba chúí. Tá liosta de na heagraíochtaí a thug aighneachtaí i scríbhinn san áireamh in Aguisín II.

CAIBIDIL 2

Próifíl an Réigiúin agus Anailís LLDB

2.1 Brollach

Sa Bhreatain Bhig tá na contaetha seo a leanas i limistéar Clár na hÉireann-na Breataine Bige: Carmarthenshire, Pembrokeshire, Ceredigion, Ynys Mon (Oileán Anglesey), Gwynedd, Conwy, Denbighshire agus in Éirinn is iad na trí réigiún NUTS III seo atá ann: Baile Átha Cliath, an Lár-Oirthear agus an Oir-dheisceart. Bíodh agus gur deineadh iarracht staitisticí comhchuibhrithe a sholáthar maidir leis na sonraí Éireannacha agus na sonraí Breatnacha ba chóir a thuiscint nárbh fhéidir é seo a dhéanamh i ngach aon chás toisc sraitheanna difriúla agus saghsanna difriúla tuairiscithe a bheith ann san dá dhlínse.

Sonraí bunúsacha sóch-eacnamaíocha Réigiún Trasteorann na hÉireann-na Breataine Bige

Tábla 1 – An Comhthéacs Geografach⁴

Táscairí Geografacha	An Réigiún Trasteorann	Taobh na hÉireann	Taobh na Breataine Bige
Daonra (milliún)	2.827	2.06** measta	767,000*** measta
Achar (cilim. cearn.)	27,400	16,391	11,009
dlús daonra (daoine in agh, an chilim. chearn.)	103.2	125.7	69.7
Mórionaid uirbeacha	2	2	0
Líon na bhforas ardoid.	14	10	4

Foinsí: An Lároifig Staidrimh agus Oifig um Staitisticí Náisiúnta

Ceantar sách-bheag is ea réigiún na teorann idir Éirinn agus an Bhreatain Bhig. Tá sé ar an dtaobh thiar thuaidh den AE agus is é 2.827 milliún an daonra iomlán atá ann. Tá Muir Éireann idir dhá thaobh an réigiúin agus is í seo an gné is tábhachtaí atá aige. Tá ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe ar an dtaobh Éireannach agus ar an dtaobh Breatnach chomh maith, ach toisc go bhfuil Baile Átha Cliath, áit atá ina mórionad uirbeach, sa chéad cheann díobh thuas tá daonra níos dlúithe ar an dtaobh Éireannach den réigiún. Léirítear an deighilt idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe sa réigiún ina iomláine i gceantair ilchineálacha ina bhfuil dlús daonra an-ard agus iad siúd ina bhfuil dlús daonra an-íseal. Tá fadhbanna maidir le bheith i bhfad amach ar an imeall ag an dá chuid den limistéar.

⁴ Eochair do na sonraí - 2006* 2005** 2004*** 2003**** 2002*****

Tábla 2 – Méideanna Trádála⁵

	Ón Bhreatain Bheag go hÉirinn	Ó Éirinn go dtí an Bhreatain Bheag
Onnmhairiú ar bhóthar de réir tíre, de thonnaí díluchaithe	Ní bhaineann	1,884,469 tonna**
Allmhairiú ar bhóthar de réir tíre, de thonnaí díluchaithe	Ní bhaineann	1,111,343 tonna**
Luach ábhar onnmhaithe/allmhairithe (£000)	847,351**	126,771**
Isteach ar bhád farantóireachta	Ní bhaineann	743,000 aonad bád farantóireachta ***
Gluaiseacht paisinéirí ar farraige	3.26 milliún***	3.23 milliún***
Feithiclí paisinéara le daoine	807,000**	807,000***

Foinsí: Cumann Easpórtálaithe na hÉireann; Oifig um Staitisticí Náisiúnta agus Staitisticí Iompair na Breataine Bige

Is í Muir Éireann an príomhbhealach taistil idir dhá chuid an réigiúin. Tá fianaise le feiscint i gcalafóirt ar dhá thaobh an réigiúin ar an ngluaiseacht mhor earraí, seirbhísí agus daoine a tharlaíonn gach bliain. Cé gur dócha go bhfuil ceann scríbe mórán de na hearraí a thagann isteach sa Bhreatain Bhig ó Éirinn i margaí eile níos sia ar aghaidh, léiríonn sé mar sin féin an tabhacht atá ag baint leis an nasc trasteorann seo.

⁵ Eochair - sonraí * 2006 **2005 ***2004 ****2003*****2002

Tábla 3 – Geilleagair/Lucht Oibre

Clár oibre Liospóin/Táscairí Eacnamaíochta	An chuid Éireannach den Réigiún	An chuid Bhreatnach den Réigiún
OTI per capita (iomlán) ⁶	€39,016 ^{*****}	£10,022 ^{****}
Innéacs OTI per capita (Stát =100)	110	78.8
Fostaíocht (mílte)	991.9 ^{**}	317.8 [*]
Dífhostaíocht (ráta)	4.2 ^{**}	4.2 [*]
Ráta Fostaíochta (% den daonra idir 15-64 bl. (É) 16-/59-64 bl. (BB))	69.3% ^{**}	71.9% [*]
Ráta gníomhaíochta (% den daonra idir 15-64)	72.5% ^{**}	75.2 [*]
Ráta dífhostaíochta na ndaoiné óga	8% [*]	10.6 [*]
Luathfhágáil scoile	12.9%	13%
Ghnóthais (in aghaidh 1000 den daonra)	75 ^{**}	45
Caiteachas ar thaighde agus forbairt ⁷ (%OTI)	1.2% ^{***}	1.3% ^{****}
Líon iomlán taighdeoirí ⁸	13,653 ^{****}	6,800 ^{****}
Líon na gcuideachtaí a dheineann taighde agus forbairt ⁹	858 ^{****}	Aithníodh 37% de ghnóthais Bhreatnacha mar ghnóthais atá gníomhach ó thaobh nuálaíochta de. ¹⁰
Féinfhostaithe ¹¹	15.9% [*]	17% ^{***}
Fostaíocht i seirbhísí	67% [*]	75.4% ^{****}
Fostaíocht sa tionscal	27.3% [*]	18.4% ^{****}
Fostaíocht sa talmhaíocht	5.7% [*]	6.3% ^{****}

Foinsí: Lároifig Staidrimh, Forfás, Eurostat agus Oifig Staitisticí Náisiúnta
De thoradh na ndifríochtaí idir na staitisticí atá ar fáil do cheachtar de dhá thaobh
an réigiúin is deacair aon rud a dhearbhu go láidir ach is féidir tátáil ghinearálta a
dhéanamh mar sin féin.

⁶ Baineann an figiúr Éireannach leis an tír tríd is tríd

⁷ Tá an figiúr OTI d'Éirinn tríd is tríd

⁸ Tagraíonn an figiúr in Éirinn agus an míniúchán atá ag gabháil leis do Réigiún NUTS II an
Deiscirt agus an Oirthir (níl sonraí ar leibhéal NUTS III ar fáil).

⁹ Tagraíonn an figiúr Éireannach do Réigiún NUTS II an Deiscirt agus an Oirthir

¹⁰ Foinsé: Suirbhé um Nuálaíocht Phobail

¹¹ Taispeántear na staitisticí fostaíochta mar chéatadán den bhfostaíocht iomlán

Tá dul chun cinn eacnamaíoch suntasach déanta ag an dá chuid den réigiún le blianta beaga anuas. Tá laghdú mór tagtha ar an dífhostaíocht i limistéar an chláir; tá méadú tagtha ar an OTI in aghaidh an duine sa Bhreatain Bhig i gcoibhneas le AE25 i gcaitheamh na mblianta deireanacha ach tá mórán le baint amach go fóill. Tá fás mór tagtha ar rátaí OTI in aghaidh an duine in Éirinn bliain i ndiaidh bliana, leis, le blianta beaga anuas.

Tá gné amháin ag an dá réigiún le chéile, is é sin go bhfuil an méid a chaitear ar Thaighde agus Forbairt go maith íseal agus go gcaithfear é a ardú má theastaíonn ón réigiún dul in iomaíocht go héifeachtach laistigh den AE agus tabhairt faoi dhúshlán Straitéise Liospóin.

Caithfidh an dá chuid de limistéar an chláir tabhairt faoi mhórán dúshlán chun a chinntiú go mbeidh bonn na Taighde agus na Forbartha den scoth ann. Sa réigiún NUTS II thoir tá líon na dtaighdeoirí mar choin den bpobal gníomhach níos mó ná 18% níos airde ná meán an AE15. Maidir le gnéithe eile tá an réigiún go mór chun deiridh ar mheán an AE, áfach, i dtaobh caiteachais ar T & F mar chéatadán den OTI ar feadh na n-earnálacha ar fad.

Ba chóir dúinn tabhairt dár n-aire, áfach, gur mhéadaigh ar an gcaiteachas ar thaighde agus fhorbairt mar ghlanmhéid i gcaitheamh na mblianta seo caite ach nach bhfuil an méid céatadánach chomh soiléir sin de bharr fás láidir na heacnamaíochta.

Ar thaobh Breatnach an chláir tá leibhéal an chaiteachais ar T & F níos ísle san earnáil ghnó i gcomparáid le réigiúin eile den RA (55%) agus tá sé faoi bhun cuspóir Liospóin atá chomh hard le 67%.

Is ionann líon na ndaoine atá ag obair i bpostanna a bhaineann le taighde agus 2.1% nó mar sin den bhfostaíocht iomlán sa cheantar. Tá sé seo níos ísle ná an céatadán don Bhreatain Bhig ar fad, is é sin, 2.4%, agus an céatadán don RA, atá chomh hard le 2.3%. Tá líon na dtaighdeoirí sa Bhreatain Bhig Thiar agus sna Gleannta níos ísle in aghaidh 10,000 den daonra ná mar atá sé sa Bhreatain Bhig agus sa RA ina n-iomláine.

Gné suntasach eile atá ag dá thaobh an réigiúin le chéile ná líon na ndaoine a fhágann an scoil go luath. Rud é seo as a leanann go bhfuil an ráta dífhostaíochta óige san dá chuid de limistéar an chláir i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta.

Tábla 4 – Riachtanas/Ídiú Fuinnimh sa Réigiún Trasteorann

Riachtanas/Ídiú Fuinnimh ¹²	2003 – Éire	2003 – An Bhreatain Bheag
Ola/Earraí peitriam	54.1%	44.4%
Gás nádúrtha	24.9%	38%
Gual	12.9%	1.9%
Móin	5.7%	n/a
Fuinneamh inathnuaite	1.8%	0.5%
Aibhléis allmhairithe	0.7%	n/a
Aibhléis	n/a	13.7%
Breoslaí monaraithe	n/a	2.3%

Foinse: Eurostat agus An Roinn Iompair agus Tionscail

Tábla 5 – Táscairí Comhshaoil sa Réigiún Trasteorann

Táscairí Comhshaoil	An chuid Éireannach den Réigiún	An chuid Bhreatain den Réigiún
Astucháin CO2 per capita	10.5	3.9 (2003)
Dramhaíl bhardais arna giniúint (kg per capita)	869	632 (2005-06)
Dramhaíl bhardais arna cóireáil i líonadh talún treated by landfill (kg per capita)	397	460 (2005-06)

Foinse: Eurostat agus An Oifig Staidrimh Náisiúnta

Tá níos mó tábhacht ag baint le beartas fuinnimh agus soláthar fuinnimh le blianta beaga anuas de thoradh go bhfuiltear ag díriú níos mó ar dhul i ngleic le hathrú aeráide, rud ag a bhfuil dlúthbhaint le Prótocal Koyoto. Léiríonn na méideanna thuas na riachtanais fuinnimh san sá chuid den réigiún agus is ábhar suime é spleáchas an réigiúin ar ola agus ar ghás nádúrtha.

Caithfidh an réigiún aghaidha thabhairt leis, ar dhúshlán maidir lena fheidhmíocht i gcúrsaí comhshaoil. Léiríonn na méideanna go bhfuil dúshlán roimh an réigiún más mian léi a chuid dualgas faoi Phrótocal Koyoto a chomhlíonadh, agus i dtaobh réimsí ar nós bainistíocht dramhaíola chomh maith.

¹² Sonraítear na figiúirí Éireannacha mar phríomhriachtanas fuinnimh de réir saghas breosla, sonraítear na figiúirí Breatain mar ídiú fuinnimh iomlán (baile, tráchtála, iompar). Baineann na figiúirí Éireannacha leis an gceantar NUTS II agus léiríonn na figiúirí Breatain scéal na Breataine Bige ina hiomláine.

2.2 Próifíl an Réigiúin – Athchoimre

Ullmhaíodh anailís shóch-eacnamaíoch agus déimeagrafach mhionsonraithe don chuid Bhreatnach agus don chuid Éireannach de Limistéar an Chomhoibrithe idir Chríocha. Tá sé seo ar fáil ar www.seregassembly.ie. Tá de chuspóir ag an mír seo achoimre a chur fáil mar roghbhlúirí chun léargas ar phróifíl an réigiúin iomlán a thabhairt. Ullmhaíodh próifíl an réigiúin le cúnaimh an struchtúir a thugtar i dTreoirínte an Chomhphobail ar Chomhtháthú.

a) Tarraingteacht Réigiún Teorann na hÉireann-na Breataine Bige

Tá difríocht bheag sna treochtaí déimeagrafacha tar éis teacht chun cinn san dá chuid de réigiún na teorann le blianta beaga anuas. Tá fás an daonra sa chuid Éireannach á chur chun cinn ag méadú dearfach nádúrtha agus ag inimirce ghlan i dteannta a chéile ach níl sé á chur chun cinn sa chuid Bhreatnach ach ag an gceann deiridh. Is é tátál maith amháin a fhéadfar a bhaint as an méid seo ná go léiríonn inimirce san dá chuid den limistéar go bhfuil siad tarraingteach, i gcomórtas le réigiúin eile, mar áiteanna cónaithe agus oibre. Ach tá dúshlán beartais fós le sárú atá ag gabháil leis na tairbhí seo. Caithfear líon mór na n-imirceach ó mhórán cultúr éagsúl a chomhshamlú agus cóiríocht a chur ar fáil dóibh. Tá pobal na ndaoine atá ag druidim i leith na haoise ag dul i méid san dá chuid den réigiún trasteorann. Is dúshlán eile é seo atá rompu mar beidh gá le réimse seirbhísí poiblí cuí agus leis an airgeadú a bheidh ag teastáil chun iad a chur ar fáil san am le teacht.

Tá fás eacnamaíoch nach beag san dá réigiún le blianta beaga anuas, go háirithe i bhfo-réigiúin Bhaile Átha Cliath agus san Lár-Oirthear. Mar sin féin bhí an fás eacnamaíoch i roinnt codanna den réigiún in Éirinn agus sa Bhreatain Bhig ní ba mhoille ná meán an AE agus ní ba mhoille ná meáin náisiúnta a dtíortha féin faoi seach. Má dhírítear aird ar na héagothoimí atá ann tá leibhéil an OTI per capita i bhfad níos airde sa chuid Éireannach den réigiún i gcomórtas le meán an AE agus le meán na hÉireann féin ach tá a mhalairt i gceist ar an taobh Breatnach den limistéar. Cé go raibh fás suntasach ann i mórán codanna den réigiún ina iomláine tá áiteanna ann i gcónaí ina bhfuil bochtanas agus easpa suntasach imeasc an phobail i gceantair thuaithe agus i gcathracha araon. Tá na fadhbanna seo tar éis dul in olcas de dheasca roinnt codanna den réigiún iomlán a bheith amuigh ar an imeall i gcónaí. Tá an fhadhb seo níos measa fós de dheasca droch-nascanna le seirbhísí riachtanacha. Tá a lán nascanna sóisialta agus cultúrtha ag an réigiún, áfach, agus tá méid áirithe suime á léiriú acu ina chéile laistigh den Aontas Eorpach níos fairsinge.

Is í Muir Éireann an comhartha fisiciúil is suntasaí den réigiún trasteorann. Dá thoradh sin is tríd an aer nó thar mhuir atá na nascanna fisiciúla idir an dá chuid den Limistéar. Nascanna iad seo atá go maith forbartha agus atá ann le fada an lá. De bharr na nascanna iompair fisiciúla seo tá nascanna láidre stairiúla, sóisialta agus cultúrtha tar éis fás idir an taobh Breatnach

agus an taobh Éireannach. Táthar tar éis infheistíochtaí móra a dhéanamh i mbonneagar bóithre san dá chuid den limistéar le blianta beaga anuas ach caithfear i bhfad níos mó dul chun cinn a dhéanamh sa limistéar chun go mbeidh sé ar chomhchéim le gnáthchaighdeán an AE, chun feabhas a chur ar rochtaineacht agus ar chomhcheangailteacht idir an dá chuid den réigiún agus leis an AE níos sia amuigh.

Cuireann beartais san dá chuid den réigiún trasteorann tábhacht na gceisteanna comhshaoil i leith an gheilleagair agus i leith an chaighdeán saoil. Tabharfar tosaíocht ard do laghdú ar astúcháin gáis cheapta teasa i gcónaí san dá dlínse. Is beag úsáid a bhaintear as foinsí inathnuaite fuinnimh i gcónaí san dá chuid den réigiún trasteorann ach tá céatadán na húsáide in iarthar na Breataine Bige agus sna Gleannta ar na céatadán is airde atá ar fáil i réigiúin na Ríochta Aontaithe. Tá tosaíocht tugtha ag an mbeartas rialtais san dá dlínse do mhéadú mór a chur ar fuinnimh inathnuaite. Iarracht é seo atá á déanamh acu chun na spriocanna Kyoto atá acu faoi seach a bhaint amach. Tá an dá chuid den réigiún trasteorann ag brath go mór ar allmhairiú. Is rúd é seo a mhéadaíonn a leochaileacht ó thaobh an gheilleagair de, de thoradh ar mhargaí fuinnimh idirnáisiúnta a bheith luaineach neamhchinnte. Cúis sa bhreis í seo leis, go bhfuil béim láidir á cur acu ar úsáid fuinnimh inathnuaite a mhéadú.

Tá ceantair thuithe mhóra sa réigiún trasteorann agus dá bhrí sin is tosaíocht mhór beartais iad ceisteanna comhshaoil, lena n-áirítear aibhneacha, locha, gnáthóga fiadhúlra, bainistiú dramhaíola agus mar sin de. Táthar ag tabhairt faoi na ceisteanna comhshaoil i roinnt bearta éagsúla san dá dlínse chun na gnéithe agus na ceantair seo a chosaint. Imeasc na gceisteanna seo ar fad tá méadú ar dhramhaíl bhardais agus an drochthoradh atá uirthi seo sa gcomhshaoil tar éis éirí ina gceisteanna pobail le blianta beaga anuas. Tá brú á chur ag údaráis rialála agus ón bpobal níos leithne araon atá inníoch faoin gcaighdeán saoil i limistéar an chláir.

b) Nuálaíocht, fiontraíocht agus fás ar eacnamaíocht an eolais in Éirinn agus sa Bhreatain Bhig

Tá forás nach beag ar fhostaíocht sna tionscail ard-teicneolaíochta, go háirithe ar thaobh Éireannach an réigiúin. Tá dúshlán den saghas céanna roimh an dá chuid den réigiún trasteorann maidir le réimse ar fad na taighde, forbairt na teicneolaíochta agus na nuálaíochta, áfach. Cé go bhfuil méadú tagtha ar ar baineadh amach san oideachas ar dhá thaobh na teorann níl aon ardú comhfhreagrach a bhaineann leis seo tagtha ar ghníomhaíochtaí Taighde agus Forbairt (T&F), go háirithe imeasc gnóthais dhúchasacha. Maidir le caiteachas ar Thaighde & Forbairt i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide níl Éire ná an Bhreatain Bheag ag déanamh ró-mhaith in aonchor i gcoimhmheas le heacnamaíochtaí forbartha eile, agus tá gá le mórán feabhsúchán más maith leis an réigiún i ngiorracht do na spriocanna atá sainmhínithe i gClár Oibre Liospóin.

Maidir leis seo tá géarthuiscint ag an dá thír go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach cultúr na fiontraíochta a spreagadh agus éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt a dhéanamh ar ghnólachtaí nuálaíocha go bhfuil acmhainneacht ard fhoráis iontu. Mar thomhas ar an scéal seo is féidir a rá go raibh méadú nach beag gach bliain suas chuig 2004 ar líon na ngnólachtaí atá cláraithe i gcomhair CBL in Éirinn ina hiomláine (méadú de 15%) ach tá leibhéal na ngnólachtaí atá cláraithe i gcomhair CBL sa Bhreatain Bhig ábhairín níos ísle ná meán na Ríochta Aontaithe. Ach má fhéachtar ar na hearnálacha éagsúla faoi leith is léir go bhfuil mórán dul chun cinn le déanamh go fóill chun leibhéal na ngnóthlachtaí seirbhíse nuálaíocha ardchaighdeán a ardú i gceantair an chláir. I gcomórtas le ceantair eile tá mórán talmhaíocht, táirgeadh agus riarachán poiblí in Iarthar na Breataine Bige agus sna Gleannta agus níl mórán gnólachtaí nó seirbhísí airgeadais iontu. Tá timpeallacht dhifriúil in Éirinn ach tá mar sin féin tá dúshláin romhainn ansin chomh maith. Cé go bhfuil méadú maith ar líon na gclárúchán i gcomhair CBL imeasc cuideachtaí teicneolaíocht faisnéise (méadú de 12%) tá méadú i bhfad níos mó in earnálacha na foirgníochta agus na maoinne (méadú de 25% agus 40% faoi seach).

Ó thaobh bonneagar leathanbhannda de, tá rátaí glactha ísle i mórán áiteanna den limistéar iomlán, go háirithe i gceantair thuaithe agus imeasc Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Ábhar imní is ea seo go háirithe ós rud é go bhfuil na rátaí ag a bhfuil leathanbhannda á chur ar fáil in Éirinn agus sa Bhreatain Bhig íseal i gcomórtas le tíortha eile an AE, roinnt mhaith de na Ballstáit nua ina measc. Aithnítear an tábhacht mhór atá ag an dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide don gcumas iomaíochta agus don gcumas spriocanna Clár Oibre Liospóin a bhaint amach agus dá bhrí sin tá beartas rialtais an dá dlínse ag díriú ar rátaí glactha a mhéadú agus ar thabhairt faoi shrianta toillte. Tá gníomhú faoi leith rialtas na hÉireann ag díriú ar líonraí achar cathrach a fhorbairt atá á thógáil chun fáil ar leathanbhannda a sholáthar i gcodanna den tír nach féidir leo teacht ar an tseirbhís go fóill.

c) Níos mó postanna agus postanna níos fearr a chruthú in Éirinn agus sa Bhreatain Bhig

Tá cúinsí an mhargadh oibre go ginearálta ar fud an réigiún trasteorann go maith le blianta beaga anuas. Chonacthas fás an-mhór sa bhfo-réigiún Éireannach (go háirithe i mBaile Átha Cliath agus sa Lár-oirthear). Cé nach bhfuil ag éirí chomh maith leis seo le Iarthar na Breataine Bige agus leis na Gleannta tá fás suntasach tagtha ar na háiteanna seo leis, le blianta beaga anuas. Tá cion na fostaíochta san eanáil sheirbhíse tar éis teacht chun cinn san dá chuid de réigiún na teorann sna blianta deireanacha. Tá na rátaí difhostaíochta ar an taobh Éireannach agus ar an taobh Breatain araon tar éis titim sna blianta deireanacha agus tá cuma mhaith orthu i gcomparáid le meánrátaí fostaíochta an AE.

Aithnítear san dá chuid den limistéar go gcaithfear dul i ngleic le heaspa scileanna oibre ag am go bhfuil dúshláin rompu atá ag gabháil le spriocanna Liospóin um eacnamaíocht an eolais agus na nuálaíochta a bhaint amach. Tá cion réasúnta mór de phostanna san earnáil breisluacha airde ag Baile Átha Cliath agus ag an Lár-oirthear ach níl mórán díobh sna ceantair eile den limistéar ina iomláine. Dá thoradh sin tá ceisteanna tromchúiseacha ann maidir le feabhsú próifíl scileanna oibríthe go gcaitheann an réigiún aghaidh a thabhairt orthu ós rud é go léiríonn treochtaí go bhfuil éileamh ar dhaoine ag a bhfuil scileanna ísle ag titim riamh is choíche. Tá sé seo á chruthú leis, ag na staitisticí dífhostaíochta atá níos airde do dhaoine ag a bhfuil scileanna ísle.

Ar an gcuma chéanna, tá bonn na Taighde & Forbartha agus na nuálaíochta san dá chuid den limistéar go mór chun deiridh ar mheán an AE. Tá a lán fostaíochta fós in earnáil na déantúsaíochta sa réigiún nach dtáirgeann ach earraí ag a bhfuil breisluach íseal. Tá brú ag teacht ar an earnáil seo de réir a chéile ó gheilleagair ag a bhfuil boinn chostais níos ísle. Is é chaitheann a dhéanamh chun tuilleadh postanna agus chun postanna níos fearr a chruthú ná feidhmeanna tábhachtacha a fhorbairt in eagraíochtaí, feidhmeanna cosúil le T&F, mar shampla, atá ag brath ar céimithe ollscoile dea-oilte agus nach bhfuil chomh leochaileach sin i leith athruithe costais mar atá na línte táirgthe. Is féidir tuilleadh cúnamh a thabhairt don obair seo trí nascanna níos fearr idir institiúidí ardoideachais agus breisoideachais agus idir tionscail an réigiúin, is é sin, tionscail dhúchasacha agus ilnáisiúnta araon, a chur chun cinn.

2.3 LLDB Réigiúnach

Ullmhaíodh anailísí mionsonraithe LLDB do chodanna dáilcheantair an réigiún trasteorann agus ba phointe tosaigh é seo chun anailís LLDB trasteorann a chur le chéile. Is féidir féachaint ar orthu sa mhír faoi Éirinn/an Bhreatain Bheag ar www.seregassembly.ie.

Ba bhunchloch iad na LLDBna faoi leith chun LLDB trasteorann a dhéanamh go bhfuil de chuspóir aige achoimre a thabhairt ar phíomhghnéithe an réigiún trasteorann, na nithe atá i gcoiteann againn agus na nithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid den gcomhstraitéis fhorbartha don réigiún.

Láidreachtaí

- Timpeallacht nádúrtha mhaith i mórán codanna den réigiún trasteorann a mheallann daoine aonair agus lucht infheistíochta.
- Fás láidir ar an daonra san dá chuid den réigiún trasteorann, mórán de sin mar thoradh ar inimirce ghlan.
- Margadh saothair láidir i limistéar an chláir. Tá mar thréithe aige go bhfuil ardú fostaíochta ann agus go bhfuil leibhéal dífhostaíochta ag titim ann, bíodh is go bhfuil a lán easpa gníomhaíochta sa Bhreatain Bhig i gcónaí.

- Leibhéal ísle díothachta ginearálta cé go bhfuil roinnt áiteanna díothachta i gceantair uirbeacha agus thuaithe.

Laigí

- Bonn lag Forbartha Taighe agus Teicneolaíochta agus Nuálaíochta i gcoibhneas le geilleagar níos aibí; tá an dá chuid den réigiún chun deiridh ar mheán an AE i gcónaí maidir le mórchuid na dtáscairí d'Fhorbairt Taighde, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, agus infheistíocht íseal sa réimse seo dá thoradh.
- Tá na dúshláin chéanna roimh an dá réigiún i ndáil le hoideachas agus oiliúint. Caithfear cinntiú go gcuirfidh oiread daoine agus is féidir a n-oideachas dara leibhéal i gcrích, go bhfeabhsófar próifíl scileanna daoine san dá thír agus go mbeidh cur chuige níos dírithe ann d'fhoghlaim fadsaoil.
- Tá na dúshláin chéanna roimh an dá réigiún i ndáil le forbairt bonneagair. Tá bearnaí ag teacht chun cinn sa bhonneagar in Éirinn nach bhfuil an infheistíocht ach ar éigean ar chomhchéim le leibhéal an fhoráis an geilleagair iontu. Baineann níos mó den dúshlán sa Bhreatain Bhig le sárú na bhfadhbanna atá ann de thoradh ar bheith i gceantar forimeallach, áfach.
- Tá na dúshláin chéanna roimh an dá réigiún i ndáil le teacht ar sheirbhís idirlín ardluais i gceantair níos forimeallaí. Tá gá le hidirghabháil ón earnáil phoiblí sa réimse seo ar dhá thaobh réigiún na teorann, rud a léiríonn an gátar.
- Tá éagthroimí sofheicthe laistigh den réigiún trasteorann, mar shampla rath na heacnamaíochta agus an plódú atá ag gabháil leis i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Féadtar é seo a chur i gcodarsnacht leis an gcuid Bhreatnach den réigiún, cuid atá ina ceantar tuaithe forimeallach má chuirtear le hais na coda eile den Bhreatain Bhig í.
- Tá dúshlán thábhachtacha roimh an dá chuid den réigiún maidir lena gcuid dualgas i dtaobh Kyoto a chomhlíonadh agus maidir le tabhairt faoi na ceisteanna níos ginearálta a bhaineann le hathrú aeráide.
- Tá teorainn mhara á roinnt ag an dá réigiún agus tá na dúshláin chéanna rompu maidir le réimsí ar nós caighdeán uisce, bithéagsúlacht agus brú ar an gcomhshaol de dheasca forbartha ar cheantair chathrach, thuaithe agus ar cheantair chósta, lasmuigh de cheisteanna eile.

Deiseanna

- Acmhainn chomhoibrithe do ghnólachtaí trí líonraí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta as a d'fhéadfadh feabhas teacht ar tháirgiúlacht.
- Cultúr fiontraíochta a spreagadh agus forbairt gnólachtaí nuálaíochta a éascú.
- Tairbhí eacnamaíochta a d'fhéadfadh oibrithe imirceacha ó stáit aontachais a thabhairt don réigiún a uasmhéadú.
- Ag tógáil ar líonraí sean-bhunaithe le institiúidí ardoideachais agus breisoideachais agus le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide.

- Próifíl scileanna an lucht saothair a fheabhsú chun freagairt do na dúshlán atá ag gabháil le domhandú agus do riachtanais Chlár Oibre Liospóin.
- Comhbhainistiú ar an dtimpeallacht nádúrtha agus ar na hacmhainní mara atá ina ngné lárnach den réigiún trasteorann.
- Comhoibriú maidir le ardú tuisceana ar an tionchar atá ag athrú aeráide ar an réigiún trasteorann.
- Comhbhearta a chur chun cinn chun oideachas agus an ionad oibre a nascadh.
- Forbairt an gheilleagar pobail a chur chun cinn chomh maith le malartú sa phobal agus dea-chleachtas, mar shampla, comhoibriú i mbearta um fhuinneamh inathnuaite agus um chomhshaol atá faoi stiúir an phobail.
- Tógáil ar ghníomhaíocht an chláir 2000-2006 a chruthaigh go bhfuil acmhainn ann do mhalartú sa phobal i roinnt mhaith réimsí éagsúla.

Bagairtí

- Cor chun donais i bhfeidhmíocht gheilleagrach príomhmhargáí a d'fhéadfadh a tharlúint agus go háirithe an bhagairt mheántéarmach atá i struchtúir neamhinbhuanaithe atá ann faoi láthair i ngeilleagar na SA.
- Gnáthbhagairtí ar limistéar an chláir de dheasca athrú aeráide ar nós ardú leibhéal na farraige agus aibhneacha, níos mó tuilte agus bithéagsúlacht ag dul ar gcúl.
- Fócas uireasach ar chosaint an chomhshaoil, ó thaobh gach aon ghné de, agus baol go gcaillfí buntáiste traidisiúnta.
- Éileamh ar dhaoine ag nach bhfuil ach scileanna ísle ag laghdú, luaitear é sin mar cheann de na príomhchúiseanna atá le tuilleadh easpa gníomhaíochta ar fud an domhain fhorbartha. Muna rachfar i ngleic leis seo i gceart le cabhair clár oideachais agus oiliúna fíor-oiriúnacha tiocfadh méadú ar mhíshocracht shóisialta dá dheascaibh.
- Ageing population may result in a lower relative proportion of working age individuals (higher dependency ratio) and increased pressure on many public services. However immigration trends may slow this down.

2.4 Conclúid

Tugann an phróifíl ar an dá chuid den réigiún le chéile réamheolas cuí a fheabhsaítear leis an bpróifíl réigiúnach mionsonraithe atá ar fáil i mír na hÉireann-na Breataine Bige ar an suíomh gréasáin www.seregassembly.ie. Ina theannta sin tugann an anailís LLDB ar an dá chuid den réigiún le chéile léiriú soiléir ar na ceisteanna go gcaithfidh an réigiún trasteorann aghaidh a thabhairt orthu.

Is léir ón anailís LLDB ar an dá chuid le chéile go bhfuil roinnt dúshlán den sórt céanna roimh dhá thaobh an réigiúin más mian leis bheith faoi bhláth sa 21ú aois

agus más mian leis tabhairt go rathúil faoi na nithe atá sonraithe i gclár oibre Gothenburg. Sa chaibidil seo a leanas tabharfar tuilleadh sonraí air seo a bheidh ina gcúnamh chun straitéis forbartha don réigiún trasteorann a threorú.

CAIBIDIL 3

Comhthéacs Beartais & Straitéis Forbartha an Chláir

Sa Chaibidil seo tabharfar breac-chuntas ar an straitéis fhorbartha do limistéar an chláir. Bunófar ar roinnt fachtóirí rí-thábhachtacha í, fachtóirí ar nós na hanailíse LLDB do dhá thaobh an réigiúin ar a dtugtar breac-chuntas sa chaibidil roimhe seo. Cuirfear an comhthéacs beartais san áireamh go huile agus go hiomlán leis, ar leibhéal an AE agus ar leibhéal náisiúnta araon, maidir le hÉirinn agus maidir leis an Bhreatain Bhig sa Ríocht Aontaithe, mar a shonrófar sa chaibidil seo. De réir anailíse ar an méid thuas agus de réir mar a bhaineann sé go díreach leis an gclár, tá sé d’aidhm ag an méid seo breac-chuntas a thabhairt ar an straitéis fhorbartha a bheidh mar bhunchloch ag na tosaíochtaí straitéiseacha ba chóir a bheith ina dtreoir d’fhorbairt an réigiúin agus a bheidh ina bhfócas lárnach ag an gclár seo.

3.1 Torthaí na Anailíse LLDB – Dúshlán chomhchoiteann a aithint atá roimh Limistéar an Chláir

Ba chabhair iad an anailís réigiúnach agus sraith na n-anailísí LLDB, chun sraith dhúshlán a aithint atá roimh an réigiún trasteorann. Baineann cuid de na dúshlain le ceantair áitiúla amháin agus b’fhearr a d’oirfeadh idirghabháil áitiúil dóibh; baineann tuilleadh díobh leis an réigiún trasteorann ach mar sin féin b’fhearr déileáil leo ag an leibhéal áitiúil ar roinnt cúiseanna éagsúla. Faoi dheireadh thiar, tá fadhbanna a bhaineann leis an réigiún trasteorann agus is féidir dul i ngleic leo go héifeachtúil trí idirghabháil trasteorann.

Dúshlán comhchoiteann	Leibhéal Idirghabhála
An Bonn Taighde agus Forbartha – Tá an dá chuid den réigiún chun deiridh ar mheán an AE i gcónaí i gcoibhneas le mórchuid na dtáscairí um Fhorbairt Taighde & Teicneolaíochta agus um Nuálaíocht, lena n-áirítear leibhéal íseal infheistíochta sa réimse seo.	Fíor-dheiseanna d’idirghabháil dhearfach ag leibhéal trasteorann. Léirigh an clár 2000-2006 gur féidir le comhoibriú idir institiúidí ardoideachais agus breisoideachais dul chun sochair don réigiún. Táid seo ar na réimsí in bhféadfaí comhoibriú : <ul style="list-style-type: none">• Saineolas a roinnt chun táirgí

	<p>agus córais nua a fhorbairt</p> <ul style="list-style-type: none"> • Éascaíocht a dhéanamh d'aistriú teicneolaíochta chuig Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide ar fud an réigiúin.
<p>Fiontar – Cultúr na Fiontraíochta a spreagadh agus forbairt gnólachtaí nuálaíochta a éascú. Léiríonn staitisticí go bhfuil an Bhreatain Bheag faoi ghannionadaíocht i bpríomhearnálacha agus tá dúshlán ann in Éirinn leis, maidir le gnólachtaí nuálaíochta a chur ar bun.</p>	<p>Tá fíor-dheiseanna ann d'idirghabháil ag an leibhéal trasteorann. Cé go bhfuil scéimeanna fiontair ann ar bhonn náisiúnta d'fhéadfadh breisluach a theacht mar thoradh ar neart agus eolas an dá thír a thabhairt le chéile trí thionscnaimh mar seo, mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Scéimeanna socrúcháin trasteorann i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide do chéimithe • Forbairt chnuasach fisiciúil nó fíorúil • Forbairt gnólachtaí i réimsí ar nós turasóireachta agus an eanáil chruthaitheach/ealaíne
<p>Oideachas agus Oiliúint – Caithfidh an dá chuid den réigiún próifíl scileanna an lucht saothair a fheabhsú, caithfidh siad tabhairt faoi bhearnaí scileanna agus caithfidh siad cur chuige níos dírithe a ghlacadh i leith foghlaim fadshaoil mar fhreagairt do dhúshlán an domhandaithe agus riachtanais chlár oibre Liospóin.</p>	<p>Tá fíor-dheiseanna d'idirghabháil ag an leibhéal trasteorann ann, go háirithe maidir le comhoibriú i scileanna ardleibhéil. Má dheintear acmhainní agus saineolas a chomhthiomsú is féidir breisluach a sholáthar le tionscnaimh mar seo a leanas, b'fhéidir:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Foghlaim na fiontair i scoileanna a fheabhsú agus ardoideachas a chur chun cinn • Cur-chuige nuálaíoch chun scileanna i bpríomhearnálacha a fheabhsú agus dul i ngleic leis na bearnaí scileanna a fhaightear go coitianta sa réigiún trasteorann
<p>Bonneagar – Tá easnaimh i mbonneagar ar dhá thaobh an réigiúin. Maidir leis an gcuid Éireannach den réigiún, is ar éigean má tá soláthar an bhonneagair ar chomhchéim le ráta na forbartha ach caitheann an taobh Breatain aghaidh a chur ar dhúshlán</p>	<p>Is féidir tabhairt faoi seo ar shlí níos éifeachtúla ar leibhéal náisiúnta. Tá sé seo cruthaithe ag clár chistiúcháin struchtúrtha 2000-2006. Chomh maith leis sin, níl acmhainní faoin gclár seo mór a dhóthain chun dul i bhfeidhm air seo ar chuma éifeachtúil.</p>

a bhaineann le bheith ar an imeall.	
<p>Soláthar leathanbhannda agus teacht air – Tá gá le teacht uilíoch ar idirlíon ardluais a chur ar fáil. Tá sé seo rí-thábhachtach d'eacnamaíocht an eolais. Tá sé seo á léiriú ag idirghabháil ó sheirbhísí poiblí ar dhá thaobh na teorann.</p>	<p>Is féidir tabhairt faoi seo ar shlí níos éifeachtúla ar leibhéal náisiúnta. Tá scéimeanna curtha ar bun cheana i limistéar an chláir mar a dúradh sa phróifíl réigiúnach.</p>
<p>Díothacht Shóisialta – Tá baill i limistéar an chláir i gcónaí ina bhfuil díothacht shóisialta.</p>	<p>Is féidir tabhairt faoi seo ar shlí níos éifeachtúla ar leibhéal náisiúnta. Tá tionscnaimh ar bun cheana san dá chuid den réigiún. Is féidir breisluach trasteorann a bhaint amach, áfach, trí bearta a spreagadh lena dtugtar faoi ghnáth-chúramaí maidir le eisiámh sóisialta agus athghiniúint. Is féidir é seo a aimsiú trí aistriú eolais agus trí dheachleatas a roinnt chun go sholáthrófaí tairbhí intadhaill don réigiún.</p>
<p>Forbairt Phobail – Léirigh an clár 2000-2006 an acmhainn atá ann do mhalartú sa phobal i mórán réimsí éagsúla. Is rud é seo a fhéadfar a chur chun cinn don am atá amach romhainn.</p>	<p>Deiseanna d'idirghabháil éifeachtach ar leibhéal trasteorann maidir le hábhar comhchúraim, agus deiseanna d'fhorbairt i réimsí ar nós na turasóireachta, malartaithe cultúrtha agus cosaint an chomhshaoil, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go dearfach ar cheantair áitiúla ó thaobh cúrsaí sóisialta agus ó thaobh cúrsaí</p>

	geilleagair de.
Athrú Aeráide – Tá na dúshláin tábhachtacha chéanna roimh an dá chuid den réigiún maidir lena ndualgais Kyoto a chomhlíonadh agus maidir le tabhairt faoin tionchar níos leithne a bheidh ag an athrú aeráide.	Deiseanna d’idirghabháil éifeachtach ar leibhéal trasteorann maidir le dúshlán an athrú aeráide. Áirítear air seo: <ul style="list-style-type: none"> • Forbairt táirgí d’fhuinneamh íseal carbóin¹³ • Teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite a fhorbairt agus a thabhairt isteach/a thaispeáint • Straitéisí cuí eolasacha oiriúnaitheacha a fhorbairt chun deiseanna nua a dhéanamh de nithe a d’fhéadfadh dul go holc don réigiún murach na straitéisí seo.
Feasacht Chomhshaoil – Tá teorainn na mara céanna ag dá thaobh an réigiúin agus tá dúshlán den saghas ceanna rompu maidir le réimsí ar nós caighdeán an uisce, bithéagsúlachta agus brú ar an gcomhshaol de thoradh ar fhorbairt i gceantair uirbeacha, tuaithe agus i gceantair mhara.	Tá deiseanna ann d’idirghabháil éifeachtach ar leibhéal trasteorann chun forbairt acmhainne inbhunaithe a chur chun cinn a rachaidh chun tairbhe do phobail áitiúla agus chun an timpeallacht nádúrtha a fheabhsú agus a chosaint.
Neamhchothroimí idir-réigiúnacha – Is léir go bhfuil neamhchothroimí laistigh de gach cuid den réigiún, mar shampla plódú agus rath eacnamaíoch i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus ar an taobh eile an chuid Bhreatnach atá ina ceantar tuaithe ar an imeall, i gcodarsnacht leis an gcuid eile den Bhreatain Bhig.	Is féidir tabhairt faoi seo ar chuma níos éifeachtaí ag an leibhéal náisiúnta. De thoradh teorainn mhara a bheith ann ní dócha go n-éireodh le tabhairt faoin bhfadhb seo cé go bhféadfar bearta áirithe a ghlacadh chun cur ar cumas na réigiún tairbhí a bhaint as láidreachtaí eacnamaíocha a chéile, aistriú eolais agus saineolais ina measc.

3.2 An Comhthéacs Beartais

Agus na dúshláin atá roimh an dá chuid den réigiún trasteorann i gcoitinn aitheanta againn, caithfimid féachaint ar an gcomhthéacs beartais ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal náisiúnta chun an comhthéacs a thabhairt don straitéis chláir a comhaontaíodh agus chun a áirithiú go mbeidh an straitéis a thiocfaidh chun cinn de réir beartas agus straitéisí an AE agus de réir beartas náisiúnta chomh maith.

¹³ I Stern Report (2006) na Ríochta Aontaithe meastar gur dócha gurb é \$500 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana é luach an mhargaidh domhanda do tháirgí fuinneamh íseal carbóin faoin mbliain 2050.

3.2.1 Comhthéacs an Bheartais Eorpaigh

Beartas Comhtháthaithe do 2007 – 2013

Is é sin cur chuige straitéiseach atá ag an gCoimisiún ná a áirithiú go gcuirfidh an beartas comhtháthaithe le tosaíochtaí eile an Chomhphobail. Chuige seo chuir sé Treoirlínte Straitéiseacha an Chomhphobail ar Chomhtháthú isteach chun go nglacfaidh an Chomhairle leo. Faoi na rialacháin ar ghlac an Chomhairle leo cuirfear beartas comhtháthaithe i bhfeidhm le trí cinn de chuspóirí. Is é an rud atá tábhachtach don gclár seo ná gur deineadh an t-iar-Tionscnamh Pobail INTERREG a phríomhshruthú agus go bhfuil sé le fáil faoin gCuspóir um Chomhoibriú idir Chríocha anois. Tá d'aidhm aige an comhoibriú trasteorann a neartú trí chomhthionscnaimh áitiúla agus réigiúnacha. Thairis sin tá sé i gceist comhoibriú trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach a chur chun cinn.

Faoi struchtúir an bheartais chomhtháthaithe nua comhchruinneofar an cistiúchán ar chur-i- bhfeidhm na mbeartas Comhphobail, is é sin, clár oibre Liospóin, Gothenburg agus an Straitéis Eorpach Fostaíochta. Beidh béim ar leith ar nuálaíocht agus ar eacnamaíocht an eolais, ar an gcomhshaol agus ar chosc riosca, ar oiriúnaitheacht lucht oibre agus fiontar a mhéadú agus ar theacht ar fhostaíocht a fheabhsú.

Straitéis Liospóin¹⁴

Ar an 2ú Feabhra 2005 mhol an Coimisiún tosach nua do **Straitéis Liospóin** a bhí chun díriú ar iarrachtaí an Aontais Eorpaigh i leith dhá chion oibre tábhachtach: forás níos láidre níos buaine a sheachadadh agus tuilleadh postanna agus postanna níos fearr a chruthú. Thug Comhairle na hEorpa mar a bhí i mí na Márta 2005, chomh maith le Pairlimint na hEorpa agus páirtneírí sóisialta na hEorpa lántacaíocht do mholadh an Choimisiúin straitéis Liospóin a athsheoladh agus a athfhócasú.

Is é sprioc chomhpháirtíochta Liospóin um fhorás agus fhostaíocht ná eacnamaíocht an AE a nuachóiriú chun eiseamláir shóisialta uathúil an AE a dhaingniú i bhfianaise na margaí domhanda atá ag síor-dhul i méid, an athraithe teicneolaíoch, brú ar an gcomhshaol agus i bhfianaise pobail atá ag dul in aois. Caithfear féachaint ar an straitéis seo i gcomhthéacs níos leithne: Tá gá le forbairt inbhuanaithe chun gur féidir freastal ar riachtanais atá ann faoi láthair gan cur ar chumas na nglún a thiocfaidh inár ndiaidh freastal ar a gcuid riachtanas féin.

Is iad seo a leanas príomhthosaíochtaí clár oibre Liospóin:

- Eolas agus nuálaíocht i gcomhair foráis
- Ionad níos tarraingtí a dhéanamh den Eoraip i gcomhair oibre agus infheistíochtaí
- Níos mó postanna agus postanna níos fearr a chruthú

¹⁴ Gníomhartha Comhchoiteann i gcomhair Fáis agus Fostaíochta – Clár Liospóin de chuid an Chomhphobail

Straitéis Gothenburg

Chomhlánaigh Comhairle Eorpach Gothenburg straitéis Liospóin i mí an Mheithimh 2001 trí ghné an chomhshaoil a chur leis. Is é an sainmhíniú a tugadh ar 'forbairt inbhuanaithe' ná freastal ar riachtanais na glúine atá ann faoi láthair gan riachtanais na nglún atá le teacht a thréigean, chomh maith le tabhairt faoi bheartais eacnamaíocha, shóisialta agus faoi bheartais chomhshaoil ar chuma go n-atreisionn na beartais sin a chéile. Imeasc na tosaíochtaí tá cur i gcoinne athrú aeráide, iompar inbhuanaithe a chinntiú, tabhairt faoi bhagairtí ar an tsláinte phoiblí, acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar shlí níos cúramaí agus beartas comhshaol a thabhairt isteach mar chuid de bheartais eile an Chomhphobail.

Treoirínte Straitéiseacha an Chomhphobail

Forálann an Rialachán Ginearálta¹⁵ go nglacfaidh an Chomhairle le doiciméad uileghabhálach um Threoirínte Straitéiseacha. Chomhaontaigh Comhairle na hEorpa é seo ar an 6ú Deireadh Fómhair 2006. Tá sé i gceist leis seo creat a thabhairt do na Ballstáit lena féidir anailís a dhéanamh ar chláir infheistíochta náisiúnta agus réigiúnacha a gheibheann tacaíocht ó Chistí Comhtáite agus ó Chistí Struchtúrtha, maidir leis an gcion a chuireann siad le cuspóirí Liospóin agus le cuspóirí Gothenburg. Ag an am céanna tá sé i gceist deis a thabhairt do na Ballstáit cláir a chur le chéile ar shlí a léiríonn a gcuinsí réigiúnacha agus áitiúla.

Sna treoirínte straitéiseacha sonraítear na príomhthosaíochtaí do Chistí Struchtúrtha don tréimhse 2007-2013. Tá sé i gceist nuálaíocht, eacnamaíocht an eolais, fiontar, taighde & forbairt agus TFC a chur chun cinn agus a spreagadh leo. De réir na dtreoirínte straitéiseacha tá Beartas Comhtháthaithe chun tacú le tuilleadh fostaíocht agus fostaíocht níos fearr a chruthú agus chun infheistiú i leibhéal scileanna agus inoiriúnaitheacht lucht oibre agus gnólachtaí. Chomh maith leis sin tacóidh sé le feabhas a chur ar tharraingteacht na mballstát ina gcuid réigiún chun inrochtaineacht agus caighdeán chomh maith le leibhéal na seirbhísí atá ar fáil dá saoránaigh a fheabhsú.

Sna treoirínte straitéiseacha leagtar síos go bhfuil ar na Ballstáit agus ar na réigiúin diriú ar thrí tosaíochtaí chun an cion a chur clár le cuspóirí Straitéise Liospóin a mheasúnú. Is iad seo a leanas na tosaíochtaí¹⁶:

- Tarraingteacht na mBallstát, na réigiún agus na gcathracha a fheabhsú trí fheabhsú na hinrochtaineachta, trí caighdeán agus leibhéal cuí seirbhísí a áirithiú agus tríd an comhshaol a chosaint,
- Nuálaíocht, fiontraíocht agus forás eacnamaíocht an eolais a spreagadh trí acmhainní taighde agus nuálaíochta lena n-airítear teicneolaíochtaí nua eolais agus cumarsáide,

¹⁵ RIALACHÁN CE Uimh. 1083/2006 de chuid Phairlimint na hEorpa agus na Comhairle

¹⁶ Treoirínte an Chomhphobail, lth. 14.

- Níos mó postanna agus postanna níos fearr a chruthú trí tuilleadh daoine a mhealladh chun na fostaíochta nó chuig gníomhaíocht fiontair, inoiriúnaitheacht oibrithe agus fiontar a fheabhsú agus infheistíocht i gcaipiteal daonna a mhéadú.

Go háirithe maidir le comhoibriú trasteorann sonraítear sna treoirlínte straitéiseacha *“gurb í bunchuspóir an chomhoibrithe thrasteorann san Eoraip ná limistéirí atá deighlte ag teorainneacha náisiúnta a chomhtháthú a bhfuil na fadhbanna chéanna agus na réitigh chéanna acu.”* Sna treoirlínte cuirtear béim leis, ar an gá atá le bheith ag comhchruinniú na cabhrach ar na príomhthosaíochtaí chun tacú le forás agus cruthú postanna. Agus é seo á dhéanamh ba chóir go ndíreofaí an comhoibriú ar chumas iomaíochta sna réigiúin a neartú agus ar éagothroidimí eacnamaíocha agus sóisialta a laghdú.

An Creat Rialúcháin

Caithfidh idirghabhálacha ó CFRE do Chlár na hÉireann-na Breataine Bige bheith ar aon dul leis na critéir cháilithe don gCuspóir um Chomhoibriú idir Chríocha. De réir mar a shonraítear in Alt 6 de Rialachán CFRE díreoidh CFRE a chúnaimh ar na tosaíochtaí seo a leanas:

“forbairt gníomhaíochtaí trasteorann eacnamaíocha, sóisialta agus gníomhaíochtaí trasteorann maidir leis an gcomhshaol trí chomhstraitéisí ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe críocha agus thar gach aon ní eile:

- a) trí fiontraíocht a spreagadh, go háirithe forbairt fiontar beag agus meánach, turasóireacht, cultúr agus trádáil thrasteorann;*
- b) trí comhchosaint agus bainistiú acmhainní nádúrtha agus cultúrtha a spreagadh agus a fheabhsú, chomh maith le rioscaí nádúrtha agus teicneolaíocha a chosc;*
- c) trí tacú le nascanna idir cheantair uirbeacha agus cheantair thuaithe;*
- d) trí leithlisiú a laghdú trí theacht níos fearr ar iompar, ar eolas agus ar líonraí cumarsáide agus seirbhíse agus ar áiseanna agus ar chórais thrasteorann uisce, dramhaíola agus fuinnimh;*
- e) trí chomhoibriú, chumas agus comhúsáid na mbonneagar a fhorbairt, go háirithe in earnálacha ar nós earnáil na sláinte, an chultúir, na turasóireachta agus an oideachais.*

Anuas air seo d’fhéadfadh CFRE tacú le cur chun cinn comhoibrithe i réimse an dlí agus an riaracháin, le comhtháthú margaí oibre trasteorann, le tionscnaimh oibre áitiúla, le comhionannas inscne agus comhdheiseanna,

le hoiliúint agus cuimsiú sóisialta agus le roinnt acmhainní daonna agus áiseanna d'Fhorbairt Taighde agus Teicneolaíochta."

I ndáiríre tugann na réimsí ábhair thuas múnla a fhéadann na Ballstáit a úsáid chun a gCláir Oibriúcháin féin a dhéanamh de réir a gcuid riachtanas soaitheanta féin.

Peirspeictíocht Airgeadais an AE 2007-2013

Tháinig Comhairle na hEorpa ar chomhaontú i mí na Nollag 2005 maidir leis na Peirspeictíochtaí Airgeadais don tréimhse 2007-2013. Sa chomhaontú seo cuimsíodh méid foriomlán cistí an AE do bheartas chomhtháite agus an tslí ina ndáilfear amach é idir na cuspóirí nuashonraithe do na Cistí Struchtúrtha. Ina dhiaidh sin chuir an Coimisiún leithdháiltí airgeadais táscacha ar fáil do gach Ballstát i gcomhair pleanáil gníomhaíochtaí an Bheartais Chomhtháite. Is é €901 milliún an méid iomlán a leithdháileadh ar Éirinn. Sannadh €85 milliún den méid seo don Chuspóir um Chomhoibriú idir Chríocha. Tá an t-airgead seo le roinnt ar an snáithe Trasteorann agus ar an snáithe Trasnáisiúnta. Sa Ríocht Aontaithe leithdháileadh €563 milliún do Chomhoibriú idir Chríocha.

Tar éis na mbreithniúcháin a dhein Údaráis na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann ar leithdháiltí táscacha don gclár socraíodh go leithdháilfear buiséad tuairim is €52 milliún as CFRE do Chlár na hÉireann-na Breataine Bige 2007-2013. Is cosúil é seo leis an méid a tugadh do chlár na tréimhse 2000-2006.

Is í an phríomhcheist atá ann maidir leis an gClár Oibriúcháin ná ar chóir an cistiúchán fíortheoranta seo a chomhchruinniú ar líon srianta gníomhaíochtaí d'fhonn torthaí soiléire suntasacha a bhaint amach i réimsí roghnaithe, nó ar chóir na cistí atá ar fáil a úsáid chun tacú le réimse níos leithne gníomhaíochtaí, é seo a dhéanamh i bhfianaise na leasa agus na gcúramaí dlisteanacha atá ag tairbhí féideartha agus cinnte, i bhfianaise forálacha na rialacha atá i bhfeidhm agus na gceisteanna a chuir seirbhísí an Choimisiúin i gcaitheamh na gcomhráite a bhí ar siúl le linn do na Creata Tagartha Straitéiseacha Náisiúnta a bheith á n-ullmhú. Tagann ceisteanna maidir le scála chun cinn leis, chomh maith le hionchas i dtaobh na nithe a fhéadfar a sheachadadh ag an leibhéal cistiúcháin seo.

3.2.2 Comhthéacsanna an Bheartais Náisiúnta

Creataí Tagartha Straitéiseacha Náisiúnta

Caithfidh gach Ballstát Creat Tagartha Straitéiseacha Náisiúnta (CTSN) a ullmhúmar ionstram tagartha d'ullmhúchán na gclár oibriúcháin don tréimhse 2007-2013. Foráltar sna rialacháin go sonrúidh cáipéis an CTSN treoirshuíomh straitéiseach na gCistí Struchtúrtha, an nasc idir tosaíochtaí Comhphobail agus beartais náisiúnta agus réigiúnacha, chomh maith leis na téamaí tosaíochta dá

dtabharfar cúnamh as na cistí. Is ar an mbonn seo a ullmhaíodh an Clár Oibriúcháin.

ÉIRE – Sa CTSN d’Éirinn a d’ullmhaigh an Roinn Airgeadais, sonraítear an straitéis a úsáidfeadh chun gach cistí ón AE atá ar fáil a leithdháileadh trí Chláir Oibriúcháin. Tá d’aidhm aige stuchtúr uileghabhálach a thabhairt gur féidir cláir oibriúcháin a fhorbairt agus a chinnteoidh go mbeidh siad ar aon dul le beartais an Chomhphobail agus le beartais náisiúnta.

Tá an-tábhacht ag spreagthóirí eacnamaíochta chun réigiúin a fhorbairt ina bhfuil eacnamaíocht rathúil agus cumas iomaíochta. Is í an phríomhchuspóir atá ag an gCTSNa ná tacú leis na spreagthóirí eacnamaíochta seo trí Chláir Oibriúcháin. I dtreo is go mbeidh siad éifeachtach caithfidh na spreagthóirí oibriú ar chuma chomhordaithe chun a áirithiú go mbainfeadh amach sinéirgí ó thionscnaimh agus ó idirghabhálacha beartais eile, go háirithe uathu siúd a mhaoineofar faoin bPlean Forbartha Náisiúnta/Creat Tacaíochta Comhphobail reatha agus faoin PFN nua, faoin gClár Forbartha Tuaithe agus trí idirghabhálacha eile de chuid an bheartais phoiblí agus na hearnála príobháidí.

Is iad seo a leanas na spreagthóirí feidhmíochta réigiúnaí inbhuanaithe, spreagthóirí cumas iomaíochta agus spreagthóirí fostaíochta atáthar a chur chun cinn leis an gCTSNa:

- Scileanna daoine- oiliúint agus traenáil eople skills – education and training (Ciste Sóisialta na hEorpa, CSE)
- Teacht ar bhonneagar eacnamaíochta agus teicneolaíochta (CFRE)
- Fiontraíocht agus nuálaíocht a chumasú agus tacú leis
- An comhshaol a chosaint (CFRE)
- Forbairt inbhuanaithe chathracha (CFRE)

AN BHREATAIN BHEAG – Cé nach cuid faoi leith é Comhoibriú idir Chríocha de CTSNa na Ríochta Aontaithe is féidir comhthéacs beartais na Breataine Bige laistigh den gCTSNa a chur i bhfeidhm i dtaobh comhoibrithe trasteorann ar an gcuma chéanna.

Léireoidh straitéis Rialtas Tionóil na Breataine Bige chun leithdháilte Cistí Struchtúrtha a thiocfaidh chuige san am le teacht a chaitheamh Treoilínte Straitéiseacha an Chomhphobail agus tosaíochtaí beartais bhaile araon, de réir mar a shonraítear i roinnt príomhcháipéisí straitéiseacha um fhorbairt eacnamaíoch. Orthu siúd a áirítear an Plean gnímh um Scileanna agus Fostaíocht ‘Wales: A Vibrant Economy’, Plean Spásúil na Breataine Bige, Scéim na Breataine Bige um Fhorbairt Inbhuanaithe – ‘Starting to Live Differently’, An Straitéis Chomhshaoil don Bhreatain Bheag, chomh maith le ‘Making the Connections’. Leagtar amach sonraí na straitéiseacha seo sna míreanna seo a leanas.

Straitéiseacha Spásúla

ÉIRE – Glac an Rialtas le Céad Straitéis Spásúil Náisiúnta na hÉireann i 2002. Sainíonn an Straitéis Spásúil Náisiúnta straitéis fhadtéarmach d'fhorbairt spásúil gur cheart go gcloíodh beartais náisiúnta eile léi. Tá creat ama 20 bliana aici agus tá d'aidhm aici gníomhaíochtaí a scaipeadh ar shlí níos fearr. Iarrann an Straitéis Spásúil Náisiúnta go háirithe, go gcruinneofaí infheistíochtaí agus acmhainn chun foráis timpeall ar líonra naoi ngeataí náisiúnta ag a bhfuil cumas iomaíochta¹⁷ (dhá cheann sa Réigiún trasteorann). Táid ag fáil tacaíochta ó réimse de limistéirí móra uirbeacha eile ar nós na naoi mol (dhá cheann díobh laistigh den Réigiún) chun forbairt na réigiún mórthimpeall orthu a chur chun cinn.

Ní mór “Treoirlínte um Phleanáil Réigiúnach” a chur i bhfeidhm ar fud na tíre anois chun an Straitéis Spásúil Náisiúnta a chur i ngníomh. Beidh na Treoirlínte um Phleanáil Réigiúnach ina ndoiciméidí aonair agus feidhmeoidh siad mar chreat réigiúnach do phleananna forbartha cathracha agus contaetha, agus do phleananna áitiúla eile chomh maith, tríd na pleananna cathrach agus contae.

AN BHREATAIN BHEAG – Tugann *The Wales Spatial Plan*¹⁸, an creat uileghabhálach um ghníomhú comhoibritheach san am le teacht idir Rialtas Tionóil na Breataine Bige agus a chomhpháirtithe, chun forás agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach ar fud na Breataine Bige. Sa phlean seo cuirtear síos tréimhse 20 bliana i gcomhair forbartha agus chun an infheistíocht a chuimsiú atá ag teastáil chun pobail a chur chun cinn ar shlí inbhuanaithe ar fud na Breataine Bige. Sna beartais forbartha don eacnamaíocht cuirfear suíomh, difríochtaí agus tosaíochtaí san áireamh. Sa phlean cuirtear béim ar an ngá le gníomhú comhordaithe ag an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus ag an leibhéal áitiúil agus aithnítear go bhfuil naisc thrasteorann agus nasic idir-réigiúnacha fíor-thábhachtach.

Forbairt Eacnamaíoch

ÉIRE – Cáipéis straitéiseach ard-leibhéal is ea an *Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2007-2123* ina leagfar amch na leithdháiltí táscacha do na réimsí earnála difriúla lasistigh de chreat inbhuanaithe eacnamaíoch agus buiséideach don seacht mbliana seo chugainn. Murab ionann agus an tréimhse cistiúcháin reatha, tréimhse ina bhfuil clár chistiúcháin de chuid an AE ina gcodanna den bPFN, maoineofar an PFN nua ina iomláine as ár n-acmhainní náisiúnta féin.

Is é a bhí i gceist leis an *gClár Athchóirithe Náisiúnta* a chuir Éire i láthair i mí Dheireadh Fómhair 2005 ná réimse leathan de bheartais agus de thionscnaimh a chur le chéile go raibh d'aidhm acu, nuair a chuirfí i ngníomh iad, tacú le forás láidir na heacnamaíochta agus le feidhmíocht fostaíochta in Éirinn. Cion na

¹⁷ Baile Átha Cliath, Port Láirge,

¹⁸ *Wales Spatial Plan* de chuid Rialtas Thionóil na Breataine Bige:
<http://new.wales.gov.uk/about/strategy/spatial/?lang=en>

hÉireann is ea an Clár Athchóirithe Náisiúnta le Clár Liospóin a athsheoladh, go 2008¹⁹.

Towards 2016 – I mí an Mheithimh 2006 cuireadh idirbheartaíochtaí idir an Rialtas, fostaitheoirí, ceardchumann agus na Páirtneirí Sóisialta i gcrích go rathúil agus bhí *Towards 2016* mar thoradh air an obair seo. Comhaontú creata comhpháirtíochta sóisialta 10 mbliana don tréimhse 2006-2015 atá ann. Is é an príomh-fhócas beartais agus an tosaíocht atá ag an gComhaontú ná geilleagar agus sóchaí láidir a thógáil trí chreat beartais maicreacnamaíoch tacúil a chothabháil i dtreo is go bhfeabhsófar táirgiúlacht agus cumas iomaíochta.

AN BHREATAIN BHEAG – Forbraíodh an creat straitéiseach um thacaíocht a thabhairt d'fhorás eacnamaíoch i gcomhthéacs na cáipéise *Wales: A Better Country*²⁰. Seo é clár oibre de chuid Rialtas Tionóil na Breataine Bige um bheartas straitéiseach níos leithne. Cuirtear béim ar leith ar an ngá go ndéanfaí gníomhartha chun forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn i dteannta gnéithe eile an chláir oibre straitéisigh seo – is é sin, an caighdeán saol a fheabhsú do gach duine trí cheartas sóisialta a chur chun cinn, tríd an comhshaol, an tsláinte agus oideachas a fheabhsú de réir mar atá leagtha amach sa *Wales Sustainable Development Scheme – Starting to Live Differently*²¹.

Leagtar an straitéis um fhorbairt eacnamaíoch amach i *Wales: A Vibrant Economy*²² (WAVE). Deineadh athbheithniú ar an gcáipéis seo i 2005 chun an creat straitéiseach i gcomhair Clár Eorpach na gCistí Struchtúrtha don tréimhse 2007-2013 a shocrú. Is é an fhís atá aici ná eacnamaíocht bhríomhar fhorásach ina bhfuil deiseanna ag gach aoinne agus atá ar aon dul le straitéis Liospóin maidir le forás agus fostaíocht.

Oiliúint agus Scileanna

ÉIRE –Is é an aidhm atá ag ‘One Step Up’ de chuid FÁS (An tÚdarás Éireannach um Oiliúint agus Fhostaíocht) ná fostaithe a spreagadh lena gcuid cumas a mhéadú agus eiteas foghlaim fhadshaoil a chur chun cinn san áit oibre. Leis seo cinnteofar go mbeidh scileanna agus cáilíochtaí an lucht saothair ag teacht le riachtanais acmhainní daonna mar atáid faoi láthair agus mar a bheidh siad san am atá romhainn ar mhaithe le forás eacnamaíoch leanúnach agus buntáiste

¹⁹ COM (2005) 24, Cumarsáid ó Chomhairle na hÉorpa: “Working together for growth and jobs – a new start for the Lisbon Strategy”.

²⁰ *Wales: A Better Country* de chuid Rialtas Tionóil na Breataine

Bige: <http://www.wales.gov.uk/themes/bettercountry/index.htm>

²¹ *Wales Sustainable Development Scheme* de chuid Rialtas Tionóil na Breataine Bige: <http://new.wales.gov.uk/about/strategy/strategypubs/sustainscheme;jsessionid=FD3733C3E0866069FF7F44E3AE8B7870.www2?lang=en>

²² *Wales: A Vibrant Economy* de chuid Rialtas Tionóil na Breataine Bige <http://new.wales.gov.uk/docrepos/40382/4038231141/4038211251/403821125/4038211251/wave?lang=en>

iomaíochta. Cuirfidh sé ar cumas fostaithe leis, aghaidh a thabhairt ar líon mór na n-athruithe a bhíonn ag teacht de shíor ar an ionad oibre.

AN BHREATAIN BHEAG – Tá *WAVE* á chomhlánú agus á thacú ag na cáipéisí *Learning Country 2*²³ agus *Skills and Employment Action Plan 2005*²⁴. Sa dara ceann seo leagtar amach clár oibre mionsonraithe chun fostaíocht oilte a mhéadú sa Bhreatain Bhig. Tá rannán ann ina bpléitear oibriú le fostaitheoirí agus le fostaithe chun scileanna a chur chun cinn. I *Learning Country* leagtar amach clár oibre uailmhianach um oideachas agus oiliúint sa Bhreatain Bhig. Is é an tosaíocht atá aige ná príomhchodanna den gclár oibre seo a fhorbairt trí tacaíocht a thabhairt don bhéim níos láidre ar fhorbairt scileanna i ndaoine óga atá ag gabháil don oideachas dara leibhéal agus, ag an am céanna, tógáil ar *14–19 Learning Pathways*²⁵ de chuid an Rialtas Tionóil agus ar na cláir oibre dar teideal *Extending Entitlement* chomh maith le *Reaching Higher*²⁶, is é sin, an straitéis chun teacht ar ardoideachas a leathnú.

Bíonn Rialtas Tionóil na Breataine Bige ag obair go dlúth i gcomhar le Roinn Rialtais na RA um Obair agus Pinsin agus lena gníomhaire seo, Jobcentre Plus, chun a áirithiú go gcomhlánaíonn beartas fostaíochta neamhtharmligthe na beartais bhaile um scileanna agus oiliúint, agus go mbeidh sé ag teacht leo, i dtreo is go dtacófar le daoine dífhostaithe agus le daoine nach bhfuil gníomhach ó thaobh na heacnamaíochta de, teacht isteach sa lucht saothair.

Eolaíocht agus Teicneolaíocht

ÉIRE – Sheol an Rialtas a Straitéis nua um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht go 2013 le déanaí. Spreagfaidh sé seo forás na heacnamaíochta, leanfaidh sé de bheith ag cruthú postanna d'ardchaighdeán as a n-íofar tuarastail mhaithe agus déanfaidh sé éascaíocht do dhul chun cinn na sochaí. Tá de chuspóir ag an Straitéis nua Éire a chur in áit atá chun tosaigh maidir le heolas nua a ghiniúint agus é a úsáid ar mhaithe le dul chun cinn na heacnamaíochta agus na sochaí mar chuid de chultúr atá á spreagadh ag nuálaíocht. Ar na tosaíochtaí straitéiseacha a aithníodh sa Straitéis tá

²³ *The Learning Country 2* de chuid Rialtas Tionóil na Breataine Bige cáipéis chomhairliúcháin, Aibreán 2006:
http://new.wales.gov.uk/docrepos/40382/4038232/403821/the_learning_country_2/Learning_Country2_English.pdf?lang=en

²⁴ *Skills and Employment Action Plan 2005* de chuid Rialtas Tionóil na Breataine Bige
<http://www.learning.wales.gov.uk/pdfs/c5104-seap-report-e.pdf> - search='Skills and Employment Action Plan 2005 Welsh Assembly Government'

²⁵ *Extending Entitlement and 14-19 Learning Pathways* de chuid Rialtas Tionóil na Breataine Bige: <http://new.wales.gov.uk/docrepos/40382/4038232/4038211/40382121/extending-entitlement-makin1.pdf?lang=en> and
http://new.wales.gov.uk/topics/educationandskills/policy_strategy_and_planning/learning_pathways/?lang=en

²⁶ *Reaching Higher education strategy* de chuid Rialtas Tionóil na Breataine Bige
<http://new.wales.gov.uk/docrepos/40382/4038232/4038211/40382121/reachinghigher-e.pdf?lang=en>

talmhaíocht agus bia, an tsláinte, gnóthaí mara, an comhshaol agus taighde ar chúrsaí fuinnimh.

AN BHREATAIN BHEAG – I bplean gnímh Rialtas Tionóil na Breataine Bige, is é sin, *Wales for Innovation* cuirtear béim ar an tábhacht go n-aistreofar tairbhí na nuálaíochta chuig an earnáil ghnó. Deirtear leis, go gcaithfear daoine a ullmhú ar shlí níos fearr chun tabhairt faoi nuálaíocht. Chomh maith leis sin, díritear ar chumais institiúidí ardoideachais agus bhreiseoideachais sa Bhreatain Bhig a uasmhéadú, go háirithe trí spreagadh a thabhairt d'fhorbairt, d'aistriú agus do thráchtálú na teicneolaíochta, agus trí nascanna níos dlúithe idir an saol acadúil agus gnólachtaí. Aithnítear sa phlean chomh maith go gcaithfear tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí ina bhfuil acmhainneacht láidir foráis.

Sheol Rialtas Tionóil na Breataine Bige an chomhairliúchán faoina *Straitéis Eolaíochta* chuimsitheach ar an 23ú Samhain 2006. Tá baint mhór aige seo leis, le forbairt na gcuspóirí atá ag *Wales for Innovation*. Díríonn sé aird ar leith ar réimsí a mheastar atá tábhachtach maidir le forbairt eacnamaíoch na Breataine Bige; is é sin, córais fhuinnimh charbóin ísil, cúram sláinte agus na heolaíochtaí fisiciúla agus sóisialta/cognaíoch a thacaíonn le athnuachaint eacnamaíoch agus le hathnuachaint shóisialta. Díreofar tuilleadh airde ar ghnéithe an tráchtálaithe sa *Innovation Action Plan* athbhreithnithe.

Cuireann an *Knowledge Exploitation Fund* atá á chomhaoiniú ag Rialtas Tionóil na Breataine Bige agus an AE cabhair airgid ar fáil chun cur ar chumas institiúidí ardoideachais agus breiseoideachais sa Bhreatain Bhig cultúr na fiontraíochta agus na nuálaíochta a chruthú, scileanna na foirne agus na mac léinn a fhorbairt laistigh de na hinstiúidí ina bhfuilid agus aistriú eolais chuig an tionscal a éascú.

Fiontraíocht agus Forbairt Fiontair

ÉIRE – Chuir an Tánaiste agus Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta Grúpa um Straitéis Fiontair ar bun chun treo nua a fhorbairt do chlár oibre an bheartas fiontair. Foilsíodh an tuarascáil i mí Iúil 2004 agus is é an teideal a bhí uirthi ná *'Ahead of the Curve - Ireland's Place in the Global Economy'*.

Chuir an grúpa an anailís a dhein sé i gcomhthéacs meánthéarmach maidir leis na deiseanna atá ann don ngeilleagar. Mar thoradh ar an bhforás mór ar ghnólachtaí dúchasacha in Éirinn agus de bharr gur suíomh brabúsach í Éire a mheallann infheistíocht isteach, bhí sraith mholtaí lárnacha san anailís go raibh i gceist leo a áirithiú go mbeidh buntáiste iomaíochta aici agus chun na cúinsí a thógáil atá ag teastáil go 2015, i dtreo is go mbeidh fiontair láidre inbhuanaithe in Éirinn.

Cuireann na moltaí an bhéim is láidre ar shaineolas seanbhunaithe na hÉireann sa déantúsaíocht a chomhoiriúnú le hinniúlacht chuimsitheach i ndíolacháin agus margaíocht agus i dtaighde agus forbairt.

AN BHREATAIN BHEAG - Tá dul chun cinn maith déanta ag an *Entrepreneurship Action Plan*²⁷ maidir le tacaíocht a thabhairt do lucht tosaithe gnó sa mhéid go bhfuil sé ag spreagadh tuilleadh daoine óga chun féinhostaíocht chur san áireamh mar rogha gairme. Chomh maith leis sin, tá sé ag cur chun cinn meon agus iompar na fiontraíochta i ngnólachtaí atá ann cheana féin. Ní mór na tionscnaimh seo a thabhairt chun cinn agus cinntiú leis, go mbeidh siad ag teacht le mian Rialtas Tionóil na Breataine Bige tacaíocht a thabhairt do na hearnálacha nó do na gníomhaíochtaí is mó a chuireann luach leo agus a thaispeánann go bhfuil acmhainneacht láidir foráis iontu.

Is tionscnamh é an *Knowledge Bank for Business*²⁸, dá nglaoitear KB4B leis, lena bhfuiltear chun feabhas a chur ar scileanna, ar láidreachtaí airgeadais agus ar straitéis ghnó cuideachtaí sa Bhreatain Bhig. Cuireann sé comhairle agus tacaíocht ar fáil do chuideachtaí ina bhfuil ard-acmhainneacht foráis, is cuma cén áit ina bhfuil siad, cén méid iad agus cén earnáil lena mbaineann siad. Forbraíodh an tionscnamh seo mar chuid de straitéis de chuid Rialtas Tionóil na Breataine Bige dar teideal *Wales: A vibrant Economy*. Sa straitéis é seo leagtar an bhéim ar an tábhacht a bhaineann le nuálaíocht agus timpeallacht á bunú aige ina féidir le gnólachtaí bheith faoi bhláth.

Is é atá i gceist le *Business Eye* ná a bheith ina chéad ionad cuarda d'aon ghnó sa Bhreatain Bhig atá ag iarraidh feabhas a chur air féin agus cur lena chumas iomaíochta. Soláthraíonn sé eolas neamhspleách ar réimse leathan d'ábhair ghnó lena n-áirítear díolacháin agus margaíocht, airgeadas agus cáin, ceisteanna foirne, bainisteoireacht agus riarachán.

Straitéiseacha d'Fhorbairt Inbhuanaithe

ÉIRE –Is é ba aidhm don *National Sustainable Development Policy*, a foilsíodh i 1997 ná “a áirithiú gur féidir leis an eacnamaíocht agus leis an tsochaí iomlán a n-acmhainneachta a bhaint amach i dtimpeallacht shlán shábháilte, gan caighdeán na timpeallachta seo a thréigean, agus go mbeidh freagracht acu i

²⁷ Plean Gnímh um Fhiontraíocht de chuid Rialtas Tionóil na Breataine Bige

²⁸ Knowledge Bank for Business de chuid Rialtas Tionóil na Breataine Bige:

²⁸ Sonraítear na figiúirí Éireannacha mar phríomhriachtanas fuinnimh de réir cineáil bhreosla. Sonraítear na figiúirí Breatnacha mar ídiú iomlán fuinnimh (sa bhaile, i dtrádáil agus in iompar). Baineann figiúirí na hÉireann leis an gCeantar NUTS II ach baineann figiúirí na hÉireann leis an mBreatain Bhig ar fad.

leith na nglún atá ann anois agus na nglún a thioctaidh inár ndiaidh, agus i leith an phobail idirnáisiúnta chomh maith”²⁹.

Sa bhliain 2003 chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ‘Making Ireland's Development Sustainable’³⁰ le chéile don gCruinniú Mullaigh Domhanda ar Fhorbairt Inbhuanaithe i Johannesburg. Sa tuarascáil seo scrúdaítear an dul chun cinn atá déanta i gcaitheamh na ndeich mbliana ó bhí an Cruinniú Mullaigh an Domhain i Rio de Janeiro ann. Shonraigh sé roinnt treonna leithne beartais, chomh maith.

AN BHREATAIN BHEAG – Cuireann *The Wales Sustainable Development Scheme – Starting to Live Differently*³¹ forbairt chun cinn a fhreastalaíonn ar riachtanais atá ann faoi láthair gan cur isteach ar chumas na nglún a bheidh ag teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin. Tá d’aidhm ag an scéim an caighdeán saoil a fheabhsú do gach aoinne trí ceartas sóisialta a chur chun cinn, agus trí feabhas a chur ar an gcomhshaol, ar an tsláinte agus ar an oideachas.

Sa *Sustainable Development Action Plan* leagtar amach moltaí níos mionsonraithe maidir le gníomh i dtaobh forbairt an gheilleagair, na sochaí agus forbairt an chomhshaoil. Is é an aidhm fhoriomlán atá ag an bplean ná geilleagar a chur chun cinn a fhreagraíonn do dheiseanna forbartha inbhuanaithe, a íoslaghdaíonn an brú ar an gcomhshaol agus a uasmhéadaíonn imdháileadh na dtairbhí.

Straitéiseacha maidir le hAthrú Aeráide

ÉIRE – Soláthraíonn an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide creat chun laghdú ar astúcháin gháis cheaptha teasa a bhaint amach ar an tslí is éifeachtúla is cothroime dá bhfuil ann agus, ag an am céanna, leanúint de bheith ag tabhairt tacaíochta d’fhorás na heacnamaíochta agus de bheith ag ullmhú na tíre seo i gcomhair na ngealltanais níos déine a chaithfidh sí a chomhlíonadh tar éis 2012. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear dul i mbun gnímh i ngach earnáil a luaithe is féidir agus is ar chuma inbhuanaithe atá sé seo le déanamh. Tá an Straitéis bunaithe ar bhunphrionsabail na forbartha inbhuanaithe atá sonraithe i *Sustainable Development: A Strategy for Ireland*. Cuireann sé san áireamh go gcaithfear forbairt an gheilleagair agus an chumais iomaíochta a chosaint.

AN BHREATAIN BHEAG – Leagann an straitéis nua *Environment Strategy for Wales*³² creat amach chun timpeallacht bhríomhar a chruthú a chuireann le leas

²⁹<http://www.environ.ie/DOEI/DOEIPol.nsf/wvNavView/Sustainable+Development:+A+Strategy+for+Ireland?OpenDocument&Lang=#11>

³⁰ Making Ireland’s Development Sustainable – Athbhreithniú, Meastóireacht agus Gníomhú san Am le teacht (RCORA)

³¹ *Sustainable Development Scheme*: de chuid Rialtais Thionól na Breataine Bige <http://new.wales.gov.uk/about/strategy/strategypubs/sustainscheme.jsessionid=FD3733C3E0866069FF7F44E3AE8B7870.www2?lang=en>

eacnamaíoch agus le leas sóisialta pobal na Breataine Bige. Sa phlean gnímh tacaíochta leagtar amach gníomhartha sonrath a bheidh ina gcúnamh chun iarmhairtí an athrú aeráide a mhaolú. Chomh maith leis sin mínítear ann an gá le húsáid inbhuanaithe na n-acmhainní trí bheith ag cur chun cinn éifeachtacht fuinnimh i dteannta giniúint fuinnimh inathuaite agus fuinnimh chárboin ísil. Mionsonraítear tuilleadh gníomhartha i *Energy Strategy 2003*³³, *Energy Saving Wales*³⁴, an *Energy Route Map*³⁵ de chuid Rialtas Thionóil na Breataine Bige agus sa *Business and Environment Action Plan*³⁶ agus i *Wise about Waste*³⁷.

Straitéiseacha Sóisialta

ÉIRE – Tugann an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maoiniú do roinnt clár tacaíochta i gcomhair forbairt pobail, agus riarann iad i gcásanna áirithe, chun gur féidir le grúpaí faoi eisiámh sóisialta agus le pobail áitiúla cabhrú go gníomhach a gcuid riachtanas forbartha a aithint agus freastal orthu agus iad ag obair le hais na ngníomhaireachtaí reachtúla agus le hais eagraíochtaí eile ag a bhfuil baint le tionscnaimh forbatha áitiúla.

AN BHREATAIN BHEAG – Sonraítear cuspóirí straitéiseacha Rialtas Thionóil na Breataine Bige sa cháipéis *Social Enterprise Strategy for Wales*. Díritear na cuspóirí seo go mórmhór ar chuthú timpeallachta ina spreagtar fiontair shóisilata nua agus a bhaineann leas as deiseanna foráis; feabhas a chur ar fhiontair shóisialta mar ghnólachtaí, fónas gnólachtaí sóisialta a dhaingniú; forbairt deiseanna nua a spreagadh.

Ta *Communities First* ar príomhchlár Rialtas Thionóil na Breataine Bige. Is é is aidhm dó ná an bhochtaineacht a laghdú agus cabhrú chun feabhas a chur ar shaol na ndaoine a chónaíonn sna ceantair is boichte. Le cabhair an chláir seo táthar ag iarraidh daoine áitiúla a mhealladh chun feabhas a chur ar a gceantair féin, agus iad a mhealladh chun tabhairt faoina dtograí féin, maoiniú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, cinntiú go mairfidh tograí, solúbthacht, meon fiontraíochta agus slite nua ina dtugtar faoi fhadhbanna a spreagadh agus gach aoinne a ghabháil isteach in obair a dheintear i gcomhar lena chéile agus in obair ina dtugtar aghaidh ar fadhbanna a bpobal.

³³ *Energy Strategy* de chuid Rialtas Thionóil na Breataine Bige
<http://www.wales.gov.uk/subitradeindustry/content/consultations/ewrm-ltr-e.htm>

³⁴ *Energy Saving Wales* de chuid Rialtas Thionóil na Breataine Bige
<http://www.businessenvironment.wales.gov.uk/documents/esw-e.pdf>

³⁵ An Cháipéis Chomhairliúcháin Energy Wales Route Map :
<http://www.wales.gov.uk/subitradeindustry/content/consultations/ewrm-map-e.pdf>

³⁶ Plean gnímh um Ghnó agus Chomhshaol de chuid Rialtas Thionóil na Breataine Bige:
<http://www.businessenvironment.wales.gov.uk/documents/be-action-plan-e.pdf>

³⁷ *Waste Strategy – Wise About Waste* de chuid Rialtas Thionóil na Breataine Bige
<http://www.wales.gov.uk/subienvironment/toc-e.htm#s2>

3.2.3 Conclúid i dtaobh Comhthéacs Beartais agus Impleachtaí maidir leis an Straitéis Forbartha don gClár Oibriúcháin

Léiríonn an comhthéacs beartais ina bhfeidhmíonn an clár seo an comhleanúnachas idir beartais ar leibhéal an AE agus an leibhéal náisiúnta in Éirinn agus sa Bhreatain Bhig araon. Thar gach aoní léiríonn na beartais náisiúnta iarracht diongbhála na mballstát lena mbaineann an clár, ar fhreagairt do dhúshláin clár oibre Liospóin agus Gothenburg. Dá thoradh sin beidh tionchar nach beag aige seo ar an straitéis forbartha trasteorann.

3.3 Achoimre ar an Meastóireacht Ex Ante agus Measúnú Straitéiseach Comhshaoil

3.3.1 Meastóireacht Ex Ante

Dhein Fitzpatrick Associates an Meastóireacht Ex Ante ar an gClár Oibriúcháin. Tá Achoimre Fheidhmeannach na meastóireachta in Aguisín 3. Is inti a thugtar cuntas ar mholtaí na meastóirí. Tá an Mheastóireacht Ex Ante ina iomláine ar fáil ar láthair idirlín an Údarás Bainistíochta ag www.seregassembly.ie.

Ar an iomlán tá measúnú na meastóirí ar an gClár Oibriúcháin dearfach. Meastar go bhfuil struchtúr an téacs loighiciúil, go bhfuil sé ar aon dul le tosaíochtaí beartais an AE agus le tosaíochtaí beartais náisiúnta, go leagtar béim ar dhúshláin atá ann ar fud limistéar an chláir ar fad agus go dtugtar ráiteas soiléir i dtaobh na gcuspoirí chomh maith le straitéis chláir lena bhféachtar le tionscnaimh rathúla an chláir INTERRG roimhe seo a thabhairt chun cinn. Chomh maith leis sin léiríonn sé go bhfuiltear chun ceachtanna a fhoghlaim ó na cláir seo. Mar atá, ba phróiseas dhá-bhealach í an mheastóireacht ex-ante ar an gcuid ba mhó de, agus ba mhór an cúnamh í maidir le hullmhúchán an Chláir Oibriúcháin.

Thug na meastóirí sraith de mholtaí i gcaitheamh an phróiseas meastóireachta agus glacadh isteach sa dréacht-chlár Oibriúcháin iad mar ba chúí, roimh an phróiseas chomhairliúcháin phoiblí. Scríobh na meastóirí a dtuarascáil dheiridh i dtaobh an dréachtchláir a seoladh chun an chomhairliúcháin phoiblí i mí na Nollag 2006.

Chuir na meastóirí roinnt moltaí ina dtuarascáil dheiridh faoi sé ceannteidil. Breathnaíodh gach aon cheann de na moltaí sara cuireadh an leagan deireanach den gClár Oibriúcháin le chéile. Tá achoimre ar na tuairimí faoi mholtaí na meastóirí anseo thíos.

Anailís LLDB

Dhein na meastóirí moladh amháin ina rabhadar ag lorg tuilleadh fianaise a thacódh le tátáil na hanailíse LLDB. Measadh gur tábhachtach é seo toisc go bhfuil sé seo ina threoir don straitéis forbartha agus d'idirghabhálacha na dtosaíochtaí. Tá glactha ag Údaráis an Chláir leis an moladh seo. Níor deineadh aon athrú ar cháipéis an Chláir Oibriúcháin a ghiorródh é toisc go bhfuil an fhianaise air seo mionsonraithe a dhóthain. Is as dhá cháipéis a baineadh an fhianaise; próifíl réigiúnach mhionsonraithe limistéar an chláir agus athbhreithniú inmheánach ar an gClár INTERREG IIIA 2000-2006. Bhí na ceachtanna a foghlaimíodh ón gclár seo ar cheann de na factóirí a bhí ina dtreoracha don gcomhanailís LLDB. Tá na cáipéisí ar fáil ar www.seregassembly.ie.

Réasúnaíocht an Chláir

Thug na meastóirí dhá mholadh i dtaobh réasúnaíocht na hidirghabhála mar a shonraítear í sna dúshláin atá roimh an dá chuid de limistéar an chláir araon. Ar dtús, dúradar go bhféadfaí níos mó fianaise a chur le roinnt de na dearbhuithe a deineadh go bhfuil gá le hidirghabháil. Ghlac údaráis an chláir leis an moladh seo. Dá thoradh sin tugtar tuilleadh sonraí sa chuid seo den gClár Oibriúcháin agus tá sé ag fáil tacaíocht bhreise ó athbhreithniú mionsonraithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó Chlár na tréimhse 2000-2006 (ar fáil ar www.seregassembly.ie), rud a bhí mar threoir ag an gcuid seo den gcáipéis chomh maith.

Thairis sin ba dhóigh leis na meastóirí go raibh plé na réasúnaíochta don idirghabháil ábhairín ró-leathan agus go bhféadfaí an réasúnaíocht a chur i láthair ar chuma níos soiléire. Is í tuairim na n-údarás cláir go gcuirtear an straitéis agus na tosaíochtaí i láthair chomh soiléir cruinn agus is féidir ag an bpointe seo. Dá thoradh sin níor athraíodh an Clár Oibriúcháin. Pléifear an cheist seo ar shlí níos doimhne áfach, le linn pleananna mionsonraithe um chur i ngníomh an chláir a bheith á bhforbairt do gach aon tosaíocht.

An straitéis a bheith comhleanúnach leis na Beartais Lárnacha

Dhein na meastóirí moladh amháin sa réimse seo . Is é a dúradar ná gur ar leibhéal leathan amháin atá an comhleanúnachas le príomhbheartais le feiscint go soiléir. Dúradar áfach, go bhféadfaí tabhairt faoi seo i ngach plean mionsonraithe um chur i ngníomh do gach tosaíocht. Tá na húdaráis chláir sásta an moladh seo a thabhairt isteach nuair a bheidh an plean um chur i ngníomh á ullmhú.

Comhlántacht

Deir na meastóirí nach dtaispeántar go soiléir an difríocht idir infheistíocht faoi Chlár na hÉireann-na Breataine Bige agus cláir eile a gheibheann tacaíocht ó CFRE, CSE agus ó FP 7. Tuigeann siad áfach, go ndéanfar socruithe chun a

áirithiú go mbeidh comhlántacht ann. Déanfaidh na húdaráis chláir tuilleadh plé air sin nuair a bheidh na pleananna um chur i ngníomh á n-ullmhú acu.

Torthaí agus Tionchair lena bhfuiltear ag súil

Thug na meastóirí roinnt moltaí maidir le hullmhúchán na dtáscairí don gclár. Ghlac na húdaráis chláir leis na moltaí seo ar fad agus an clár á dhréachtú acu. Thar gach aon ní eile is ea gur laghdaíodh líon na dtáscairí go mór i gcomórtas le clár na tréimhse 2000-2006 agus le cáipéis an dréacht-chláir a foilsíodh i gcomhair an chomhairliúcháin phoiblí i mí na Nollag 2006.

Socruithe maidir le Cur i nGníomh

Thug na meastóirí roinnt mhaith moltaí ina thaobh seo. Tá soiléiriú déanta anois ar fheidhm an Choiste Stiúrtha i gCaibidil 8 den gclár. Forbrófar nosanna imeachta roghnaithe agus measúnaithe mionsonraithe mar chuid den bplean um chur i ngníomh mionsonraithe, plean a fhorbróidh Oifig Chistiúcháin Eorpach na Breataine Bige agus an Tionól Réigiúnach i gcomhar lena chéile. Leis an bplean seo neartófar an chomhpháirtíocht idir an dá eagraíocht chomh maith agus cinnteofar leis seo go seachadófar an clár nua go réidh. Thairis sin tabharfar tuilleadh sonraí sa phlean maidir le socruithe do thraschur sonraí leictreonacha.

3.3.2 Measúnú Straitéiseach Comhshaoil

In Éirinn deineadh dlí den Treoir um Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil i mí Iúil 2004. Is é is cuspóir dó ná cosaint fíor-mhaith an chomhshaoil a thabhairt agus cabhrú go ngcuirfear gnéithe an chomhshaoil san áireamh in ullmhúchán pleananna agus clár sonraithe agus go nglacfar leo iontu, d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

Chuir an tÚdarás Bainistíochta Tuarascáil Scagtha an dréachtchlár Oibriúcháin i gcrích agus chomhaontaigh ar an ábhar a bheidh ann lena chomhghleacaithe sa Bhreatain Bhig. Tá cóip den tuarascáil scagtha ar fáil ar www.seregassembly.ie. I ndiaidh comhairliúcháin leis na húdaráis ainmnithe san dá chuid de limistéar an chláir thángthas ar an gcinneadh gur dócha nach mbeidh aon tionchar mór ag an gClár Oibriúcháin ar an gcomhshaoil. Dá bhrí sin ní gá aon Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil formiúil eile a dhéanamh faoin dTreoir um Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil faoi mar atá sé trasuite ina dhlí de chuid Ballstáit.

I dtreo is go n-áiritheofar amach is amach gur fíor seo bhí cruinniú ag an tascfhórsa leis na húdaráis comhshaoil sa Bhreatain Bhig ar an 9ú Samhain 2006. Is iad seo a leanas torthaí an chruinnithe:

- Nach gceadófar aon togra a d'fhéadfadh dul go holc do láthair Natura 2000 agus do láithreacha ainmnithe eile.

- Go gcuirfear ceisteanna faoin gcomhshaol san áireamh ina iomláine sna critéir roghnaithe do thograí.

Cuireadh an mhír faoi fhorbairt inbhuanaithe i gCaibidil 7 an Chlár Oibriúcháin in oiriúint dá réir chun a áirithiú go mbeidh cosaint cheart ag na láithreacha ainmnithe.

3.4 Straitéis don Réigiún Trasterorann

Tá dea-thaithí ag Éirinn agus ag an Bhreatain Bhig ar chomhoibriú trasteorann a fhorbairt. Bhí de chuspóir ag comhthograí trasteorann faoi na cláir INTERREG IIA (1994-99) agus INTERREG IIIA (2000-2006) leibhéal na comhcheangailteachta agus an chomhtháthaithe a mhéadú sa réigiún trí chur chuige comhtháite i leith forbairt na heacnamaíochta, na sochaí agus na teicneolaíochta. Bhí an chéad clár INTERREG sa réigiún go mórmhór dírithe ar fhorbairt an bhonneagair fhisiciúil agus ar leibhéal na comhcheangailteachta ach sa chlár a tháinig ina dhiaidh sin bhí tuilleadh béime ar chomhoibriú idir dhaoine agus idir eagraíochtaí, agus bhíothas ag déanamh iarrachta ar líonraí láidre a fhorbairt.

Is léir ó chomhthograí a fuair maoiniú faoi INTERREG II agus INTERREG III go raibh comhoibriú idir eagraíochtaí san earnáil phoiblí, phríobháideach agus dheonach ag dul i bhfeabhas riamh is choíche. Tá feabhas mór tagtha leis, ar bhainistíocht cláir i gcaitheamh na tréimhse. Tá an bhainistíocht cláir féin ina fianaise shoiléir ar chomhoibriú trasteorann fíor-éifeachtúil a bheith ann.

Is é Clár na hÉireann-na Breataine Bige (2007-2013) an chéad chéim eile den chomhoibriú trasteorann sa limistéar trí bheith ag tógáil ar na nithe atá bainte amach san dá chlár a tháinig roimhe. Sa phróiseas comhoibrithe seo a théann siar chomh fada le 1994 nuair a bhí INTERREG IIA ar siúl, díreofar ar na ceachtanna ó chlár a tháinig roimhe seo a fhoghlaim don tréimhse seo chun go mbainfe sé comhoibriú trasteorann níos éifeachtúla amach fós.

Ag féachaint do na téamaí atá i gcoilár beartas straitéiseach an AE agus na mbeartas náisiúnta níl aon amhras ná gur chóir don straitéis forbartha don gclár um chomhoibriú trasteorann seo a bheith ar aon dul leis na téamaí seo. Sa straitéis cuirtear Treoirínte Straitéiseacha an Chomhphobail ar Chomhtháthú, Creata Tagartha Straitéiseacha Náisiúnta na mBallstát faoi seach, an comhthéacs beartais náisiúnta san dá bhallstát agus ceachtanna a foghlaimíodh ó mheastóireachtaí roimhe seo san áireamh.

Ag an am céanna ní mór dó tabhairt faoi na riachtanais a aithníodh agus ar ghnéithe sainiúla an limistéir thrasteorann, gurb í an teorainn mhara atá acu araon an ceann is suntasaí díobh. Caithfidh an straitéis a cuid a cuid acmhainní a dhíriú agus á chur san áireamh aici cad is féidir a bhaint amach sa bhfíor-shaol leis an mbuiséad a leithdháileadh uirthi.

Tabharfaidh Clár na hÉireann-na Breataine Bige 2007-2013 faoi na ceisteanna siúd gur fearr tabhairt fúthu trí idirghabháil ag an leibhéal trasteorann faoi mar a leagtar amach i Mír 3.1 den gCaibidil seo. Is iad seo na ceisteanna go bhfuil an leas is mó le baint ag an dá réigiún as comhoibriú trasteorann. Mar shampla, forbairt inbhuanaithe, cosaint an chomhshaoil agus ceisteanna maidir le athrú aeráide go bhfuil freagra comhordaithe ag teastáil ina leith toisc nach ceisteanna simplí áitiúla nó réigiúnacha le tionchar áitiúil iad a thuilleadh. Is mar sin atá an scéal maidir leis an gclár oibre ar fad um chumas iomaíochta agus um nuálaíocht. Tá an margadh Eorpach aonair go mór ag dul i bhfeidhm air seo, agus margadh is ea é atá ag feidhmiú i dtimpeallacht shaor dhomhandaithe trádála. Tá gá le comhoibriú trasteorann toisc gur féidir le réigiúin freagairt do na dúshláin a thagann chun solais ar chuma níos éifeachtúla trí bheith ag obair as láimh a chéile.

Díreoidh an clár ar an riachtanas atá ann le eacnamaíocht an eolais a neartú trí bheith ag soláthar timpeallacht ina dtabharfar tuilleadh cúnamh do nuálaíocht agus mar sin, cabhróidh sé le cumas iomaíochta a choinneáil sa cheantair ina gcomhoibríonn Éire agus an Bhreatain Bheag.

Féachfaidh sé le hacmhainní nádúrtha agus cultúrtha an réigiúin a choinneáil agus le drochthionchar ar an gceantar a mhaolú. Leis seo a áirítear cur chuige nuálaíoch a chur chun cinn maidir le bainistiú rioscaí nádúrtha agus teicneolaíochta i gcomhthéacs an athrú aeráide. Lorgóidh sé slite chun pobail a choinneáil agus a fhorbairt ar mhaithe le muintir na háite i limistéar an chláir, chomh maith. Déanfar iarracht ar acmhainní an chláir a dhíriú ar na ceantair seo go háirithe chun an tairbhe is fearr a bhaint as an idirghabháil i bhfianaise méid an bhuiséid atá ar fáil.

Tugann an chomhstraitéis trasteorann seo freagra do na láidreachtaí agus do na laigí aitheanta atá ag limistéar cláir trasteorann na hÉireann-na Breataine Bige trí bheith ag tabhairt cuspóra uileghabhálaí agus trí bheith ag sainiú aisi tosaíochta do thréimhse an chláir 2007-2013. I measc nithe eile is de bharr an Tionscnamh Comhphobail INTERREG a bheith arna príomhshruthú i mbeartas Comhtháthaithe gur scríobhadh an clár ó radharc níos straitéisí agus gur scríobhadh ag leibhéal Tosaíochta é chun go gcuirfí riachtainais an Aontais um Bheartas Comhtháthaithe san áireamh. Sonraítear na haisí tosaíochta ag spricanna agus deintear iad a chainníochtú ag táscairí táirgeachta agus toraidh a bheidh ina gcabhair chun dul chun cinn a thomhas maidir le cás na bonnlíne agus maidir le héifeachtacht na spricanna a chuireann na tosaíochtaí i ngníomh.

Cuspóir an Chláir

Is í an chuspóir fhoriomlán atá ag Clár Oibriúcháin na hÉireann-na Breataine Bige ar fhorbairt trasteorann críocha (2007-2013) ná:

Le cur chuige comhtháite i leith ceisteanna eacnamaíochta, sóisialta agus teicneolaíochta is mian le Clár na hÉireann-na Breataine Bige um Chomhoibriú idir Chríocha tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an réigiún trasteorann agus

- Cumas iomaíochta agus forbairt inbhuanaithe an réigiúin a mhéadú.
- A leas eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta a chur chun cinn
- Forbairt níos comhtháite, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a bhaint amach don limistéar comhoibríthe idir Éirinn agus an Bhreatain Bhig agus, ar an gcuma seo, cumas iomaíochta foriomlán na críche seo den Chomhphobail a chur chun cinn i saol domhandaithe.

Tabharfar an cuspóir seo ar aghaidh agus seachadófar trí dhá thosaíocht oibriúcháin í.

Tosaíocht 1 Eolas, Nuálaíocht agus Scileanna i gcomhair Foráis

Tá an tosaíocht seo roinnte ina dhá théama faoi leith mar a leanas, ach tá baint acu lena chéile chomh maith:

Téama 1 – Nuálaíocht agus cumas iomaíochta

Téama 2 – Scileanna i gcomhair cumas iomaíochta agus i gcomhair rannpháirtithe i bhfostaíocht.

Beidh an tosaíocht ag díriú go mórmhór ar an tslí ina féidir leis an réigiún trasteorann cur le seachadadh na gcuspoirí atá ag Clár Oibre Liospóin athbhreithnithe, clár oibre atá ag iarraidh tuilleadh postanna agus postanna níos fearr a chruthú agus atá chun timpeallacht a chur chun cinn ina bhféadfar nuálaíocht agus eacnamaíocht an eolais a chothú. Is léir ón anailís go bhfuil ardtosaíocht ag an réimse seo san dá chuid den réigiún trasteorann agus san AE féin, chomh maith. Déanfar tuilleadh plé ar an ábhar seo sa chéad chaibidil eile.

Tosaíocht 2 Athrú Aeráide agus Athghiniúint Inbhuanaithe

Tá an tosaíocht seo roinnte ina dhá théama ar leith cé go bhfuil baint acu lena chéile:

Téama 1 – Athrú Aeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Téama 2 – Athghiniúint inbhuanaithe pobal

Díreoidh an tosaíocht seo go mórmhór ar an tslí ina féidir leis an réigiún trasteorann tabhairt faoi dhúshláin clár oibre Gothenburg agus cabhair cheart a thabhairt chun todhchaí níos inbhuanaithe a dhéanamh don réigiún.

Tá na dúshláin chéanna roimh an dá chuid den réigiún i dtaobh athrú aeráide agus i dtaobh forbartha inbhuanaithe agus i dtaobh athghiniúint pobal leis. Both parts of the region face common challenges in terms of climate change and

sustainable development and also in relation to the regeneration of communities. Déanfar tuilleadh plé ar an ábhar seo sa chéad chaibidil eile.

3.5 Fírinniú na Straitéise Cláir a roghnaíodh

Roghnaíodh an straitéis toisc gur féidir tabhairt faoi na dúshláin léi, atá roimh an dá chuid den réigiún araon ar an tslí is éifeachtaí. Is léir go dtugann an straitéis seo faoi na riachtanais aitheanta agus faoi na dúshláin atá roimh an dá chuid den réigiún trasteorann araon agus tá sé ag teacht go iomlán le straitéiseacha ábhartha an AE agus leis na straitéiseacha náisiúnta agus réigiúnacha.

Caithfidh an clár méid na n-acmhainní a chur san áireamh leis, atá ar fáil dó agus dá thoradh sin caitheadh an straitéis a chur in oiriúint agus a dhíriú ar shlí go mbainfí na torthaí is fearr a b'fhéidir amach leis na méideanna atá ar fáil.

Ní mór don gclár réimse na gcomhpháirtithe a chur san áireamh atá sa réigiún agus go bhfuil de chumas acu úsáid iomlán a bhaint as na cistí atá ar fáil. Is léir ón taithí ar thréimhsí cláir roimhe seo go bhfuil meascán cuí d'eagraíochtaí sa réigiún seo a fhéadann leibhéal na gcistí atá ar fáil a ghlacadh. Ba ceann de na nithe é seo a cuireadh san áireamh nuair a bhí an straitéis seo á roghnú thar roghanna eile. Threoraigh an taithí ar bheith ag deileáil le réimse d'urraitheoirí é seo leis, a fuair maoiniú faoi Chlár INTERREG IIIA na Breataine-na hÉireann 2000-2006.

Tá aitheanta go soiléir san dá chuid den réigiún go gcaithfear idirghabhálacha nuálaíochas láidre a fhorbairt chun tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann le cláir oibre Liospóin agus Gothenburg. Bíodh is go bhfuiltear ag tabhairt fúthu i gcláir bhaile is féidir breisluach a fháil uathu gan dabht trí bheith ag comhoibriú trasna teorainneacha ballstát, rud ar a ndíreofar sa chéad mhír eile. Tá fíorghá leis, le bheith ag obair as lámh a chéile ar na ceisteanna seo toisc go bhfuil gné idirnáisiúnta ag teacht isteach sna fadhbanna a bhaineadh le cúrsaí baile amháin tráth.

3.6 Breisluach an Chomhoibrú trasteorann

Is é an chuspóir leathan atá ag an gcomhoibriú trasteorann ná comhtháthú níos fearr a chur chun cinn laistigh den Aontas. Cruthaítear grúpaí de réigiúin Eorpacha trí eagraíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chomh maith le heagraíochtaí eile a dhéanamh rannpháirteach san obair seo. Is é an buntáiste atá leis seo go gcuirtear nascanna ar bun le gníomhartha ar an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta, chomh maith leis an leibhéal trasteorann agus idir-réigiúnach. Mar seo cuirtear luach breise le beartais agus le cláir.

Go bunúsach, bheifeá ag súil go mbeadh toradh na comhoibre seo níos mó ná iomlán a comhpháirteanna. Is féidir le comhthionscnaimh tabhairt faoi chonstaicí trasna teorainneacha náisiúnta agus is féidir leo líonraí a spreagadh chomh

maith le malartú taithí idir ghrúpaí éagsúla, forbairt cnuasaigh eolais, agus nascanna níos láidre idir forais oideachais agus gnólachtaí. Is féidir le tionscnaimh mar seo a bheith ina gcabhair chun sinéigí a bhaint amach idir bheartais, idir chláir agus idir tionscnaimh dhifriúla ar mhéideanna difriúla.

Tá luach breise faoi leith an chomhoibrithe trasteorann thar a bheith soiléir i dtaobh tionscnamh ag a bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Táthar ag tabhairt faoi cheist nach féidir sárú ar shlí shásúil lasitigh de thír amháin;
- Dá thoradh sin tá na cuspóirí céanna agus an plean oibre céanna ag na comhpháirtithe ó thíortha éagsúla;
- Má bhíonn comhpháirtithe ag obair i gcomhar lena chéile beidh torthaí na hoibre níos fearr i gcomórtas lena bhféadfadh comhpháirtí amháin a bhaint amach;
- Beidh baint ag torthaí an tionscnaimh leis an limistéar níos leithne ina bhfuil an comhoibriú ar siúl agus dá bhrí sin is féidir úsáid a bhaint astu chun leasa codanna eile den réigiún;
- Deintear comhoibriú a comhtháthú go hingearach, go cothrománach agus go geografach chun go mbainfear forbairt inbhuanaithe agus cumas iomaíochta eacnamaíoch amach.

Má dhírítear ar réigiún trasteorann na hÉireann agus na Breataine Bige, chítear go dtugann na dúshlán atá roimh an dá thaobh den réigiún araon agus a míníodh thuas sa chaibidil seo, cuid den réasúnaíocht is láidre ar son an luacha bhreise atá le fáil i gcomhoibriú trasteorann. Ceantar mara is ea é atá deighilte ag Muir Éireann. Dá bhrí sin is léir nach féidir le comhoibriú i réimsí áirithe ar nós bonneagair, luach breise a thabhairt ós rud é gur fusa gur féidir tabhairt faoina leithéid de rudaí laistigh de thír ar thaobh amháin, agus ní thiocfadh aon tairbhe cheart chuig an tír ar an taobh eile dá gcomhoibreofaí ar cheisteanna den sórt seo.

Más dúshlán ar nós cosaint an chomhshaoil nó feabhas a chur ar an mbunús taighde agus forbartha atá romhainn áfach, tá forais i bhfad níos láidre ann le comhoibriú trasteorann a mholadh ós rud é go bhféadann sé luach breise a sholáthar agus tairbhí cearta a thabhairt don phobal sa cheantar. Is ábhar comhchúraim iad na ceisteanna seo agus tá fíor-luach breise ag teacht as bheith ag comhoibriú trasna na teorann. Tá sé seo amhlaidh toisc gur féidir caighdeán na dtorthaí a fheabhsú má bhíonn comhpháirtithe ag comhoibriú lena chéile, i gcomórtas leis na nithe a d'fhéadfadh comhpháirtí a d'oibreodh leis féin a bhaint amach. Is féidir tábhacht a bheith leis na torthaí i leith an limistéir chomhoibrithe níos leithne agus tá seans go bhféadfaí iad a asitiú chuig codanna eile den réigiún.

Beidh luach breise ó chomhoibriú trasteorann thar a bheith tábhachtach do sheachadadh an chláir ag gach céim. Tá sé i gceist ag an gclár na daoine leis na

CAIBIDIL 4

Tosaíochtaí

Sa chaiblidil seo sonrúfar na tosaíochtaí a thabharfaidh an straitéis forbartha don réigiún. Roinnfear an chaibidil ina trí rannán mar seo a leanas:

Míreanna 4.1-4.5 -	Tosaíocht 1 - Eolas, Nuálaíocht agus Scileanna i gcomhair Foráis
Míreanna 4.6-4.10	Tosaíocht 2 – Athrú Aeráide agus Athghiniúint Inbhuanaithe
Míreanna 4.11-4.16	Tosaíocht 3 – Cúnamh Teicniúil

TOSAÍOCHT 1 - Eolas, Nuálaíocht agus Scileanna i gcomhair Foráis

4.1 Cuspóirí na Tosaíochta

- Bonn an eolais, na taighde, na forbartha/na nuálaíochta agus bonn na fiontraíochta a fhorbairt atá ag an réigiún trasteorann de réir cuspóirí Clár Oibre Liospóin d'fhonn forás agus cumas iomaíochta an Réigiúin a chur chun cinn.
- Acmhainn an réigiúin trasteorann a fheabhsú trí idirghabhálacha a sholáthar a fhorbróidh scileanna agus cumais an phobail agus an lucht saothair d'fhonn níos mó fostaíochta a sholáthar agus cun cumas iomaíochta a chothú.

Roinntear an Tosaíocht seo ina dá théma difriúla cé go bhfuil gaol eatarthu, mar seo a leanas:

- Téama 1 – Nuálaíocht agus cumas iomaíochta
- Téama 2 – Scileanna i gcomhair an chumas iomaíochta agus rannpháirtíochta sa bhfostaíocht

Léiríonn rogha na dtéamaí an tábhacht a bhaineann leo i dtaobh forbairt leanúnach an réigiúin thrasteorann agus é ag iarraidh dul i ngleic leis na

ceisteanna fíor-thábhachtacha a bhaineann le bheith ag soláthar na gcúinsí a réiteoidh an tslí d'fhiontair dul chun cinn a dhéanamh ar an taobh istigh agus cur lena gcumas iomaíochta ar an taobh amuigh, agus ag an am céanna, scileanna agus bonn eolais an phobail sa cheantar a fheabhsú. Bheifí ag súil go n-oibreodh an dá théama ar scáth a chéile agus gur feabhas ceart a thiocfadh ar an gceantar trasteorann dá bharr.

4.2 Réasúnaíocht maidir le hIdirghabháil na gCistí Struchtúracha

Is léir ó phróifíl an réigiúin agus ó na dúshláin atá roimh dhá chuid an réigiúin le chéile agus a tháinig chun solais ón anailís, go bhfuil sé fíor-thábhachtach bonn na taighde agus na forbartha sa réigiún trasteorann a fheabhsú, éascaíocht a dhéanamh d'fhiontraíocht agus do ghnólachtaí nuálaíochta agus forbairt a dhéanamh ar chórais oideachais agus oiliúna a fhreagróidh do riachtanais an tsochaí nua-aimseartha, chun a áirithiú go mbeidh forás agus rathúnas sa réigiún trasteorann. Neartaítear é seo trí bheartais straitéiseacha an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe trí Straitéis Liospóin agus trí Threoirlínte Straitéiseacha an Chomhphobail ina bhfuil tagairt faoi leith do chruthú postanna níos fearr, do spreagadh na nuálaíochta, na fiontraíochta agus do chur chun cinn eacnamaíochta an eolais. Tá na beartais seo arna dtabhairt ar aghaidh ag an dá thír ina gCreatá Tagartha Straitéiseacha Náisiúnta féin. Trí bheith ag baint úsáide as idirghabhálacha dírithe chun díriú ar riachtanais na ngnólachtaí agus go háirithe ar riachtanais na ngnólachtaí beaga dúchasacha, agus trí bheith ag tabhairt cúnamh chun lucht saothair fíor-oilte, eolach agus soghluaiste a fhorbairt, is féidir díriú go rathúil ar na cuspóirí beartais seo ar fud an réigiúin.

Is léir gur mór an tairbhe a bheadh ag gabháil le comhoibriú ar na nithe seo ar bhonn trasteorann. Tá an réigiún sách beag agus imeallach i gcoibhneas leis an gcuid eile den AE agus ní féidir leis tairbhí a fháil ach as a bheith ag comhoibriú ar cheisteanna comhchúraim. Má bhailítear na buanna is fearr le chéile ar bhonn trasteorann is féidir tobar an tsaineolais a dhéanamh níos doimhne agus is féidir slite oibre agus radharcanna éagsúla a sholáthar chun díriú ar na dúshláin atá roimhainn le chéile. Tá sócmhainní láidre ag an réigiún i réimse an oideachais agus na taighde, agus go háirithe ina chuid institiúidí ardoideachais agus ina gníomhaireachtaí fiontraíochta agus oiliúna. Má thugtar le chéile iad seo agus má bhaintear leas as an taithí agus as an saineolas atá ag grúpaí gnó agus ag fiontair bheaga agus meánacha is cinnte go raghaidh sé seo chun tairbhe don réigiún.

4.3 Spriocghrúpaí/Tairbhíthe

Tá sé i gceist ag an gclár a bheith ag feidhmiú ar shlí chuimsitheach. Beidh meas aige ar chomhionannas deise agus is mian leis oiread rannpháirtíochta is féidir a spreagadh i measc pobal an limistéir. Chuige seo breathnóidh sé ar iarratais ó

gach eagraíocht ag a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus atá in ann tograí a fhorbairt agus a sholáthar a chuireann cuspóirí straitéiseacha an chláir agus na tosaíochta chun cinn.

Lorgóidh an clár iarratais ón earnáil phoiblí, phríobháideach, dheonach agus ón earnáil phobail. Ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh cur isteach ar mhaoiniú faoi na ceanteidil leithne seo tá institiúidí ardoideachais agus breisoideachais, údarais áitiúla, cumainn tionscail agus gníomhaireachtaí fiontair, eagraíochtaí státurraithe, eagraíochtaí deonacha agus grúpaí agus cumainn fhorbartha pobail.

4.4 TÉAMA 1 – Nuálaíocht agus Cumas Iomaíochta

4.4.1 Réasúnaíocht maidir le hIdirghabháil na gCistí Struchtúracha

Tá na dúshlán chéanna roimh an dá chuid den réigiún trasteorann maidir le heacnamaíocht nuálaíoch a fhorbairt atá bunaithe ar eolas. I láthair na huaire tá an bonn Taighde, Teicneolaíochta, Forbartha agus Nuálaíochta lag a dhóthain ar dhá thaobh an réigiúin thrasteorann i gcoibhneas le geilleagair níos aibí. Is léir é sin ón méid beag airgid a caitheadh ar Thaighde agus Fhorbairt mar chéadatán den OTI i limistéar an chláir i gcoibhneas le limistéir eile. Tá gá leis, le barrfheabhas a chur ar an leibhéal taighde in institiúidí ardoideachais agus breisoideachais agus na torthaí a chur ar aghaidh chuig an tionscal chun go mbeidh buntáiste ceart ar chumas iomaíochta an réigiúin dá thoradh. Ní mór an tionscal dúchasach a neartú agus a spreagadh leis, chun oibriú as lámh a chéile i dtreo is go dtiocfaidh smaointe nua chuige ar mhaithe le comhthairbhe. Chuige seo ba chóir líonraí, fóraim earnála agus slabhraí an tsoláthair a chur ar bun. Má oibreofar i gcomhar a chéile sna réimsí éagsúla seo is féidir leis an dá chuid den réigiún a gcuid saineolais a chomhthiomsú agus é a roinnt ar mhaithe leis an eacnamaíocht níos leithne laistigh den réigiún trasteorann agus laistigh de na Ballstáit faoi seach.

4.4.2 Príomhchuspóirí

- Slite a cheapadh chun an taighde a chur chun cinn i gcomhar a chéile agus chun comhoibriú ar fhorbairt na teicneolaíochta i measc gnólachtaí agus in institiúidí ardoideachais agus breisoideachais a spreagadh, agus chun éascaíocht a dhéanamh d'aistriú na teicneolaíochta chuig an tionscal agus chuig Fiontair Bheaga agus Mheánacha sa réigiún trasteorann.
- Timpeallacht fiontraíochta níos láidre a fhorbairt trí thacú le cnuasaigh thrasteorann agus le hionaid bharrfheabhais i bpríomhearnálacha.

- Inmharthanacht, feidhmíocht agus saineolas gnó trasteorann a fheabhsú trí thacaíocht a thabhairt do nuálaíocht maidir le forbairt táirge agus próisis, agus maidir le feabhas a chur ar chórais ghnó.
- Comhchláir nuálaíochta a fhorbairt a dhíreofar ar chabhrú le Fiontair Bheaga agus Mheánacha cur lena táirgiúlacht agus lena gcumas iomaíochta.
- Éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt earnálacha agus fiontar a bhféadfadh fás teacht orthu. Orthu seo a áirítear fiontair shóisialta sa réigiún trasteorann chomh maith.

4.4.3 Oibríochtaí Táscacha

- Slite nuálaíochta chun tabhairt faoi fhorbairt bainistíochta, meantóireacht cheannaireachta agus faoi líonraí tacaíochta i bhFiontair Bheaga agus Mheánacha.
- Cnuasaigh fhíorúla nó cnuasaigh fhisiciúla a dhéanamh sa limistéar trasteorann.
- Díriú ar shaineolas ard-teicneolaíochta agus ar aistriú teicneolaíochta idir institiúidí ardoideachais agus breisoideachais agus idir Fhiontair Bheaga agus Mheánacha in Éirinn agus sa Bhreatain Bhig. I measc earnálacha eile d'fhéadfadh bia agus deoch, fóillíocht mhuirí agus chósta chomh maith le tionscail chruthaitheacha, earraí agus seirbhísí comhshaoil agus geo-eolaíochtaí a bheith san áireamh leis seo.
- Tionscnaimh chomhoibritheacha nideoige timpeall ar mhargaí ag a bhfuil acmhainn chun foráis, agus comh-fhorbairt táirge.
- Comhoibriú cultúrtha le tuilleadh claonta chun gnó maidir le nithe gur léir orthu go bhfuil tairbhí eacnamaíochta níos inbhraite le baint astu don réigiún. Ba chóir go mbeadh fiontair den tsórt seo ag teacht le tosaíochtaí Straitéis Liospóin agus le hardú luacha eacnamaíoch agus inbhuanaitheachta fadthearmaí.
- Cultúr fiontair a fhorbairt ar fud na n-earnálacha ar fad, an earnáil phoiblí san áireamh, agus tabhairt faoi na dúshlán a bhaineann le díomhaointeas eacnamaíoch, trí fiontair shóisialta a fhorbairt in Éirinn agus sa Bhreatain Bhig agus líonraí a chruthú eatarthu.

4.4.4 Spriocanna/Táscairí

Ba chóir go léireodh na táscairí aschuir agus na táscairí toraidh a shonraítear rannchuidiú ó CFRE amháin.

Aschur

	Bonnlíne	Sprioc dheireanach
Líon na gcomhthograí atá chun nuálaíocht a fhorbairt agus a chur chun cinn i bhFiontair Bheaga agus Mheánacha. Leis seo a áirítear naisc le hInstitiúidí ard- agus breisoideachais	0	11
<ul style="list-style-type: none"> Líon na gcomhthograí chun fiontraíocht agus forbairt gnóthas nua a fhorbairt agus a chur chun cinn. Leis seo a áirítear cnuasaigh ghnó thrasteorann 	0	11
<ul style="list-style-type: none"> Líon na bhFiontar Beag & Meánach a fuair cúnamh 	0	300

Torthaí

	Bonnlíne	Sprioc dheireanach
<ul style="list-style-type: none"> Líon na bhFiontar Beag & Meánach a cruthaíodh 	0	10
<ul style="list-style-type: none"> Líon na dtáirgí/na bpróiseas nua a forbraíodh 	0	15
<ul style="list-style-type: none"> Líon comhlán postanna nua a cruthaíodh 	0	20

4.5 TÉAMA 2 – Scileanna i gcomhair cumas iomaíochta agus comhtháthú fostaíochta

4.5.1 Réasúnaíocht maidir le hldirghabháil na gCistí Struchtúracha

I dtaobh na ndúshlán atá roimh an dá chuid den réigiún trasteorann le chéile aithníodh leis, gur réimse é oiliúint agus oideachas atá thar a bheith oiriúnach do chomhoibriú trasteorann. Tá sé seo ag teacht go breá le Treoirlínte Straitéiseacha an Chomhphobail ina leagtar béim ar an ngá le tuilleadh postanna agus le postanna níos fearr. Níl slí níos fearr chun é seo a bhaint amach ach le

lucht saothair dea-oilte agus glactar leis de réir a chéile gurb é seo an tslí chun postanna i dtaighde agus i bhforbairt nuálaíoch a mhealladh chuig an réigiún.

Tá ábhair chomhchúraim aitheanta ag an dá chuid den réigiún trasteorann ina bhféadfadh comhoibriú fíor-thairbhe a thabhairt dóibh. I measc na n-ábhar táid seo a leanas: forbairt ard-scileanna, cur chuige i leith foghlama ar feadh an tsaoil, feabhas a chur ar an oideachas a sholáthraíonn institiúidí ard- agus breisoideachais, tuilleadh forbartha ar oideachas dochtúireachta agus teacht níos fearr a chur ar fáil ar oiliúint do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste chun rannpháirtíocht sa bhfostaíocht a éascú ar chuma éifeachtach. Ba chóir go bhféadfaí forbairt scileanna, fostaíocht agus comhtháthú sóisialta a mhéadú ach a bheith ag obair i gcomhar a chéile.

Is é ceann de na príomhrudaí a chabhróidh linn é seo a bhaint amach ná na hinstiúidí ardchaighdeán ard- agus breisoideachais ag a bhfuil teist iontach comhoibríthe cheana ó chlár INTERREG a bhí ann roimhe seo agus a bhíonn ag obair i gcomhar a chéile ar chlár ar nós an Chláir Chreata de chuid *DG Research*. Tá luach breise soiléir léirithe ag a gcuid tograí ar fud roinnt earnálacha éagsúla. Fíordheis is ea an clár seo chun an comhoibriú seo a thabhairt chun cinn arís. Is féidir le gníomhaireachtaí stáit agus leis an earnáil dheonach agus phobail sa limistéar radharcanna agus slíte oibre eile a chur ar fáil chomh maith, chun dul i ngleic leis na dúshlán seo.

4.5.2 Príomhchuspóirí

Is iad seo príomhchuspóirí an Téama seo:

- tabhairt faoi na hábhair chomhchúraim maidir le scileanna d'Fhiontair Bheaga agus Mheánacha, go háirithe scileanna bainistíochta a fheabhsú, agus scileanna a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na heacnamaíochta atá ag athrú, mar atáid i gcorp an lae inniu agus mar a bheidh siad san am le teacht.
- tuilleadh luach eacnamaíoch a fháil de thoradh ar cáilíochtaí níos airde a bheith ar fáil sa chuid is mó den limistéar trasteorann.
- cur chuige coiteann a fhorbairt chun oiliúint agus forbairt scileanna a chur ar fáil a chabhróidh linn lucht inimirce agus grúpaí eile atá faoi bhuntáiste ar leith a dhéanamh rannpháirteach sa bhfostaíocht.
- scileanna a fhorbairt agus tabhairt faoi bhearnaí scileanna chun go ndéanfar éascaíocht d'fhorás eacnamaíoch i bpríomhearnálacha gnó sa réigiún trasteorann. Ar na hearnálacha áirítear an turasóireacht, cúrsaí

mhuirí, talmhaíocht, fuinneamh agus peitricheimiceáin chomh maith le hearnálacha ag a bhfuil an acmhainn chun fáis, ar nós gnóthais a bhaineann le T & F.

- comhoibriú ar bhonn trasteorann chun córais foghlama agus forbairt lucht saothair a fheabhsú chun gur fearr gur féidir freastal a dhéanamh ar riachtanais an réigiúin thrasteorann. É seo a dhéanamh trí bheith ag díriú ar gach leibhéal den gcóras oideachais agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

4.5.3 Oibríochtaí Táscaha

- Cur chuige nuálaíoch chun feidhmíocht na bhFiontar Beaga agus Meánacha a fheabhsú trí scileanna a chur chun cinn agus trí naisc dhíreacha a fhorbairt le gnólachtaí agus le sholáthraithe oiliúna.
- Dea-chleachtas a mhalartú i réimsí ar nós forbairt bhainistíochta agus seachadadh oiliúna i scileanna cineálacha níos leithne.
- Cur chuige nuálaíoch chun scileanna a fheabhsú i bpríomhearnálacha lena n-áirítear: príomhscileanna i dtioncal na turasóireachta atá ceangailte le forbairt táirge do mhargadh nideoige, le forás agus le scileanna seirbhís chustaiméara; scileanna in earnálacha an chomhshaoil agus an fhuinnimh, go háirithe maidir le foinsí fuinnimh inathnuaite, mar fhreagra ar an dúshlán atá ag gabháil le hathrú aeráide.
- Córais agus próisis a fhorbairt chun úsáid scileanna ardleibhéil agus scileanna céimithe a mhéadú. Leis seo áirítear go neartófar na naisc thrasteorann idir institiúidí breis- agus ardoideachais agus gnólachtaí áitiúla; comhthionscnaimh in oiliúint iarchéime agus maidir le cúrsaí oiliúna speisialtóra a eagrú.
- Cláir foghlama nuálaíocha fiontraíochta i scoileanna agus in institiúidí breis- agus ardoideachais a fheabhsú. Na cláir a chomhtháthú sna curaclaim ar shlí éifeachtúil chun líon na ngnólachtaí áitiúla le hacmhainn mhór chun fáis a mhéadú.
- Comhoibriú idir scoileanna, institiúidí breis- agus ardoideachais, soláthraithe oiliúna príobháideacha agus eagraíochtaí eile a fheabhsú chun bealaí a oscailt agus chun réimse na ndeiseanna foghlama atá ar fáil do dhaoine óga a leathnú chun dul i ngleic le heaspa gnóthachála agus chun bacanna ar rannpháirtíocht iomlán sa mhargadh saothair a shárú.

- Comhchláir chun lucht inimirce a tháinig isteach sa tír le déanaí agus grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste a imeascadh i bpríomhshruth an lucht saothair.
- Comhoibriú chun treochtanna a aithint i dtaobh riachtanas scileanna a bheidh sa limistéar trasteorann san am le teacht.
- Deiseanna a chur ar fáil chun socrúchán trasteorann do chéimithe a eagrú i bhFiontair Bheaga agus Mheánacha.

4.5.4 Spriocanna/Táscairí

Ba chóir go léireodh na táscairí aschuir agus na táscairí toraidh a shonraítear rannchuidiú ó CFRE amháin.

Aschur

	Bonnlíne	Sprioc dheireanach
Líon na dtograí oiliúna comhoibritheacha atá dírithe ar riachtanais scileanna na bhFiontar Beag agus Meánach agus an tionscail sa réigiún trasteorann	0	9
Líon na gcomhthograí atá dírithe ar chórais fhoghlama agus ar chórais d'fhorbairt lucht saothair a fheabhsú	0	4
Líon na gcomhthograí atá dírithe ar theacht a chur ar fáil ar oiliúint agus ar oideachas do lucht inimirce agus do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste	0	5
Líon na dtairbhíthe atá ag gabháil do mhodúil/chúrsaí oiliúna trasteorann	0	500

Torthaí

	Bonnlíne	Sprioc dheireanach
Líon na dtairbhíthe atá ag fáil cáilíochtaí deimhnithe	0	350

Tosaíocht 2 – Athrú Aeráide agus Athghiniúint Inbhuanaithe

4.6 Cuspóirí na Tosaíochta

- Díriú ar na dúshláin a chuireann an t-athrú aeráide roimh an dá chuid den réigiún trínár gcuid acmhainní fisiciúla agus nádúrtha a bhainistiú ar shlí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.
- Deiseanna a chur ar fáil do mhuintir an réigiúin thrasteorann a bpobail a athnuachaint agus a athghiniúint ar shlí inbhuanaithe.

Forbrófar é seo trí dhá théama.

Téama 1 – Athrú Aeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Téama 2 – Athghiniúint Inbhuanaithe Pobal

Léiríonn rogha na dtéamaí a n-inbhuanaitheacht maidir le comhoibriú trasteorann chomh maith lena dtábhacht mhór d'fhorbairt an réigiúin thrasteorann san am le teacht. Sonraítear bealach an AE d'fhorbairt inbhuanaithe go soiléir i gClár Oibre Gothenburg. Bealach é seo atá le feiscint i mbeartais náisiúnta na gcomhchodanna a bhaineann le limistéar an chláir.

4.7 Réasúnaíocht maidir le hIdirghabháil na gCistí Struchtúracha

Is é an sainmhíniú a tugadh ar fhorbairt inbhuanaithe ag Comhairle Eorpach Gothenburg ná freastal ar riachtanais na glúine atá ann anois gan riachtanais na nglúinte atá ag teacht inár ndiaidh a thréigean, agus tabhairt faoi bheartais eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil ar shlí ina neartaítear a chéile.

Ar na tosaíochtaí atá i gceist tá: cur in aghaidh athrú aeráide, iompar inbhuanaithe a chinntiú, tabhairt faoi bhagairtí ar an tsláinte phoiblí, acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar shlí níos críonna agus beartas comhshaoil a chomhtháthú le beartais Chomhphobail eile.³⁸

Is léir ó phróifíl an réigiúin agus ó na dúshláin atá roimh an dá chuid den réigiún le chéile go bhfuil na dúshláin chéanna roimh an dá chuid den réigiún maidir le forbairt inbhuanaithe, feasacht chomhshaoil agus maidir le hathrú aeráide chomh maith le forbairt phobal inbhuanaithe. Treisíonn beartais straitéiseacha an

³⁸ Competitiveness, sustainable development and cohesion in Europe –From Lisbon to Gothenburg (Cumas Iomaíochta, forbairt inbhuanaithe agus comhtháthú san Eoraip – Ó Liospóin go Gothenburg)

Aontais Eorpaigh é seo, agus go háirithe Straitéis Gothenburg agus Treoirlínte Straitéiseacha an Chomhphobail ina ndeintear tagairt faoi leith d'fheabhsú tarraingteachta réigiún trí bheith ag caomhnú a n-acmhainneacht ó thaobh an chomhshaoil de. Deineadh tuilleadh treisithe ar na téamaí seo sna Creata Tagartha Straitéiseacha Náisiúnta agus i mbeartais náisiúnta mhionsonraithe i réimse an athrú aeráide agus an fhorbartha inbhuanaithe chomh maith.

Tá a lán buntáistí ag gabháil le bheith ag obair le chéile ar bhonn trasteorann i gcúrsaí athrú aeráide agus ar fhorbairt inbhuanaithe. Cúraimí idirnáisiúnta iad seo a théann i bhfeidhm ar an dá chuid den réigiún chomh maith. Is é an gné is follasaí ná go bhfuil Muir Éireann mar acmhainn ag an dá chuid den réigiún. Bhí an timpeallacht mhuirí ina príomhchuspóir ag beart amháin den gclár 2000-2006 agus cruthaíonn sé go soiléir go bhfuil luach breise ag teacht as comhoibriú trasteorann faoi mar a míníodh cheana féin. De bhreis air seo is dúshlán ollmhór a bheith ag tabhairt aghaidhe ar an athrú aeráide agus ar na freagrachtaí atá ag gabháil le Prótacal Kyoto. De réir dealraimh beidh na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide ar dhá thaobh an réigiúin cosúil lena chéile agus ní féidir le cur chuige nua i leith na faidhbe dul chun sochair don réigiún ach amháin má dhéanfar iarracht ar é a fhorbairt ar bhonn chomhoibritheach.

Tá comhtháthú sóisialta agus neart na bpobal sa réigiún trasteorann ina ábhar tábhachtach atá chaithfidh tacaíocht a fháil de réir Treoirlínte Straitéiseacha an Chomhphobail. Tá mórchuid den ábhar seo curtha ar bun sa Ghné um Chríochea den Bheartas Comhtháthaithe. Tá cruthaithe ag an gclár 2000-2006 go dtagann fíor-luach breise ar phobail de thoradh ar rannpháirtíocht na hearnála pobail agus na hearnála deonaí i gceantair thuaithe agus chathrach. Bheadh tograí pobail a cuireadh i gcrích gan déanamh murach an tacaíocht a fuaireadar ó Chlár na hÉireann-na Breataine Bige 2000-2006. Is fianaise ar dhúthracht agus ar fhuinneamh na bpobal áitiúla sa limistéar trasteorann í an tacaíocht a tugadh d'eagraíochtaí i réimsí na bhfiontar sóisialta, na turasóireachta agus na forbartha cultúrtha chomh maith le glanadh agus cothabháil na gceantar cósta. Tá an t-athbhreithniú ar an gclár 2000-2006 ar fáil ar www.seregassembly.ie. San athbhreithniú cuirtear tuilleadh eolais ar fáil ar rannpháirtíocht na hearnála deonaí agus na hearnála poiblí. Fíor-dheis is ea an téama seo borradh a chur faoin bhfuinneamh seo agus cur leis an gcomhoibriú trasteorann agus é a fheabhsú. Cuirfear scéim líonraithe nua idir Éirinn agus an Bhreatain Bhig ar bun go luath sa chlár mar chomharba ar an scéim a bhí ann roimhe seo, chun éascaíocht a dhéanamh do chomhoibriú.

4.8 Spriocghrúpaí/ Tairbhithé

Tá sé i gceist ag an gclár a bheith ag feidhmiú ar shlí chuimsitheach. Is mian leis meas a léiriú ar chomhionannas deise agus oiread rannpháirtíochta is féidir a spreagadh ó phobal an limistéir. Chuige seo féachfar ar iarratais ó gach eagraíocht ag a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus go bhfuil de chumas aici tograí a

fhorbairt agus a sheachadadh a fhéadann cuspóirí straitéiseacha an chláir a chur chun cinn ó thaobh an chláir féin de agus ó thaobh na tosaíochta de.

Beidh ag clár ag lorg iarratas ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach, dheonach agus ón earnáil phoibail. I measc na n-eagraíochtaí a d'fhéadfadh iarratas a chur isteach ar mhaoiniú faoi na ceannteidil ghinearálta seo tá institiúidí ard- agus breisoideachais, údaráis áitiúla, cumainn thionscail agus gníomhaíochtaí fiontair, chomh maith le fórais stáitmhaoinithe, eagraíochtaí deonacha agus grúpaí agus cumainn fhorbartha pobail.

4.9 Téama 1 –Athrú Aeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

4.9.1 Réasúnaíocht maidir le hIdirghabháil na gCistí Struchtúracha

Tá athrú aeráide ar cheann de na hábhair chúraim is mó dá bhfuil ar domhan. Ní mór don dá chuid den réigiún trasteorann méid an gháis cheaptha teasa a astaítear iontu a laghdú chun tionchar athrú aeráide a laghdú ach caithfidh siad iad féin a chur in oiriúint dá iarmhairtí ag an am céanna. Is é an sprioc atá ag Rialtas na Ríochta Aontaithe ina thaobh seo ná laghdú 20% ar astúcháin CO₂ a bhaint amach faoin mbliain 2010 agus laghdú 60% a bhaint amach faoi 2050. Tá sprioc curtha síos ag Rialtas na hÉireann leis, is é sin, laghdú 13% ar astúcháin CO₂ i gcoibhneas le leibhéal na n-astúchán i 1990 a bhaint amach i gcaitheamh na tréimhse 2008-2012. I láthair na huaire tá an aeráid ag athrú i bhfad níos tibhe ná mar a bhíodh roimhe seo agus léiríonn an t-athrú ar an teocht méadú ar charbón san atmaisféar de thoradh ar ghníomhaíocht dhaonna.

Fadhb í seo a bheidh ag imirt ar an dá chuid den réigiún trasteorann ar an gcuma céanna. Is iad na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfadhb seo orthu mar thoradh díreach ar athrú aeráide ná ardú leibhéil na farraige agus athruithe ar an aimsir as a leanfadh baol tuile níos mó, dul i léig na bithéagsúlachta, baol níos mó do shláinte an duine agus athruithe ar sholáthar bia agus ar thurasóireacht. Dá thoradh sin d'fhéadfadh gnólachtaí a bheith i mbaol níos mó, rud a tharraingeodh costais mhéadaithe ar nós táillí árachais. D'fhéadfadh iarmhairtí neamhdhíreacha imirt ar an Bhreatain Bhig agus ar Éirinn leis, de thoradh ar athrú aeráide in áiteanna eile den domhan, mar shampla inimirce ó cheantair leochaileacha agus teacht spéicis ó cheantair ó dheas.

Tagann formhór mór na n-astúchán ó dé-ocsaíd charbóin (CO₂). Ní féidir le córais an nádúir asamhlú a dhéanamh ar an méid CO₂ a astaítear agus dá bhrí sin téann comhchruinniú an gháis i méid. Ar an ábhar seo táthar ag díriú na hoibre ar laghdú astúchán dé-ocsaíd charbóin agus leanfar de bheith á dhéanamh.

Níl inbhuanaitheacht chomhshaoil ach cuid den réiteach atá uainn chun moill a chur ar athrú aeráide. Ba chóir do gach ballstát prionsabail d'fhorbairt inbhuanaithe a dhéanamh mar chuid dá réimsí beartais ar fad chun cosc a chur

ar dhul i léig ár n-acmhainní nádúrtha agus chun an scéal a chasadh timpeall faoi dheireadh thiar.

Tá roinnt réimsí ann ar a bhféadfaí díriú leis an gclár trasteorann agus ar a bhféadfadh Éire agus an Bhreatain Bheag tabhairt le chéile faoin bprionsabal seo 'cuimhnigh ar an domhan, gníomhaigh ar an mbaile'. Tá a lán eagraíochtaí lonnaithe sa réigiún trasteorann, eagraíochtaí ar nós institiúidí ard- agus breisoideachais, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí a bhíonn ag obair as láimh a chéile le fada an lá ar mhaithe leis an réigiún. Beidh sé i gceist an an gclár leas a bhaint as an taithí seo chun a gcuid taithí ar bharrfheabhas i gcúrsaí eolaíochta agus comhshaoil a úsáid ar shlí éifeachtach chun leasa an réigiúin thrasteorann ar fad.

Is é an dúshlán is mó a bheidh ann ná idirghabhálacha dírithe a fhorbairt a thacóidh le pobail, le húdaráis áitiúla agus leis an earnáil ghnó na tairbhí iontacha a aithint a d'fhéadfaí a fháil ó fhorbairt níos inbhuanaithe agus as athrú meoin i leith an chomhshaoil.

Ar na hoibriúcháin a roghnófar chun cúnamh airgid a thabhairt dóibh faoin téama seo ní bheidh aon tacaíocht d'aon ghníomhaíocht ar an liosta in larscríbhinn II den Treoir um Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (2001/42/CE) nó do "thograí" faoi mar a táid arna sainmhíniú in Alt 1 den Treoir um Mheasúnú Tionchair ar an gComhshaoil nó iad siúd atá in larscríbhinní I agus II den Treoir um Mheasúnú Tionchair ar an gComhshaoil (85/337/EEC).

4.9.2 Príomhchuspóirí

- Comhthionscnaimh a fhorbairt chun tuiscint a spreagadh ar athrú aeráide agus chun dul i bhfeidhm ar iompar na ndaoine maidir leis an gcomhshaoil agus maidir le húsáid fuinnimh.
- Rannpháirtíocht pobal i bhforbairt tograí beaga agus tograí trialacha chun ídiú fuinnimh agus astúcháin dé-ocsaíd charbóin a laghdú agus chun tionchar praiticiúil a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil.
- Na buanna agus iniúlachtaí a bhaineann le hard- agus breisoideachas agus le bonn taighde agus forbartha an réigiúin ar fad a thabhairt le chéile chun cur i gcoinne na bagartha a chuireann athrú aeráide romhainn le forbairt teicneolaíochtaí nuálaíochta.
- Tuilleadh taighde ar fhoinsí fuinnimh inathnuaite agus ar thograí trialacha chun a bhfeidhm phraiticiúil a thaispeáint agus chun a chruthú gur féidir iad a aistriú chuig an earnáil ghnó agus chun na bpobal go ginearálta.
- Modh coiteann a aimsiú chun an timpeallacht mhuirí agus an cósta a chosaint chun gur féidir linn taithneamh a bhaint astu san am atá amach romhainn,

agus cothroime a bhaint amach idir cosaint chomhshaoil agus tairbhe eacnamaíoch.

- Tuilleadh comhoibrithe a dhéanamh agus leanúint de bheith ag tógáil ar an obair mhaith atá déanta cheana faoi Chlár INTERREG IIIA na hÉireann-na Breataine Bige chun luach breise a chur le cosaint na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras sa limistéar trasteorann.

4.9.3 Oibríochtaí Táscacha

- Feachtais phoiblíochta trasteorann agus pleananna gnímh chun athruithe iompraíochta a chur chun cinn i leith úsáid éifeachtúil fuinnimh.
- Foinsí inathnuaite agus foinsí malartacha fuinnimh a chur chun cinn agus a fhorbairt, go háirithe i bpobail Éireannacha agus Bhreatnacha. Mar shampla, fuinneamh gaoithe faoin gcladach agus amach ón gcósta, cumhacht toinn agus taoide, fuinneamh gréine, micreafhuinneamh agus réitigh fhuinnimh ó theas agus ó chumhacht le chéile.
- Cur chun cinn agus forbairt bithbhreolsaí agus tionscnaimh charbóin ísil eile a bhaineann le shlite inbhuanaithe chun talamh a úsáid sa réigiún trasteorann.
- Inniúlachtaí a fhorbairt ar fud na hÉireann agus na Breataine Bige lena bhféadfar tionchar/cásanna athrú aeráide áitiúil (chun feabhais agus chun donais), a aithint agus a chainníochtú agus lena bhféadfar straitéiseacha oiriúnaitheacha agus tograí trialacha a fhorbairt atá bunaithe ar fhianaise, chun deiseanna nua a dhéanamh de chásanna a mbeadh droch-thionchar acu mura mbeadh sin.
- Feabhas a chur ar cheantair mhuirí agus ar chósaí, lena n-áirítear modhanna bainistíochta praiticiúla (m.sh. Pleanáil Spásúil Mhuirí) trí bheith ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara áitiúla agus trí phobail a dhéanamh rannpháirteach san obair.
- Leas a bhaint as deiseanna turasóireachta inbhuanaithe lena n-áirítear taighde agus forbairt a dhéanamh ar chúltaiscí muirí amach ón gcósta agus ar chúltaiscí nádúir nach iad, ag a bhfuil baint le forbairt turasóireachta inbhunanaithe de réir éiceachaighdeán náisiúnta. Taighde agus bainistiú ar bhagairtí núise ar thurasóireacht de thoradh athrú aeráide.
- Bainistiú/cosaint gnáthóga agus spéiceas in uiscí cósta agus intíre, i mbogaigh agus mar sin de, agus taighde a bhaineann leis seo ar bhainistiú comhtháite uisce agus baol tuile i ndobharcheantair aibhneacha.

- Meastóireacht, measúnú agus forbairt ar tháirgí carbóin isil a chur chun cinn mar earnáil nua tháigiúil den mhargadh nideoige³⁹.

4.9.4 Táscairí

Ba chóir go léireodh na táscairí aschuir agus na táscairí toraidh a shonraítear rannchuidiú ó CFRE amháin.

Aschur

	Bonnlíne	Sprioc dheireanach
Líon na dtograí trasteorann a dhíríonn ar spreagadh feasachta nó ar fhreagairt do dhúshlán an athrú aeráide.	0	9
Líon na gcomhthograí a chosnaíonn agus/nó a chuireann chun cinn an timpeallacht nádúrtha.	0	9

Torthaí

	Bonnlíne	Sprioc dheireanach
Líon na nascanna trasteorann a cuireadh ar bun	0	9
Líon na mbeart a cuireadh i ngníomh agus a fhreagraíonn do dhúshlán an athrú aeráide.	0	9
Líon na bhfeabhsuithe a deineadh.	0	9
Líon na dtograí a scaipeann torthaí ar an lucht leasa nó ar phobail nó an dá rud, nó tuaraiscí a foilsíodh.	0	9

4.10 Téama 2 – Athghiniúint Inbhunanaithe Phobal

4.10.1 Réasúnaíocht maidir le hIdirghabháil na gCistí Struchtúracha

³⁹ I Stern Report (2006) na Ríochta Aontaithe meastar gur dócha gurb é \$500 billiún in aghaidh na bliana ar a laghad é luach an mhargaidh domhanda do tháirgí fuinneamh íseal carbóin faoin mbliain 2050.

Tugann Gné na gCríocha den Bheartas Comhtháthaithe mar a shonraítear i dTreoirlíne Straitéiseacha an Chomhphobail é tacaíocht thábhachtach d'fhorbairt sraith idirghabhálacha a thabharfaidh faoi na riachtanais aitheanta atá ag limistéar an chláir. Sna treoirlínte deintear tagairt leis, don gá atá le lucht saothair láidir a chothabháil. Ar an mbonn seo tá dreasacht chun forbairt láidir phobail a spreagadh. Ní féidir réigiúin láidir a bheith ann a mhealann forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil ach amháin má tá pobail láidre á gcothabháil iontu. Tá forbairt agus cothú caipitil shóisialta⁴⁰ fíor-thábhachtach chun comhtháthú sóisialta a chothabháil. Is trí phobail láidre a chothú agus a chur chun cinn sa réigiún trasteorann is fearr a bhaintear é seo amach. Rud é seo atá antábhachtach chun tacaíocht a thabhairt d'fhorás agus do chruthú postanna. Tagann an saghas comhoibrithe thrasteorann is nádúrtha de thoradh ar idirghníomhú daonna. Beidh sé i gceist ag an téama seo forbairt a chur chun cinn ar phobail ar dhá thaobh an réigiúin. D'ainneoin gur éirigh le geilleagar san dá chuid den réigiún i gcoibhneas le réigiúin eile tá mórán fadhbanna ann i gcónaí. Tá díobháil déanta do mhórán pobal ag meascán d'fhadhbanna ar nós eisimirce ón tuath, laghdaithe ar ghníomhaíocht dheonach, díothachta eacnamaí i mbaill áirithe agus andúile i ndrugaí.

Tá éascaíocht déanta ag an gclár 2000-2006 d'fhorbairt phobail ar roinnt leibhéal éagsúil agus tá i gceist leis an gclár seo tógáil ar an dul chun cinn atá déanta cheana féin chun comhoibriú trasteorann a thabhairt ar aghaidh. Má deintear nascanna idir phobail ón dá thír cruthaítear deis iontach nithe a fhoghlaim óna chéile agus slite agus radharcanna malartacha a fhorbairt lena bhféadfar luach breise a sholáthar agus lena bhféadfar feabhas a chur ar tharraingteacht pobal eile sa réigiún agus níos sia ar aghaidh san dá thír.

4.10.2 Príomhchuspóirí

- Éascaíocht a dhéanamh do chomhghníomhaíochtaí agus iad a chur chun cinn, chun a áirithiú go mbeidh pobail bheo i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon sa réigiún.
- Comhdheiseanna d'athghiniúint inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn agus aitheantas a bheith á thabhairt don timpeallacht nádúrtha, do shochair thógtha agus do chultúr agus d'oidhreacht an réigiúin thrasteorann.

4.10.3 Oibríochtaí Táscacha

- Comhthaighde agus comhmheasúnaithe tionchair ar athruithe sóisialta agus pobail, lena n-áirítear athrú deimeagrafach, mór-thionchair tograí athghiniúna

⁴⁰ Tagraíonn caipiteal sóisialta do naisc idir daoine aonair – líonraí sóisialta agus gnásanna comhalartachta agus iontaofachta a thagann astu

ar phobail; éascaíocht a dhéanamh d'fheidhmiú praiticiúil a thabairfidh tairbhí don bpobail.

- Baint ghníomhach na bpobal áitiúil le forbairt slite oibre comhchoitinne chun comhtháthú sóisialta a chur chun cinn agus a éascú. Leis seo a áirítear iniamh lucht imirce, mionlach teanga, daoine nach bhfuil i mbun fostaíochta, ná nach bhfuil i mbun oideachais ná oiliúna.
- Tacaíocht do thionscnaimh agus do mhalartaithe trasteorann chun luach eacnamaíoch a ríomh/a shannadh d'acmhainní comhshaoil agus d'acmhainní sóisialta lasmuigh den mhargadh (luach intreach ⁴¹ tírdhreacha, bogaigh, seirbhís phobail atá á soláthar ag oibríthe deonacha, mar shampla) mar obair i leith forbartha inbhuanaithe agus i leith athghiniúint pobal áitiúil.
- Tacaíocht d'fhorbairt agus cur chun cinn comhghníomhartha um chosaint agus feabhsú an chomhshaoil.
- Inniúlacht a fhorbairt sna pobail go mbeidís rannpháirteach i mbarrchleachtas agus i smaointí faoi athghiniúint nuálaíoch phobail, chomhshaoil agus gheilleagair, agus go mbeidís in ann na hinniúlachtaí agus na smaointí a roinnt.
- Oidhreacht chultúrtha agus teanga (tionscnaimh Bhreatnaise/Ghaeilge a chur chun cinn agus béim a chur ar thacaíocht d'fhorbairt eacnamaíoch an réigiúin thrasteorann.
- Barrchleachtas um athghiniúint eacnamaíoch a roinnt sa phobal níos leithne fiontair shóisialta ina measc. Tíocfaidh tairbhí díreacha as seo do dhá thaobh na teorann.
- Malartú agus aistriú eolais a fhorbairt maidir le cur chun cinn na sláinte agus na folláine.

4.10.4 Táscairí

Ba chóir go léireodh na táscairí aschuir agus na táscairí toraidh a shonraítear rannchuidiú ó CFRE amháin.

Aschur

	Bonnlíne	Sprioc dheireanach
--	-----------------	---------------------------

⁴¹ Muna mbeadh a leithéid d'acmhainn ann go nádúrtha, cén costas a bheadh air dá gcaithfí é seo a chur ar fáil?

Líon na dtograí a dhírítear ar ghníomhú um athghiniúint inbhuanaithe pobail.	0	14
--	---	----

Torthaí

	Bonnlíne	Sprioc dheireanach
Líon na nascanna nua pobail, fiontair shóisialta nó nascanna cultúrtha atá curtha ar bun	0	7
Líon na mbearta nua atá curtha i ghníomh	0	14
Líon comhlán postanna nua a cruthaíodh	0	6

Tosaíocht 3 – Cúnamh Teicniúil

4.11 Brollach

Faoin dtosaíocht seo beidh caiteachas atá de réir Ailt 46 de Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1083/2006 incháilithe chun críocha costas a thabhaítear ag an Údarás Bainistíochta (nó ag gníomhaireachtaí a fheidhmíonn thar a cheann) maidir le bainistíocht fhoriomlán an Chlár Oibriúcháin.

4.12 Cuspóirí

Is é cuspóir fhoriomlán na Tosaíochta ná tacú le bainistiú, le meastóireacht agus le monatóireacht an Chlár Oibriúcháin.

4.13 Téama an Chúnamh Theicniúil

Faoi réir srianta atá sonraithe in Alt 46 (1) (b), d'fhéadfadh CFRE tacaíocht a thabhairt faoin dtéama seo do réimsí ar nós gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistithe, monatóireachta, meastóireachta, faisnéisithe agus stiúrtha an Chlár Oibriúcháin i dteannta gníomhaíochtaí chun cumas riaracháin do chur i ghníomh an Chiste a neartú.

4.14 Spriocghrúpaí/Tairbhithe

Anseo thíos tá liosta táscach tairbhithe dealraitheacha na Tosaíochta seo:

Tionol Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
 Rialtas Tionóil na Breataine Bige
 Údaráis Áitiúla i gceantar an chlár
 Aonad Stiúrtha Airgeadais de chuid CFRE ERDF
 An Roinn Airgeadais

4.15 Oibríochtaí Táscacha

Anseo thíos oibríochtaí táscacha a bheidh incháilithe faoin dTéama seo;

- caiteachas a bhaineann le hullmhú, roghnú, meastóireacht agus le monatóireacht cúnaimh agus oibríochtaí;
- caiteachas a bhaineann le cruinnithe an Choiste Mhónatóireachta agus an Choiste/na gCoistí Stiúrtha atá faoi chur i ngníomh cúnaimh;
- caiteachas a bhaineann le hiniúchtaí agus le scrúduithe oibríochtaí ‘ar an bhfód’;
- caiteachas a bhaineann le gníomhaithe faisnéisithe maidir leis an gClár Oibriúcháin;
- maoiniú i gcomhair Oifigeach Forbartha sa Bhreatain Bhig agus in Éirinn chun iarratais ar thograí a chothú, chun cumas a thógáil agus chun comhpháirtíochtaí agus tograí trasteorann a chomhordú, i measc rudaí eile;
- tacaíocht d’ullmhúchán tairiscintí ar thograí, do chomhairliú maidir le hincháilitheacht agus cur-le-chéile iarratas;
- maoiniú chun cabhrú le feidhmiú na Comhrúnaíochta Teicniúla in Éirinn agus leis an bPointe Teagmhála sa Bhreatain Bhig;

4.16 Táscairí

Ba chóir go léireodh na táscairí a shonraítear rannchuidiú ó CFRE amháin.

Aschur

	Bonnlíne	Sprioc dheireanach
Líon comhlán postanna díreacha a cruthaíodh	0	10
Bunú na Comhrúnaíochta Teicniúla	0	1
Bunú bunachar sonraí do thograí	0	1
Líon na nImeachtaí Poiblíochta	0	14
Líon na nuachtlitreacha a cuireadh le chéile	0	6
Líon na meastóireachtaí agus na staidéar a cuireadh i gcrích	0	3
Bunú suíomh idirlín an Chláir	0	1

CAIBIDIL 5

Tacaíocht ó CFRE & Pleananna Airgeadais

I ndiaidh comhaontú a fháil ó Chomhairle na hEorpa ar pheirseictíochtaí airgeadais don tréimhse 2007-2013 ghlac Coimisiún na hEorpa ar an 4 Lúnasa le miondealuithe seasta bliantúla na gceangaltas airgeadais maidir le gach ballstát ó 2007 go 2013. I ndiaidh breithniúchán inmheánach sa R.A. agus in Éirinn araon tá dearbhaithe ag an dá ballstát go gcuirfear suim iomlán de €52,695,295 de CFRE ar leataobh do Chlár na hÉireann-na Breataine Bige. Is as a gcuid leithdháiltí faoi seach faoi Chomhoibriú idir Chríocha a thabharfar an t-airgead seo don gClár.

De réir Ailt 53 de Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1083/2006 ní mó ná 75% méid an chomhaoinithe ó CFRE i leith an Chláir Oibriúcháin seo. Mar sin caithfidh an leithdháileadh náisiúnta ciste meaitseála 25% a chur leis ar a laghad. Tá socraithe ag na hÚdaráis Cláir gurb é an ráta cúnaimh lena nglacfar faoi chomhair an Chláir Oibriúcháin seo ná 75% den chaiteachas poiblí iomlán. Faoi mar a fhoráiltear faoi na Rialacháin ní mór an plean airgeadais don gClár seo a chur le chéile ar bhonn an chaiteachais phoiblí iomláin incháilithe. Ar an mbonn seo is mó ná €70 milliún é iomlán an chaiteachais phoiblí chomhaoinithe faoin gClár ach meastar gur €2 milliún é iomlán an chaiteachais phríobháidigh tháscaigh a bheidh ann sa bhreis air seo.

De réir mar a éilíonn Alt 37.1 (e) den Rialachán Ginearálta (1083/2006) táthar tar éis Plean Maoinithe a ullmhú ina bhfuil dhá thábla. Sa chéad thábla tugtar miondealú do gach bliain ar leithdháileadh iomlán ó CFRE ag leibhéal an chláir mar aon leis na leithdháiltí comhfhreagracha náisiúnta. Sa dara tábla is do thréimhse iomlán an chláir, don gClár Oibriúcháin ar fad agus do gach Tosaíocht a shonraítear an méid a chuireann an Comhphobal leis agus na méideanna comhfhreagracha náisiúnta chomh maith le ráta an ranníoca a chuirtear leis as na Cistí.

Tá an plean maoinithe ina bhfuil an dá thábla seo ar fáil in Aguisín 1.

De bhreis air seo, tugtar in Aguisín 2 miondealú táscach de réir catagóire ar úsáid chláirithe an ranníoca ó na Cistí chuig an gClár Oibriúcháin. Éilítear é seo in Alt 37.1(d).

De réir Ailt 9 de Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1083/2006 ina n-éilítear go mbeadh cúnaimh deontais “ar aon dul le gníomhaíochtaí, le beartais agus le tosaíochtaí an Chomhphobail agus go gcomhlánófaí ionstraim airgeadais eile an Chomhphobail leis” is mar seo a leanas atá leithdháileadh na n-acmhainní:

Tosaíocht 1 - 57% d’iomlán na n-acmhainní

Tosaíocht 2 - 37% d’iomlán na n-acmhainní

Tosaíocht 3 - 6% d’iomlán na n-acmhainní

Ba chóir gur leor leithdháileadh 57% de na hacmhainní atá ar fáil do Thosaíocht 1 agus leithdháileadh 37% do Thosaíocht 2 chun gur féidir dóthain cistí a dhíriú ar gach réimse i dtreo is go ndéanfaidh sé difear ceart maidir le tacú le Treoirlínte Straitéiseacha an Chomhphobail um Chomhtháthú agus le straitéiseacha Liospóin agus Gothenburg. Ba chóir gur cabhair ina thaobh seo leis, a bheith ag díriú ar dhá théama i ngach tosaíocht. Socrú ab ea é a bhí bunaithe i bpáirt, ar an dtaithe a fuarthas ón gclár 2000-2006 ina raibh sé cinn de bhearta i ndá thosaíocht.

CAIBIDIL 6

Comhlántacht le Cláir/Cistí eile

De réir Ailt 12.7 de Rialachán CFRE is é atá sa chaibidil seo ná eolas maidir le comhlántacht le cláir eile atá á maoiniú ag an AE, agus go háirithe le gníomhaíochtaí atá á maoiniú ag Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe agus leo siúd atá á maoiniú ag Ciste Iascaireachta na hEorpa.

Chun a chinntiú go n-úsáidfear agus go ndíreofar maoiniú ón AE ar an gcuma is fearr chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ba chóir go mbeadh comhordú ann chun comhlántacht agus sineirgí a fheabhsú idir snáitheanna éagsúla na meicníochtaí maoinithe atá ag an gComhphobal agus meicníochtaí comhhaoinithe eile. Is é a bheadh i gceist leis seo ná nithe ar nós Beartas Comhtháthaithe, forbairt tuaithe, LIFE+, Forbairt Taighde agus Teicneolaíochta, an Clár um Chumas Iomaíochta agus Nuálaíocht agus Ciste Iascaireachta na hEorpa.

Déanfaidh an tÚdarás Bainistíochta deimhin de go gcuirfear struchtúir ar bun in éineacht le hÚdaráis Bainistíochta clár eile atá á n-oibriú sa réigiún trasteorann chun a áirithiú go mbeidh cúnamh ó na Cistí ar aon dul le gníomhaíochtaí, le beartais agus le tosaíochtaí an Chomhphobail agus go gcomhlánóidh sé ionstraim airgeadais eile an Chomhphobail agus nach ndéanfar aon dúbáil ar aon obair thionscnaimh.

6.1 Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe agus Pleananna na Straitéise d'Fhorbairt Tuaithe 2007-2013

Cuimsíonn an beartas atá ag gabháil le Ciste nua Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe sainbhearta feirme chomh maith le bearta tacaíochta d'fhorbairt an gheilleagair thuaithe níos leithne. Ní bhainfidh Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe leis na 'cistí struchtúrtha' sa tréimhse 2007-2013.

Díreofar an beartas forbartha tuaithe 2007-2013 in Éirinn agus sa Bhreatain Bhig ar thrí cinn de réimsí móra mar a sonraítear sa rialachán nua um fhorbairt tuaithe:

- 1) Cumas iomaíochta earnáil na talmhaíochta a mhéadú trí thacaíocht a thabhairt d'athchóiriú,
- 2) An comhshaol agus an tuath a fheabhsú trí thacaíocht a thabhairt do bhainistiú talaimh,
- 3) An caighdeán saoil i gceantair thuaithe a neartú agus éagsúlú gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chur chun cinn le cabhair bhearta a

dhíreofar ar an earnáil feirmeoireachta agus ar ghníomhaithe eile sa thuath.

Tá straitéiseacha um fhorbairt áitiúil a maoiníodh faoin dtionscnamh LEADER roimhe seo á bpríomhshruthú i réimse amháin den gceithre réimse seo (LEADER). Is trí chur chuige ón mbonn aníos a forbraíodh iad seo.

Ní dhíreoidh an Clár 2007-2013 seo ar ghníomhaíochtaí a cháilíonn i gcomhair maoinithe faoi chlár de chuid Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe. Faoin dTosaíocht um Athrú Aeráide & Athghiniúint Inbhuanaithe tugann clár cúnamh don gcuspóir áfach, atá ag iarraidh deimhin a dhéanamh de gur féidir le daoine agus le pobail forbairt agus dul i neart agus iad ag réiteach leis an gcomhshaol/ Comhlánóidh gníomhaíochtaí a maoiníodh faoin dTosaíocht seo an obair a maoinítear ag Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe.

6.2 Ciste Iascaigh na hEorpa

Ar nós Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe ní bheidh Ciste Iascaigh na hEorpa (a oibreofar sa tréimhse 2007-2013) ina chuid de na “cistí struchtúrtha.”

Moltar cheithre cinn d’aisí tosaíochta:

- bearta d’oiriúnú an chabhlaigh iascaigh;
- dobharshaothrú, próiseáil agus trádáil táirgí iascaireachta agus dobharshaothraithe;
- bearta leasa chomhchoitinn ;
- forbairt inbhuanaithe ar iascach i limistéir chósta;

Comhlánóidh an Clár Oibriúcháin seo iarrachtaí de chuid Ciste Iascaireachta na hEorpa go háirithe trí bheith ag infheistiú i dTaighde agus Forbairt, agus i Nuálaíocht ar chúrsaí muirí agus comhshaoil agus in obair forbartha chun pobail a athghiniúint ar shlí inbhuanaithe.

6.3 Clár Oibriúcháin de chuid Chiste Fhorbraíochta Réigiúnaí na hEorpa

ÉIRE

Is cuid de réigiún níos leithne NUTS II é an limistéar incháilithe. Cáilíonn an réigiún NUTS seo i gcomhair tacaíochta faoin tsnáithe um Chumas Iomaíochta atá ina chuid de na cistí struchtúrtha. Beidh a shainchlár tiomnaithe um chumas iomaíochta ag an réigiún agus beidh trí tosaíochtaí ar leith sa chlár seo:

1. Nuálaíocht agus Eacnamaíocht an Eolais
2. Comhshaol agus Inrochtaineacht
3. An Tosaíocht um Fhorbairt Uirbeach Inbhuanaithe (Ciste na nGeataí agus na mol)

Beidh an tÚdarás Bainistíochta céanna ann don gClár um Chumas Iomaíochta agus don gClár seo um Chomhoibriú idir Chríocha araon.

Comhlánóidh an Clár Oibriúcháin seo gníomhaíocht faoi chlár réigiúnach CFRE agus é ag tabhairt faoi cheisteanna atá ina ábhar cúraim trasteorann maidir le nuálaíocht agus maidir le heacnamaíocht an eolais chomh maith le forbairt inbhunanaíthe.

AN BHREATAIN BHEAG

Tá olltáirgeacht intíre an duine in Iarthar na Breataine Bige agus sna Gleannta faoi bhun 75% de mheán an AE. Dá bhrí sin cáileoidh sé i gcomhair maoinithe iomláin faoin gCuspóir Choinbhéirseachta don bPeirseictíocht Airgeadais 2007-2013.

Beidh cúig cinn de phríomhthosaíochtaí do chaiteachas as CFRE sa Chlár Coinbhéirseachta;

1. Eacnamaíocht eolasbhunaithe a thógáil
2. Cumas iomaíochta gnó a fheabhsú
3. Bonneagar straitéiseach a fhorbairt
4. Timpeallacht gnó tharraingteach a dhéanamh
5. Pobail inbhunanaíthe a thógáil

Beidh Oifig Chistiúcháin Eorpach na Breataine Bige ina hÚdarás Bainistíochta ar an gclár seo agus cuirfidh siad áiseanna na hoifige teagmhála don Bhreatain Bheag ar fáil leis, don gClár um Chomhoibriú idir Chríocha.

Comhlánaidh an Clár Oibriúcháin seo gníomhaíocht faoi na cláir náisiúnta de chuid CFRE trí bheith ag tabhairt faoi cheisteanna atá ina n-ábhar cúraim trasteorann maidir le nuálaíocht agus maidir le heacnamaíocht an eolais, chomh maith le forbairt pobal inbhunanaíthe.

Ón uair go bhfuil baint lárnach ag an dá chomhpháirtí le cláir náisiúnta atá á maoiniú ag CFRE beidh de chumas orthu cinntiú go mbeidh na tograí ar fad a roghnófar don gClár um Chomhoibriú idir Chríocha seo comhlántach agus nach ndéanfar aon dhúbailt ar ghníomhaíochtaí atá ar siúl faoi chlár de chuid CFRE atá á maoiniú ar bonn náisiúnta.

Comhoibriú Eorpach idir Chríocha agus Snáitheanna Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha

Tá Éire agus an Bhreatain Bheag ar fad mar chuid de na limistéir incháilithe i dtaobh Clár Iar-Thuaisceart na hEorpa agus Clár Trasnáisiúnta an Limistéir Atlantaigh.

Tá Clár Iar-Thuaisceart na hEorpa bunaithe ar cheithre cinn de thosaíochtaí oibriúcháin:

1. Forbairt na heacnamaíochta eolasbhunaithe in Iar-Thuaisceart na hEorpa trí bheith ag baint leasa as ár gcumas nuálaíochta
2. Bainistiú inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha agus ar bhaoil nádúrtha agus teicneolaíochta
3. comhcheangailteacht in Iar-Thuaisceart na hEorpa a fheabhsú trí bheith ag cur chun cinn réitigh iompair agus TFC inbhuanaithe
4. Pobail láidre rathúla a chur chun cinn ag an leibhéal trasnáisiúnta

Tá Clár an Limistéir Atlantaigh bunaithe ar cheithre thosaíocht oibriúcháin:

1. Líonraí Trasnáisiúnta, Fiontraíochta agus Líonraí Nuálaíochta a chur chun cinn
2. Inbhuanacht Timpeallacht Cósta agus Mhuirí a chosaint, a chaomhnú agus a dhaingniú
3. Inrochtaineacht agus naisc inmheánacha a fheabhsú
4. Sineirgí trasnáisiúnta a chur chun cinn i bhforbairt inbhuanaithe Uirbeach agus Réigiúnach

Clúdaíonn na cláir seo ceantar geografach i bhfad níos mó ach comhlánaíonn na tosaíochtaí atá ann na nithe atá á dhéanamh sa chlár seo. Cuimsíonn siad roinnt téamaí den sórt céanna agus d'fhéadfadh go mbeadh deiseanna ag teacht chun cinn taithí agus barrchleachtas a mhalartú idir na cláir, mar shampla, d'fhéadfadh togra trasteorann ar éirigh go maith leis bheith mar threoir do chomhoibriú níos leithne níos déanaí trí mheán na gclár tras-náisiúnta. Ar mhalairt slí, d'fhéadfaí leas a bhaint as snáithe suimiúla atá i smaointe, b'fhéidir, a fhorbraítear agus a chuirtear i ngníomh ag an leibhéal trasnáisiúnta, ar mhaithe le forbairt trasteorann. Tá an dá Údarás Náisiúnta rannpháirteach san dá chlár seo agus beidh de chumas acu díriú ar aon réimse comhlántachta mar is cuí le linn don gClár trasteorann a bheith á chur i ngníomh.

Tá Éire agus an Bhreatain Bheag ar fad incháilithe do thacaíocht faoin gClár Idir-réigiúnach.

Is iad seo a leanas an dá thosaíocht atá ag an gclár:

1. Nuálaíocht agus Eacnamaíocht an Eolais
2. An Comhshaol agus Cosc Baoil

Baineann an clár le gach ceann de 27 dtíortha an AE chomh maith leis an Iorua, agus an Eilvéis ach ach comhlánaíonn na tosaíochtaí atá ann na nithe atá á dhéanamh sa chlár seo. Cuimsíonn siad roinnt téamaí den sórt céanna agus faoi mar atá an scéal ag an leibhéal trasnáisiúnta, d'fhéadfadh go mbeadh deiseanna ag teacht chun cinn anseo leis, taithí agus barrchleachtas a mhalartú idir na cláir. Tá an dá Údarás Náisiúnta rannpháirteach sa tsnáithe Idir-réigiúnach agus beidh ar chumas acu díriú ar reimse comhlántachta ar bith de réir mar is cuí le linn don gClár trasteorann a bheith á chur i ngníomh.

6.4 Cláir Oibriúcháin de chuid Chiste Shóisialta na hEorpa

ÉIRE

In Éirinn tá Clár Oibriúcháin de chuid Chiste Shóisialta na hEorpa á fhorbairt timpeall ar dhá thosaíocht ag an leibhéal náisiúnta:

1. Oiliúint agus Oideachas chun inoiriúnaitheacht an lucht saothair a fheabhsú
2. Rannpháirtíocht agus Gníomhachtú an lucht saothair.

Comhlánóidh an clár oibriúcháin seo gníomhaíochtaí an chláir náisiúnta atá á mhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa. Agus é seo á dhéanamh aige beifear ag tabhairt faoi ábhar comhchúraim trasteorann maidir le ceisteanna faoi shainscileanna a bhaineann le fiontair bheaga agus meánmhéide, le cáilíochtaí ardleibhéil, agus beifear ag féachaint ar cheisteanna maidir le scileanna d'éarnálacha áirithe atá ar fáil go coitianta sa cheantar trasteorann agus ar fhorbairt scileanna an lucht saothair, chomh maith.

AN BHREATAIN BHEAG

Beidh cheithre cinn de phríomhthosaíochtaí ag maoiniú as Ciste Sóisialta na hEorpa faoin gClár Coinbhéirseachta:

1. Na scileanna a thabhairt do dhaoine óga atá uathu chun dul i mbun fostaíochta
2. Fostaíocht a mhéadú agus easpa gníomhaíochta eacnamaí a shárú
3. Leibhéil scileanna a ardú agus inoiriúnaitheacht an lucht shaothair a fheabhsú
4. Na nascanna a dhéanamh – seirbhísí poiblí a nuachóiriú

Comhlánóidh an clár oibriúcháin seo gníomhaíochtaí na gclár seo atá á maoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa trí bheith ag tabhairt faoi ghnáthábhar cúraim i gcúrsaí trasteorann faoi cheisteanna maidir le sainscileanna a bhaineann le fiontair bheaga agus mheánmhéide, le cáilíochtaí ardleibhéil agus beifear ag féachaint ar cheisteanna maidir le hearnálacha áirithe atá lonnaithe ar fáil go coitianta e sa cheantar trasteorann agus ar fhorbairt scileanna an lucht shaothair.

6.5 An Seachtú Clár Creata um Taighde

Leis an 7ú Clár creata tá sé i gceist cabhrú chun sochaí eolasbhunaithe a chruthú trí bheith ag cothú Limistéar Taighde Eorpach. Nearthóidh sé seo barrfheabhas na taighde eolaíochta agus teicneolaíochta le cabhair na gceithre clár seo a leanas: comhoibriú, smaointe nua, daoine agus cumais.

Beidh clár oibre Liospóin ar na príomhábhar go ndíreofar orthu sa Chlár Oibriúcháin seo. Is codanna fíorthábhachtacha don Réigiún iad nuálaíocht a chur chun cinn agus a spreagadh, eacnamaíocht an eolais, fiontraíocht, chomh maith le taighde agus forbairt. Cinnteoidh siad go mbeidh cumas iomaíochta níos fearr ag an réigiún san am atá amach romhainn agus comhlánaíonn siad sprioc fhoriomlán an 7ú Creata.

Is iad cuspóirí Tosaíochta an Eolais, na Nuálaíochta & na Scileanna i gcomhair Foráis den gClár Oibriúcháin a chomhlánaíonn na gníomhaíochtaí a mhaoiníofar faoin 7ú Creat. Tugann na cuspóirí na dTosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí seo tacaíocht dá chéile.

6.6 Deighilt idir Chláir Oibriúcháin de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Chiste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe agus de chuid Chiste lascaigh na hEorpa

Agus an Clár á dhearadh tugadh aird chuí chun nach ndéanfaí aon dhúbailt ar iarrachtaí idir na cláir. Tá pleanáil déanta ar na cláir ar shlí go mbeidh comhlántacht agus sinéigí eatarthu. Le linn dóibh a bheith á gcur i gníomh cuirfidh Údarás Bainistíochta gach cláir struchtuir ar bun a shonróidh na línte deighilte agus a chinnteoidh go mbeidh comhordú agus comhlántacht ann idir na Cláir. Thairis sin níor chóir go ndéanfadh na gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin gclár seo dúbailt ar iarrachtaí a dheintear faoi chláir aonchiste atá á gcur i ngníomh ag leibhéal Ballstáit, ach ba chóir go gcomhlánódís iad. Is de bharr na riachtanas um chomhthograí trasteorann agus de bharr Prionsabal an Chomhpháirtí stiúrtha atá i bhfeidhm atá sé seo amhlaidh.

CAIBIDIL 7

Na Téamaí Leithne

7.1 Brollach

De réir Alt 16 & 17 den nGnáthrialachán⁴² tá eolas sa Chlár Oibriúcháin faoi na bhearta a ghlactar chun cruthú go bhfuil cuspóirí na gCistí á gcómhlíonadh i gcreat na forbartha inbhuanaithe agus go bhfuiltear ag glacadh bearta chun leithcheal ó thaobh inscne, cine, bunús eitnigh, creidimh, míchumais, aoise nó claonadh gnéis a chosc i gcaitheamh céimeanna difriúla na gCistí a bheith á gcur i gníomh agus chun é sin a chosc go háirithe maidir le rochtain ar na Cistí.

Cuimsíodh na téamaí leithne seo, comhdheiseanna agus forbairt inbhuanaithe, i gclár na gCistí Struchtúrtha 2007-2013 ar fad in Éirinn agus sa Bhreatain Bhig araon. Leis seo táthar tar éis tógáil ar an dul chun cinn suntasach atá déanta chun cinntiú go mbeadh na téamaí leithne ina gcuid dhílis de Chlár na gCistí Struchtúrtha Eorpacha 2000-2006. Bíodh agus go bhfuil téama leathan eile ag clár na hÉireann-na Breataine Bige 2000-2006, is é sin, Teicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise, ní bheidh se seo ina théama leathan sa chlár 2007-2013 de bharr an dul chun cinn mhóir atá déanta chun TCF a phríomhshruthú trí thograí uile na gCistí Struchtúrtha. Ba mhaith linn go gcaithfí le gach aon téama ar an gcuma seo san am le teacht ach níl an pointe seo bainte amach go foill maidir le comhdheiseanna agus forbairt inbhuanaithe.

Ó cuireadh tús le Clár na gCistí Struchtúrtha 2000-2006 deineadh na téamaí leithne a shocrú i gcomhthéacs beartais eabhlóidigh. Tá Rialtas na hÉireann agus Rialtas Tionóil na Breataine Bige tar éis beartais a fhorbairt a bhaineann lena gcuid freagrachtaí reachtúlacha ar fad, ar a n-áirítear forbairt inbhuanaithe agus comhionannas deiseanna. Tá nasc díreach ag gach aon cheann díobh siúd le téamaí leithne an Chláir seo.

Athraíonn an gaol idir na téamaí leithne agus na Tosaíochtaí/Téamaí ar fud an Chláir. Is é an cur chuige is fear a bheadh ag urraitheoirí togra ná díriú ar cur chuige réalaíoch chun an leas is fearr a bhaint as na deiseanna ina gcuid tograí chun comhionannas deiseanna agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

Sna míreanna seo a leanas leagtar amach achoimrí ar a gcuid réasúnaíochta, chomh maith le cuspóirí an dá théama leathan. Molann sé sainchuspóirí leis, agus gníomhaíochtaí féideartha chun a léiriú conas mar a d'fhéadfadh gach Tosaíocht na spriocanna seo a bhaint amach.

⁴² Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1083/2006

7.2 Comhdheiseanna

Iarrann Rialachán na Comhairle 1083/2006 ar na Ballstáit cinntiú go gcuirfear comhionannas idir fir agus mná agus comhtháthú gné na hinscne chun cinn nuair a chuirfear céimeanna éagsúla na gCistí i ngníomh. Chomh maith leis sin iarrann sé ar na Ballstáit bearta cuí a ghlacadh chun leithcheal a chosc ó thaobh inscne, cine nó bunús eitnigh, creidimh, míchumais, aoise nó claonadh gneis le linn do chéimeanna éagsúla na gCistí a bheith á gcur i ngníomh, agus chun é sin a chosc go háirithe maidir le rochtain ar na cistí. Critéar ar leith is ea go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas teacht tar chistí. Caithfear aird a thabhairt air agus oibríochtaí atá á gcomh-mhaoiniú ag na Cistí a bheith á sainiú, agus caithfear an critéar seo a chur san áireamh le linn do na céimeanna éagsúla a bheith á gcur i ngníomh.⁴³

De réir treoirlínte Cistí Struchtúrtha an Chomhphobail iarrtar ar na Ballstáit agus ar na réigiúin cloí le cuspóir an chomhionannais idir fir agus mná ag gach aon chéim le linn do chlár agus do thograí a bheith á gcur i ngníomh. Is féidir é seo a dhéanamh le cabhair gníomhartha sonracha chun comhionannas a chur chun cinn nó chun cur i gcoinnibh leithcheala, agus trí bheith ag cur san áireamh go cúramach conas mar a d'fhéadfadh tograí agus bainistiú cistí imirt ar mhná agus ar fhir.

Ach ní amháin go gcaithfear comhionannas inscne a chur chun cinn. Tá sé tábhachtach go ndíreoidh an clár ar riachtanais na ndaoine siúd a chaitheann aghaidh a thabhairt ar iliomad míbhuntáiste. Ní mór tabhairt faoi chonstaicí ar an gcothroime idir obair agus saol leis, agus cur chuige comhtháite a fhorbairt chun cúnaimh a thabhairt do dhaoine go bhfuil fadhbanna sláinte acu, do dhaoine gorma agus do ghrúpaí eitneacha a bhaineann le mionlaigh, do dhaoine bhreac-aosta, do dhaoine faoi mhíchumas agus o thuismitheoirí aonair.

Iarrann reachtaíocht na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus Rialtas Tionóil na Breataine Bige chomh maith go dtabharfaí léirmhíniú ní ba leithne ar chomhionannas deise seachas cúrsaí inscne amháin. Is é an aidhm atá leis seo ná cabhrú chun go mbeidh teacht cothrom gach gach aoinne ar na deiseanna oideachais, oiliúna agus fostaíochta a thairgtear tríd an gClár, gan aird ar inscne, mhíchumas, bhunús eitneach, chreideamh, aois, chlaonadh gneis ach le haird ar nádúr dátheangach roinnt mhaith phobal a mhaireann sa réigiún seo. Má chinnteofar go mbeidh deiseanna ar fail do shaoránaigh uile an réigiúin thrasteorann cuirfear le forás san eacnamaíocht de réir clár oibre Liospóin maidir le postanna agus forás, agus de réir *na Straitéise Eorpaí um Fhostaíocht* chomh maith.

⁴³ Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1083/2006, Art.16

Cuireann na Treoirlínte d'Fhostaíocht sa *Straitéis Eorpach um Fhostaíocht* béim ar chomhdheiseanna leis, agus glacann siad leis go bhfuil sé rí-thábhachtach cur i gcoinnibh leithcheala chun dul chun cinn a dhéanamh⁴⁴.

Tá gné mhór theangolaíochta ann chomh maith sa Bhreatain Bhig agus i gcodanna áirithe de réigiún trasteorann na hÉireann. Baineann sé seo le cur chun cinn comhdheiseanna leis. Is féidir leis an meán teangolaíoch agus le formáidí inrochtana ina gcuirtear deiseanna os comhair an phobail tionchar a imiart ar rannpháiríocht, go háirithe maidir leo siúd ag a bhfuil an Bhreatnais nó an Ghaeilge no teanga eile mar chéad teanga acu nó maidir le daoine faoi mhíchumas. Ar an gcuma chéanna ní bheidh deis ag daoine ar imeall an tsochaí a bheith rannpháirteach muna gcuirtear ar a gcumas teach ar sheirbhísí agus ar dheiseanna toisc go mothaíonn siad nach féidir leo rudaí a chur in iúl go héifeachtach. Caithfear forbairtí eacnamaíocha agus oideachasúla a cheapadh ar shlí go gcuirfead tábhacht na teanga san áireamh mar ghné a shainmhíníonn roinnt pobal, agus ba choir gan dearmad a dhéanamh gurb í an Bhreatnais teanga mórchuid na ndaoine i roinnt pobal tuaithe sa Bhreatain Bhig i gcónaí. Ba choir socruithe cuí a dhéanamh mar sin chun an baol a sheachaint go gcuirfeadh na forbairtí féin le dul i léig na dteangacha agus an chultúr agus go raghadh sé go holc do thréithe na bpobal atá faoi chaibidil anseo.

7.2.1 Cuspóir na gComhdheiseanna

Is é príomhchuspóir an Chláir i dtaobh comhdheiseanna ná féachaint chuige go mbeidh na deiseanna céanna ag gach aoinne teacht ar oideachas, ar oiliúint agus ar fhostaíocht agus ar dheiseanna eile a thairgtear tríd an gClár gan aird ar inscne, míchumas nó ar bhunús eitneach ach le haird ar nádúr dátheangach roinnt mhaith pobal a mhaireann sa cheantar trasteorann.

7.2.2 Cur i ngníomh ag Leibhéal an Togra

Chun díriú ar chomhdheiseanna ar bhonn praiticiúil le linn don gclár a bheith á chur i ngníomh tabharfar aird ar na nithe seo a leanas sna tograí:

- Cinntiú go mbeidh na deiseanna céanna ag mná chun fachtóirí cothrománacha agus ingearacha inscne ag an obair a laghdú agus chun an bearna pá idir mná agus fir a chúngú
- Na sainriachtanais a chur san áireamh atá ag mná agus ag fir faoi mhíbhuntáiste, faoi mhíchumais, nó gurb ó mhionlach de dhaoine gorma nó ó chúlra eitneach iad
- Cinntiú go mbeidh comhionannas deise ag cainteoirí na Breatnaise agus na Gaeilge agus tionchar na ngníomhaíochtaí ar phobail dhátheangacha a chur san áireamh
- Tionchar cultúr na bpobal áirithe sin a chur san áireamh ar a ndírítear na ngníomhaíochtaí

⁴⁴ Treoirlínte Eorpacha um Fhostaíocht,

- Gach gníomhaíocht a chothú i bhformáidí inrochana agus usáid a bhaint as an mBreatnais de réir mar is cuí.
- Díriú ar fhreagrachtaí cúram leanaí agus ar fhreagrachtaí cúraim eile chomh maith leis na ceistanna maidir le teacht ar réiteach idir freagrachtaí teaghlaigh agus obair

Ullmhófar treorú ar leibhéal na ngníomhaíochtaí agus tabharfar samplaí barrchleachtais a sholáthróidh eolas saineolaíoch ar an tslí ar a bhféadfaidh tionscnóirí togra tabhairt faoi fhorbairt inbhuanaithe ina gcuid pleananna togra. Cuirfear comhairle ó shaineolaithe ar fáil ó gach foinse ábhartha do na comhpháirtíochtaí a ghlacann páirt i bhforbairt agus i gcur i ngníomh tograí.

7.2.3 Roghnú Togra agus Táscairí Cláir

Socrofar táscairí saineolaíoch ar fud an Chláir le linn do phleananna cur i ngníomh gach tosaíochta a bheith á n-ullmhú chun go gcinnteofar go mbeidh dóthain tábhacht le seachadadh na dtéamaí leithne ag leibhéal an Chláir féin agus ag leibhéal na dtograí. Thairis sin áiríteoidh na critéir roghnaithe go scrúdófar tograí maidir le comhlíonadh agus maidir le cur chun cinn comhdheiseanna. Beidh ionadaithe saineolaíoch um chomhionannas ar Choiste nó ar Choistí Stiúrtha an Chláir chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh na tograí a roghnófar cuspóir chomhionannais an chláir.

7.3 Forbairt Inbhuanaithe

Tá d'aidhm ag Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe an AE mar aon le Straitéis Liospóin um fhorás agus postanna, Eoraip níos rathúla, níos glaine, níos cothroime a chur chun cinn. Coincheap uileghabhálach is ea Forbairt Inbhuanaithe. Iarrann Conradh an AE go gcomhtháthófar forbairt inbhuanaithe i ngach beartas Eorpach i dtreo go gcuirfidh siad le slí chomhtháite chun cuspóirí eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta a bhaint amach.

Tá d'aidhm ag Straitéis an AE um Fhorbairt Inbhuanaithe, straitéis ar ghlac Comhairle na hEorpa léi i nGothenburg i mí Mheithimh 2001 agus a athnuadh i mí Mheithimh 2006, teacht ar réiteach idir forbairt eacnamaíoch, comhtháthú sóisialta agus cosaint an chomhshaoil. Cuid dhílis den Straitéis⁴⁵ is ea monatóireacht na sprice uileghabhálaí seo. Tá ábhair chúraim chomhshaoil ina bpríomhghnéithe den Bheartas Chomhtháthaithe sa tréimhse 2007-2013 agus is cloch chúinne de Chlár Oibre Liospóin agus de Chlár Oibre Gothenburg é cur chun cinn foráis inbhuanaithe.

Tugtar níos mó aitheantais anois don choincheap um chomhtháthú cúrsaí comhshaoil mar ghné den reachtaíocht, de bheartas rialtais agus de chlár forbartha náisiúnta; tá tuilleadh measa ag gach earnáil den tsochaí ar an tábhacht a bhaineann le freagracht roinnte as an gcomhshaoil agus tá níos mó

⁴⁵ Ireland's Environment 2004, An Gníomhaireacht um Chosaint an Chomhshaoil, An Tríú Céim den Tuarascáil ar an gComhshaoil

fáil anois ag an bpobal ar eolas maidir leis an gcomhshaol. Tá Rialachán na Comhairle 1083/2006 ag teacht leis seo: leagtar síos ann go mbeidh tosaíochtaí an Chomhphobail i bhfabhar forbartha inbhuanaithe trí neartú foráis, cumas iomaíochta agus fostaíochta, trí neartú cuimsithe shóisialta chomh maith le cosaint agus feabhsú an chomhshaoil ina gcuid de ghníomhaíochtaí a dhéanfar le maoiniú na gCistí ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.⁴⁶ Ní mór cuspóirí na gCistí a shaothrú i gcreat na forbartha inbhuanaithe agus ar aon dul le haidhm an Chomhphobail an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú de réir mar a shainítear in Alt 6 den gConradh.⁴⁷ Forbairt Inbhuanaithe – freastal ar riachtanais na glúine seo gan riachtanais na glúine a thioctaidh inár ndiaidh a thréigean: is cuspóir bhunúsach sna Conarthaí é seo. Chun é a chur i gcrích caithfear déileáil le beartais eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil ar shlí ina neartaíonn na beartais éagsúla a chéile. Muna gcastar treochtaí timpeall a chuireann an caighdeán saoil san am le teacht i mbaol díolfaidh an sochaí go daor as nó ní féidir na treochtaí a chasadh ar ais in aonchor.

Cé go bhfuil caighdeán an chomhshaoil sa réigiún trasteorann go maith isteach is amach tá an brú air ag dul i méid. De thoradh ar fás tapaidh na heacnamaíochta atá sé seo, go háirithe sna hearnálacha iompair agus fuinnimh, de thoradh ar méadú a bheith ar an bpobail agus tuilleadh cathraithe, de thoradh athrú a bheith ag teacht ar chleachtais feirmeoireachta agus úsáid tailimh agus de thoradh ar tuilleadh dramhaíola a bheith ann. Tá athru aeráide tar éis cur leis an mbrú ar an gcomhshaol leis. Tá gá le feasacht agus forairdeall má theastaíonn uainn sláinte an chomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú más gá, chun go raghadh sé chun leasa na glúine seo agus na nglúinte a thioctaidh inár ndiaidh. Tá dúshlán nach beag i gceist má tá Éire agus an Bhreatain Bheag chun comhéifeachtacht a fheabhsú agus cur chuige níos inbhuanaithe i leith forbartha a choinneáil.

Taca fíor-thábhachtach don gClár Oibriúcháin seo is ea a bheith ag cloí le prionsabal na forbartha inbhuanaithe i ndearadh na n-oibríochtaí agus i dtomhas a dtionchair ar an gcomhshaol araon. Ina thaobh seo chaith an Clár riachtanais na Treorach Straitéisí um Mheasúnú an Chomhshaoil⁴⁸ a chomhlíonadh mar a trasúidh i ndlí í sna Ballstáit. Cé gurb é toradh na tuarascála scagtha nach raibh gá le Tuarascáil Chomhshaoil iomlán gheall an tÚdarás Bainistíochta go gcinnteofar go ndéanfar monatóireacht ar tionchar an Chláir ar an gcomhshaol le linn dó bheith á chur i ngníomh. Ní thabharfaidh an clár aon mhaoiniú do ghníomhaíocht a dhéanfaidh damáiste do láithreacha atá faoi chosaint reachtúil.

7.3.1 Cuspóir na Forbartha Inbhuanaithe

Is é an chuspóir uileghabhálach ná na sochair chomhshaoil a fheabhsú sa réigiún agus úsáid inbhuanaithe an chomhshaoil a chur chun cinn chun leasa an tsochaí agus na heacnamaíochta.

⁴⁶ Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1083/2006, Alt. 3

⁴⁷ Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1083/2006, Alt.16

⁴⁸ Treoir 2001/42/CE maidir le Measúnú Tionchair Pleananna agus Clár áirithe

7.3.2 Cur i ngníomh ag Leibhéal an Togra

Sna tograí tabharfar aird do na nithe seo a leanas chun díriú ar fhorbairt inbhuanaithe ar leibhéal praiticiúil le linn do thograí a bheith á gcur i ngníomh:

- aithneoidh gach gníomhaíocht láidreachtaí comhshaoil an réigiúin thrasteorann agus baifidh sí usáid chuí astu gan caighdeán comhshaoil an cheantair a íslíú,
- go gcuirfear an Clár na deiseanna maidir leis an gcomhshaoil chun cinn go gníomhach a sainaithníodh ar shlite a chuireann le leas na heacnamaíochta agus an tsochaí,
- go raghfear i mbun gníomh chun freagairt do laigí a aithníodh ó thaobh an chomhshaoil de,
- nach ndéanfaidh gníomhartha a dhéanfar i dtograí dochar nó damáiste do láithreacha de chuid NATURA 2000,
- agus go raghfear i mbun gníomh chun na baoil chomhshaoil atá ag bagairt ar an gceantar a thuiscint agus chun beart cuí a dhéanamh.

Ullmhófar treorú ag leibhéal na gníomhaíochta mar aon le samplaí barrchleachtais a sholáthróidh eolas sainiúil ar na slite gur féidir le tionscnóirí togra tabhairt faoi fhorbairt inbhuanaithe ina gcuid pleannanna togra. Cuirfear comhairle ó shaineolaithe ar fáil do chomhpháirtíochtaí a ghlacann páirt i bhforbairt agus in ullmhúchán tograí ó gach foinse ábhartha.

Beidh ionadaíocht ag na príomheagraíochtaí um fhorbairt inbhuanaithe sa réigiún trasteorann ar na Coistí Stiúrtha chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tograí a roghnófar cuspóir an chláir um fhorbairt inbhuanaithe.

7.3.3 Roghnú Togra & Táscairí Cláir

Socrofar táscairí sainiúla ar fud an Chláir le linn do phleananna cur i ngníomh gach tosaíochta a bheith á n-ullmhú chun go gcinnteofar go mbeidh dóthain tábhacht le seachadadh na dtéamaí leithne ag leibhéal an Chláir féin agus ag leibhéal na dtograí. Thairis sin áiritheoidh na critéir roghnaithe go scrúdófar tograí maidir le comhlíonadh agus maidir le cur chun cinn na dtéamaí leithne.

Beidh cuspóirí maidir le forbairt inbhuanaithe a shocrófar ag leibhéal na ngníomhaíochtaí dá dtabharfaidh an clár tacaíocht ina ghné thábhachtach chun tograí a spreagadh le díriú ar chuspóirí an chláir um fhorbairt inbhuanaithe, agus beidh siad san áireamh mar riachtanas do cheaduithe tograí.

CAIBIDIL 8 Cur i ngníomh

8.1 Brollach

Is é sprioc an chaibidil seo ná cur síos a dhéanamh ar na nósanna imeachta cur i ngníomh do Chlár Oibriúcháin na hÉireann – na Breataine Bige atá de réir forálacha d’Alt 37.1(g) de Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1083/2006 (a ndéantar tagairt dó as seo amach an Rialachán Ginéaralta)

8.2 Socruithe maidir le Bainistíocht agus Monatóireacht

Beidh an tÚdarás Bainistíochta a bheidh faoi stiúradh Coiste Mhonatóireachta an Chláir freagrach as bainistíocht Clár na hÉireann-na Breataine Bige. Beidh an tÚdarás Bainistíochta freagrach as bainistú agus as maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh an Chláir Oibriúcháin de réir na bprionsabal a bhaineann le bhainistíocht airgeadais chruinn. Cuirfidh an tÚdarás Bainistíochta agus An Coiste Monatóireachta a ról monatóireachta i bhfeidhm le tagairt do tháscairí airgeadais agus táscairí an Chláir.

Leagfar freagrachtaí an Údaráis Bainistíochta maidir leis An Bhreatain Bhig síos i Meabhrán Tuisceana idir an Údarás Bainistíochta, An Roinn Airgeadais agus Rialtas Tionóil na Breataine Bige.

Bunófar Comhstrúchtúr bainistíochta chun cur i ngníomh an Chláir a bhainistiú, a chomordú agus chun monatóireacht a dhéanamh air. Cuimseoidh an strúchtúr:

- Údarás Bainistíochta.
- Údarás Deimhniúcháin.
- Comhrúnaíocht Teicniúil.
- Coiste Monatóireachta.
- Coistí Stiúrtha.

In éineacht leis na comhstrúchtúir seo agus ag tarraingt ó tháithí roimhe, bunófar pointe teagmhála sa Bhreatain Bhig. Oibreoidh an pointe teagmhála seo (cuid den Chomhrúnaíocht) go dlúth leis an gComhrúnaíocht Teicniúil agus leis na hOifigigh Fhorbartha chun an Clár a chur chun cinn agus chun cabhrú le compháirtithe tionscnaimh tograí ardchaighdeáin a chur i ngníomh.

An tÚdarás Bainistíochta

Is é Tionól Reigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir an tÚdarás Bainistíochta do Chlár Oibriúcháin na hÉireann – na Breataine Bige 2007-13. Sainmhínítear freagrachtaí an Údaráis Bainistíochta maidir le bainistíocht an Chláir Oibriúcháin faoi Alt 60 den Rialachán Ginéaralta. Tá na freagrachtaí seo a leanas san áireamh:

- a) cinntiú go roghnaítear oibríochtaí a mhaoineofar de réir na gcrítéar atá infheidhmithe i leith an Chláir Oibríúcháin agus go bhfuil siad ag teacht le rialacha an Chomhphobail agus le rialacha náisiúnta cuí ar feadh tréimhse iomlán an chuir i ngníomh;
- b) go gcinnteoidh siad go bhfuil caiteachas gach tairbhí atá páirteach in oibríúchán deimhnithe ag an rialtóir a ndéantar tagairt dó in Alt 16(1) de Rialachán CFRE;
- c) go gcinnteoidh siad go bhfuil córas ann chun taifead cuntasáiochta a dhéanamh agus a stóráil i modh ríomhairithe do gach togra faoin Chláir Oibríúcháin agus go mbailítear an t-eolas ar chur i ngníomh atá riachtanach faoi chomhair bainistíochta agus monatóireachta airgeadais, deimhniúcháin, iniúchóireachta agus measúnaithe;
- d) go gcinnteoidh siad go gcoinníonn tairbhí agus comhlachtaí eile atá ag plé le cur i ngníomh oibríúchán ceachtar díobh, córas cuntasáiochta ar leith nó cód cuntasáiochta oiriúnach i gcomhair idirbhearta uile a bhaineann leis an Chláir gan dochar do rialacha cuntasáiochta náisiúnta;
- e) go gcinnteoidh siad go ndéantar na measúnachtaí ar chláir oibríúcháin a ndéantar tagairt dóibh in Alt 48(3) de réir Ailt 47 den Rialachán Ginearálta;
- f) go gcuirfidh siad nósanna imeachta ar bun le cinntiú go gcoinnítear na cáipéisí uile maidir le caiteachas agus iniúchóireacht atá riachtanach chun rian iniúchta chuí a chinntiú de réir riachtanas Ailt 90 den Rialachán Ginearálta;
- g) go gcinnteoidh siad go bhfaighfidh an tÚdarás Deimhniúcháin an t-eolas uile atá uaidh ar nósanna imeachta agus ar dheimhniúcháin a deineadh i dtaobh caiteachas chun críocha deimhnithe;
- h) go dtreoróidh siad obair an Choiste Mhonatóireachta agus go soláthróidh siad na cáipéisí atá ag teastáil chun gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán cur i ngníomh an Chláir Oibríúcháin ag tabhairt airde ar na spriocanna ar leith:
- i) na tuarascálacha bliantúla agus an tuarascáil dheiridh a chumadh agus iad a chur chuig an gCoimisiún tar éis iad a bheith faofa ag an gCoiste Monatóireachta;
- j) go gcinnteoidh siad go ndéanfar de réir na riachtanas um eolas agus poiblíocht a leagtar síos in Alt 69 den Rialachán Ginearálta;
- k) eolas a chur ar fáil don Choimisiún chun breithmheas a thabhairt ar thograí móra; agus
- l) cathaoirleach na runaíochta a sholáthar don Choiste Monatóireachta.

Tá an tÚdarás Bainistíochta suite i dTionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, i bPort Láirge, Éire. Is féidir sonraí teagmhála iomlána a fháil ar www.seregassembly.ie.

Comhrúnaíocht theicniúil

Bunófar Comhrúnaíocht Theicniúil ar leith faoi stiúradh an Údaráis Bainistíochta chun an Clár a sheachadhadh. Beidh an runaíocht seo suite i bPort Láirge. Beidh pointe teagmhála na Breataine Bhige suite le Rialtas Tionóil na Breataine Bige mar chuid den Rúnaíocht.

Aontófar ar shonraí a cuid dualgas agus freagrachtaí maidir le riarachán laethúil an Chláir ag an chéad chruinniú de Choiste Monatóireachta an Chláir agus cuirfear clár oibre rúnaíochta i láthair. Cuirfear seo a leanas san áireamh áfach, i bpríomhfhreagrachtaí na Runaíochta:

- Ag cuidiú leis an Údarás Bhainistíochta chun bainistíocht éifeachtach cuí a chinntiú agus cúnaimh a thabhairt le cur i ngníomh an Chláir;
- Ullmhúchán agus soláthar an eolais atá ag teastáil ó na hÚdaráis Bainistíochta agus Deimhniúcháin chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh;
- Seirbhísiú an Choiste Mhonatóireachta agus na gCoistí Stiúrtha, obair lena n-áirítear ullmhúchan páipéar agus dréachtú miontuairiscí cruinnithe;
- Na cinntí uile a dheineann an Coiste Monatóireachta agus Coistí Stiúrtha a chur i bhfeidhm agus gabháil don obair a leanann uathu;
- Foirmeacha iarratais agus treoirlíní d'iarratasóirí a dhéanamh;
- Cabhair a thabhairt d'iarratasóirí agus idirchaidreamh a dhéanamh le hOifig Fhorbartha maidir le forbairt na dtograí agus maidir leis an bpróiseas um chur i ngníomh;
- Measúnú riaracháin ar iarratais i dtaobh oiriúnachta le riachtanais an AE agus riachtanais Náisiúnta agus leis na critéir maidir le roghnú tograí an Chláir ar ar aontaíodh;
- Toradh ar iarratais deontais a chur in iúl, éisiúint tairiscintí deontais d'iarratasóirí rathúla san áireamh;
- Ag cabhrú leis an Údarás Bainistíochta íocaíochtaí do thairbhíthe a phróiseáil;
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtograí nuair a fhaightear tuairiscí rialta ó thionscnóirí na dtograí;
- Dualgais maidir le heolas agus poiblíocht a chomhall, cur i ngníomh Straitéis Eolais agus Cumarsáide san áireamh.;
- Bainistíocht ar bhuiséad an Chúnamh Theicniúil;

Déantar cur síos ar úsáid Chúnamh Theicniúil mar acmhainn don Rúnaíocht sa Tosaíocht um Chúnamh Teicniúil. D'fhéadfadh an Coiste Monatóireachta tuilleadh dualgas agus freagrachtaí a ordú.

Tá an Chomhrúnaíocht Theicniúil suite i dTionól Reigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir i bPort Láirge in Éirinn. Is féidir sonraí teagmhála iomlána a fháil ag www.seregassembly.ie.

Tá pointe teagmhála na Breataine Bhige suite ag Oifig Cistiúcháin Eorpach na Breataine Bige in Merthyr Tydfil sa Bhreatain Bhig. Is féidir sonraí teagmhála iomlána a fháil ag www.seregassembly.ie.

Oifigigh Fhorbartha

Mar thoradh ar an táithí dhearfaigh an Chláir roimhe, bunófar Oifigigh Fhorbartha in Éirinn agus sa Bhreatain Bhig chun éascaíocht a dhéanamh do chur i ngníomh an Chláir i ngach dlínse. Beidh obair na nOifigeach Forbartha á comhordú ag an gComhrúnaíocht Theicniúil agus cabhróidh Rialtas Tionóil na Breataine Bhige le próiseas forbartha na dtionscnamh. Chomh maith leis seo, beidh ról ag na hOifigigh Fhorbartha sa mhéid go mbeidh siad ag cur comhairle ar iarratasóirí i dtaobh ullmhúcháin agus cur i ngníomh tionscnamh. Tá gach dlínse freagrach as a chinntiú conas mar a eagrófar é seo. Beidh na hOifigigh Fhorbartha ag plé le cur chun cinn an Chláir chomh maith.

Ballraíocht an Choiste Mhonatóireachta

Bunófar Coiste Monatóireachta an Chláir laistigh de thrí mhí ó chinneadh an Choimisiúin an Clár Oibriúcháin a fhaomhadh. Beidh ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas ar an gCoiste Monatóireachta:

- An tÚdarás Bainistíochta
- An Roinn Airgeadais
- Rialtas Tionóil na Breataine Bige
- Rialtais Réigiúnach agus Áitiúil
- Rannóg an Chomhshaoil
- Páirtnéirí Sóisialta (Is féidir le hionadaithe ón earnáil phríobháidigh agus ón earnáil dheonaigh bheith san áireamh agus is féidir go n-aontófar ar bhallraíocht faoi réir socrúithe institiúideacha sna Bailstáit faoi seach)
- Beidh ról comhairleach ag ionadaíocht an Choimisiúin ar an Choiste Mhonatóireachta. Is mar an gcéanna a bheidh ag comhlachtaí réachtúla cuí a dheineann ionadaíocht ar gach ceann de na téamaí leithne: comhionannas deiseanna agus forbairt inbhuanaithe.

Go ginearálta, ní féidir ach le hionadaithe ó gach ceann de na réimsí thuas bheith ina mbaill. Más féidir agus más cuí, beidh ionadaithe ó na gníomhaireachtaí um chur i ngníomh agus ó leasa na n-earnálacha san áireamh i mballraíocht an Choiste Mhonatóireachta. Cuirfear cothromas insce chun cinn ar an gCoiste Monatóireachta. Beidh an tÚdarás Bainistíochta agus Rialtas Tionóil na Breataine Bige mar Chathaoirleach ar an gCoiste Monatóireachta.

Freagrachtaí an Choiste Mhonatóireachta

De réir Ailt 65 de Rialachán na Comhairle, déanfaidh an Coiste Monatóireachta deimhin de le go bhfuil cur i ngníomh caiteachais chómhaoinithe an AE éifeachtach agus d'ardchaighdeán, de réir na forálacha seo a leanas:

- a) déanfaidh sé na critéir um roghnú na n-oibríochtaí a mhaoinítear laistigh de sé mhí ó cheadú an Chláir Oibriúcháin a bhreathnú agus a fhorghnas

- agus formheasfaidh sé athbhreithniú ar bith ar na critéir sin de réir riachtanais an Chláir;
- b) déanfaidh sé athbhreithniú tréimhsiúil ar dhul chun cinn atá déanta chun spriocanna ar leith an Chláir Oibriúcháin a bhaint amach. Beidh an t-eolas chuige seo bunaithe ar cháipéisí a chuireann an tÚdarás Bainistíochta ar fáil;
 - c) scrúdóidh sé torthaí an chuir i ngníomh, go háirithe gur baineadh amach na spriocanna a cuireadh maidir le gach ais tosaíochta, agus scrúdóidh sé na measúnachtaí dá dtagraítear in Alt 48 (3), chomh maith;
 - d) breathnóidh sé agus formheasfaidh sé an tuarascáil bhliantúil agus an tuarascáil dheiridh ar chur i ngníomh dá dtagraítear in Alt 67;
 - e) cuirfear ar an eolas é faoin tuarascáil bhliantúil rialúcháin nó faoin chuid den tuarascáil sin ina dtagraítear don chlár oibriúcháin atá i gceist, agus faoi aon ráiteas ábhartha a thabharfadh an Coimisiún tar éis scrúdú ar an tuarascáil sin a dhéanamh nó a thabharfadh sé maidir leis an gcuid sin den tuarascáil;
 - f) is féidir leis aon athbhreithniú nó scrúdú ar an gclár oibriúcháin a mholadh don Údarás Bainistíochta a chabhróidh chun spriocanna na gcistí a bhaint amach nó chun a mbainistíocht, a mbainistíocht airgeadais san áireamh, a fheabsú; agus
 - g) breathnóidh sé agus formheasfaidh sé aon mholadh chun ábhar cinneadh an Choimisiúin maidir le ranníocaíocht na gCistí a leasú.

Rialacha agus Nósanna Imeachta an Choiste Mhonatóireachta

Faoi réir comhlíonadh na bprionsabal atá leagtha amach san alt thuas agus faoi réir comhlíonadh creata institiúdaigh, dleathaigh agus airgeadúil na hÉireann agus na Ríochta Aonaithe, beidh an Coiste Monatóireachta freagrach as a rialacha féin a chumadh do nósanna imeachta agus as iad a aontú leis an Údarás Bainistíochta chun a misin a chur i bhfeidhm de réir an Rialacháin Ghineáralta.

An Coiste Stiúrtha

Bunóidh an Coiste Monatóireachta Coiste Stiúrtha amháin nó níos mó. Tíocfaidh ballraíocht an Choiste Stiúrtha ó hionadaithe an Údaráis Bainistíochta, Rialtas Tionóil na Breataine Bige, na Roinne Airgeadais agus ó rannóga rialtais cuí eile, ó hionadaithe gníomhaireachtaí stáit agus ó leasa na n-earnálacha ag a bhfuil sainchúram beartais a chlúdaíonn Tosaíochtaí agus Téamaí an Chláir Oibriúcháin agus ó hionadaithe Údarás Réigiúnach agus Áitiúil. Is féidir le hionadaí an Choimisiúin bheith páirteach in obair an Choiste i ról comhairleach. Cuirfear cothromas insce chun cinn ar an gCoiste Stiúrtha. Beidh ionadaithe do Chomhionannas agus d'Fhorbairt Inbhuanaithe ina mbaill den choiste/de na coistí chomh maith.

Is é príomhdhualgas an Choiste Stiúrtha ná páirt a ghlacadh i roghnú tograí de réir na nósanna imeachta agus na gcritéar atá formheasta ag an gCoiste Monatóireachta de réir Ailt 65.

Tuarascáil Bhliantúil agus Tuarascáil dheiridh ar chur i ngníomh

De réir Ailt 67 den Rialachán Ginearálta, cuirfidh an tÚdarás Bainistíochta tuairisc bhliantúil ar chur i ngníomh isteach chuig an gCoimisiún ó 2008 ar aghaidh faoin 30ú lá de mhí Mheithimh ar a dhéanaí agus cuirfidh sé tuairisc dheiridh ar chur i ngníomh chuige faoin 31ú lá de mhí na Márta 2017. Scrúdóidh agus formheasfaidh an Coiste Monatóireachta na tuairiscí seo sara gcuirfear chuig an Choimisiún iad.

Athbhreithniú bliantúil ar chur i ngníomh

De réir Ailt 68 den Rialachán Ginearálta, , déanfaidh an Coimisiún agus an tÚdarás Bainistíochta scrúdú gach bliain nuair a chuirtear an tuairisc dá dtagraítear in Alt 67 isteach, ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur i ngníomh an chláir oibriúcháin, ar na príomhthorthaí a baineadh amach le linn na bliana roimhe, ar an gcur i ngníomh airgeadúil agus ar fhachtóirí eile d'fhonn an cur i ngníomh a fheabhsú.

Is féidir go ndéanfar scrúdú chomh maith, ar aon ghné d'oibriú an chórais bainistíochta agus rialúcháin bhliantúil a luadh sa tuairisc dheireanach ar rialacháin bhliantúil, dá dtagraítear in Alt 62(1)(d)(i). I ndiaidh an scrúdaithe seo, d'fhéadfadh an Coimisiún tuairimí a léiriú do na Baillstáit agus don Údarás Bainistíochta, agus cuirfidh sé siúd an Coiste Monatóireachta ar an eolas faoi sin. Cuirfidh na Baillstáit an Coimisiún ar an eolas faoin ngníomh a dheintear mar fhreagairt do na tuairimí a léiríodh.

8.3 Bainistíocht Airgeadais agus Córais Rialúcháin

Glacfaidh Éire agus an Ríocht Aontaithe freagracht ar an gcéad ásc as rialúchán airgeadais cúnamh, gan dochar d'fhreagracht an Choimisiúin as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm.

Is é a bheidh i gceist le bainistíocht agus rialúchán airgeadais ná sraith d'oibríochtaí idircheangail um fhíorú agus deimhniú thar shraitheanna éagsúla den bhainistíocht. De réir Ailt 71 (1) den Rialachán Ginearálta, laistigh de dhá mhí déag ón gClár Oibriúcháin a cheadú, cuirfidh údarais na hÉireann isteach don Choimisiún cur síos ar na córais seo, ag clúdú go háirithe na húdarais bainistíochta agus deimhniúcháin agus na comhlachtaí idirmheánacha, an t-údarás iniúcthaóireachta agus aon chomhlachtaí eile atá ag déanamh iniúchtaí faoina chúram.

I dteannta an chuir síos seo beidh tuarascáil ina leagtar amach na torthaí measúnaithe ar bhunú na gcóras agus ina léirítear tuairim faoin tslí ina bhfuil na córais ag comhlíonadh Alt 58 go 62 den Rialachán Ginearálta. Beidh an t-Údarás Iniúcháireachta freagrach as an tuarascáil mheastóireachta seo a ullmhú.

Leagtar rólanna agus freagrachtaí ar leith na sraitheanna éagsúla seo amach sna hailt thíos.

Tá sreabhchairt le mionsonraí na socruithe bainistíochta airgeadais agus rialacháin d'íostarraingt Chistí CFRE faoin chlár seo in Aguisín VI.

Feidhm an Údaráis Deimhniúcháin

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir ainmnithe mar Údarás Deimhniúcháin chun dearbhairte ar chaiteachas agus iarratais ar íocaíocht a dheimhniú sara gcuirfear chuig an Choimisiún iad. Cuirfidh an tAonad Airgeadais laistigh den Tionól Réigiúnach feidhmeanna an Údaráis Dheimhniúcháin i ngníomh atá neamhspléach ón Údarás Bhainistíochta ó thaobh feidhme de. Déanfaidh ceann an Údaráis Dheimhniúcháin tuairisciú go díreach chuig Stiúrthoir an Tionóil Reigiúnaigh.

Beidh an tÚdarás Deimhniúcháin freagrach as:

- a) ráiteas deimhnithe caiteachais agus iarratais ar íocaíocht a chumadh agus a chur chuig an Choimisiún;
- b) deimhniú go bhfuil:
 - i) an ráiteas caiteachais cruinn, ó chórais chuntasaíochta iontaofa agus bunaithe ar cháipéisí tacaíochta indheimhnithe,
 - ii) go bhfuil an caiteachas a dhearbhaítear ag teacht le rialacha an Chomhphobail agus leis na rialacha Náisiúnta infheidhmithe agus gur tabhaíodh é i dtaca le tógraí a roghnaíodh i gcomhair a maoinithe de réir na gcritéar a bhaineann leis an gClár de réir rialacha an Chomhphobail agus rialacha Náisiúnta;
- c) cinntiú, chun críocha deimhniúcháin, go bhfuil eolas cuí faighte ón Údarás Bainistíochta ar nósanna imeachta agus deimhniúcháin a deineadh maidir le caiteachas atá san áireamh i ráitis ar chaiteachas;
- d) cuntas a ghlacadh chun críocha deimhniúcháin, ar thorthaí na n-iniúchtaí uile a dhein an tÚdarás Iniúcháireachta nó a deineadh faoina fhreagracht;
- e) taifead cuntasaíochta a choinneáil i bhfoirm ríomhairithe ar chaiteachas a dearbhaíodh don gCoimisiún;
- f) taifead a choinneáil ar na méideanna a fhéadfar a aisghabháil agus ar mhéideanna a tarrainíodh siar i ndiaidh cuid den ranníocaíocht nó an ranníocaíocht iomlán do thogra a chealú. Íocfar méideanna a aisghabháiltear ar ais chuig buiséad Ginearálta an Aontais Eorpaigh roimh dheireadh an Chláir Oibriúcháin trí iad a bhaint den chéad ráiteas caiteachais eile.

Bunófar comhchuntas Bainc in ainm an Údaráis Dheimhniúcháin. Beidh dhá fho-chuntas sa Chomhchuntas bainc; ceann amháin do mhaoiniú togra (Tosaíocht 1 agus 2) agus ceann eile do Chúnamh Teicniúil (Tosaíocht 3). Ar iarraidh seirbhísí an Údaráis um údarú, aistroidh an tÚdarás Deimhniúcháin íocaíochtaí CFRE díreach chuig na príomhchomhpháirtithe a luaithe agus is féidir. Chun deimhin a dhéanamh de go gcomhallfar rialacháin an Choimisiúin agus go mbeidh an bhainistíocht airgeadais cruinn, beidh an tÚdarás Deimhniúcháin neamhspleách ó seirbhísí an Údaráis Bainistíochta ó thaobh feidhme de.

Tá an tÚdarás Deimhniúcháin suite i dTionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir i bPort Láirge, Éire. Is féidir sonraí teagmhála iomlána a fháil ar www.seregassembly.ie.

Feidhm an Údaráis Bainistíochta

Beidh an phríomhfhreagracht ar an Údarás Bainistíochta maidir le cruinneas bainistíochta agus cur ngníomh na dtograí sin faoin Chlár Oibriúcháin atá á mhaoiniú ag Cistí Struchtúrtha (Alt 60 den Rialachán Ginearálta). Tá sé freagrach as eolas iontaofa a bhailiú agus as cinntiú go gcoinnítear cuntais chuí, go bhfuil na hoibríochtaí ceart agus ag teacht le Rialacha an Chomhphobail.

Bunóidh an tÚdarás Bainistíochta stiúradh inmheánach chun bainistíocht chuí ar chaiteachas cómhaoinithe an AE a chinntiú. Cuirfear na dualgais i dtobh bainistíocht airgeadais agus bainistíocht Ginearálta an Chláir Oibriúcháin i bhfeidhm ag dhá rannóg/aonad ar leith laistigh den Údarás Bainistíochta. Cinnteoidh an tÚdarás Bainistíochta go mbeidh tairbhíthe ar an eolas faoina bhfreagrachtaí i dtaca le bainistíocht airgeadais an chaiteachais a chómhaoinionn an tAE. Cinnteoidh sé go gcomhlíonfar rialacha an Chomhphobail i dtaca le soláthar poiblí. Faoi réir aon treorach a d'fhéadfadh an tÚdarás Deimhniúcháin a eisiúint, déanfaidh an tÚdarás Bainistíochta corrsheiceáil chuí ar bhuncáipéisíocht atá ag tacú le héilimh ar íocaíochtaí a chómhaoinitear sara dtabharfar údarú i leith gach éilimh ar chaiteachas agus roimh iad a chur ar aghaidh chuig an Údarás Deimhniúcháin.

An tÚdarás Iniúcháireachta

Ainmníodh an tAonad Stiúrtha Airgeadais de chuid CFRE sa Roinn Airgeadais in Éirinn mar Údarás Iniúcháireachta. Tá sé neamhspleách ón Údarás Bainistíochta agus ón Údarás Deimhniúcháin ó thaobh feidhme de, agus beidh sé freagrach as feidhmiú éifeachtach an chórais bainistíochta agus rialacháin a dheimhniú. Beidh an tAonad Stiúrtha freagrach as iniúcháireacht na gcóras agus seiceáil fhánach iniúcháireachta ar chaiteachas a bhaineann leis an gCiste. Beidh siad mar bhaill Éireannacha agus mar Chathaoirleach ar Ghrúpa na n-Iniúcháirí.

De réir Ailt 14(2) de Rialachán CFRE (CE) Uimh. 1080/2006, cabhróidh Seirbhísí Iniúcháireachta Inmheánacha ag Rialtais Tionóil na Breataine Bige leis an Údarás Iniúcháireachta sa Bhreatain Bhig. Beidh Rialtais Tionóil na Breataine Bige ina bhall ón Ríocht Aontaithe de Ghrúpa na n-Iniúcháirí.

Beidh freagracht ar leith ag an Údarás Iniúcháireachta maidir le:

- a) cinntiú go ndéantar iniúchtaí chun feidhmiú éifeachtach an chóras bainistíochta agus rialacháin an Chláir Oibriúcháin a dheimhniú;
- b) cinntiú go ndéantar iniúchtaí ar oibríochtaí ar bhonn sampla chuí chun caiteachas dearbhaithe a dheimhniú;
- c) straitéis iniúcháireachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de naoi mí ón Chlár Oibriúcháin a fhaomhadh ina bpléitear na forais a dhéanfaidh na hiniúchtaí dá dtagraítear thuas, an modh a úsáidtear, an modh samplála d'iniúchtaí ar oibríochtaí agus an phleanáil tháscach ar iniúchtaí le cinntiú go ndéanfar iniúchadh ar na príomhfhorais agus go scaiptear iniúchtaí go cothrom trí thréimhse an Chláir;
- d) faoin 3ú Nollaig gach bliain ó 2008 go 2015:
 - i) tuairisc bhliantúil ar rialacháin a chur chuig an Choimisiún ina leagtar amach na torthaí a fuarthas sna iniúchtaí a deineadh i rith na bliana roimhe don tréimhse dar críoch 30ú Meitheamh den bhliain lena mbaineann de réir straitéis iniúcháireachta an Chláir Oibriúcháin. Lochtanna a fuarthas ar chóras bainistíochta agus rialacháin an Chláir a thuairisciú. Pléifidh an chéad tuairisc atá le cur isteach faoin 31ú Nollaig 2008 an tréimhse ón 1ú Eanáir 2007-30ú Meitheamh 2008. Cuirfear an t-eolas a bhaineann leis na hiniúchtaí a déanfar i ndiaidh an 1ú Iúil 2015 san áireamh leis an tuairisc rialacháin dheiridh. Tacóidh an t-eolas seo leis an dearbhú deiridh dá dtagraítear thíos;
 - ii) tuairim a eisiúint, ar bhonn na hiniúchtaí a a gcuireadh i gcrích faoi fhreagracht an Údaráis Iniúcháireachta, maidir leis cé acu a bhfuil an córas bainistíochta agus rialacháin ag feidhmiú go héifeachtach nó nach bhfuil, chun dearbhú réasúnta a sholáthar go bhfuil ráiteas ar chaiteachas a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin cruinn agus dá thoradh, dearbhú réasúnta go bhfuil na gnóthaí airgid bunúsacha dleathach agus rialta;
 - iii) dearbhú a chur isteach más chuí de réir Alt 88 ar dhúnadh i bpáirt -dheireadh ina measúnaítear dlithiúlacht agus rialtacht an caiteachais lena mbaineann;
- e) dearbhú deiridh a chur chuig an gCoimisiún faoin 31ú Márta 2017 ar a dhéanaí ina measúnaítear bailíocht an iarratais ar íocaíocht an iarmhéid deiridh agus chomh maith le dlithiúlacht agus rialtacht na n-idirbhearta bunúsacha a pléitear i ráitis chaiteachais deiridh a bheidh á dtacú ag an tuairisc rialacháin deiridh.

Cinnteadh an tÚdarás Iniúcháireachta go dtabharfar aird ar chaighdeáin cuntasáíochta atá inghlactha go hidirnáisiúnta agus an obair iniúcháireachta á déanamh.

De réir Ailt 71 den Rialachán Ginearálta, laistigh de 12 mhí ón gClár a fhaomhadh, cuirfidh an tÚdarás Bainistíochta cur síos ar na córais ar fáil ina ndéafar plé ar leith ar eagrú agus ar nósanna imeachta

(b) an údaráis bainistíochta agus deimhnithe agus na bhforas inmheánach;

(c) an údaráis iniúcháireachta agus aon chomhlacht eile a dheinnann iniúchtaí faoina freagracht sa”

Tá Aonad Stiúradh Airgeadais CFRE suite sa Roinn Airgeadais in Éirinn. Is féidir sonraí teagmhála iomlána a fháil ag www.finance.gov.ie.

Rialaitheoirí Céad Leibhéal

De réir Ailt 16 de Rialachán (CE) 1080/2006, bunóidh gach Ballstát córas deimhniúcháin sheachadadh táirgí agus seirbhísí do thograí. Deimhneoidh an córas seo cruinneas an chaiteachais agus deimhneoidh sé go mbeidh sé de réir rialacha an Choimisiúin agus de réir rialacha náisiúnta um incháilitheacht caiteachais agus soláthair phoiblí chomh maith.

Tá Tionól Reigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir ainmnithe mar Údarás Rialúcháin Chéad Leibhéal in Éirinn agus ainmníodh Rialtas Tionóil na Breataine Bige mar Údarás Rialúcháin Chéad Leibhéal sa Bhreatain Bhig. Cabróidh an Chomhrúnaíocht Theicniúil leis na húdaráis faoi seach, agus beidh seiceáil rialúcháin mar dhualgas air mar chuid den chóras íocaíochta deontais. Beidh an CRT freagrach as deimhniúcháin riaracháin a dhéanamh i dtaca leis na hiarratais uile ar aisíocaíocht do thairbhíthe agus déanfaidh siad deimhniúcháin ar an dtoirt ar thograí aonair in Éirinn. Maidir leis an Bhreatain Bhig, comhlíonfaidh Rialtas Tionóil na Breataine Bige dualgas na ndeimhniúcháin ar an dtoirt de réir treorach a thabhrfaidh an tÚdarás Bainistíochta dó.

Pléifear mionsonraí ar mhodh agus ar mhéid na ndualgas seo sa Mheabhrán Tuisceana atá le síniú idir an Údarás Bainistíochta agus na Ballstáit.

Déanfaidh an dá Rialaitheoir Céad Leibhéal tuairisciú do na Ballstáit a ainmníonn iad agus chuig an Údarás Bainistíochta.

Incháilitheacht Caiteachais

De réir Ailt 56 den Rialachán Ginearálta, ní bheidh caiteachas incáilithe do thacaíocht ón Chomhphobail ach amháin nuair atá sé á thabhu ag tograí gur

dhein an tÚdarás Deimhniúcháin nó an Coiste Stiúrtha cinneadh fúthu de réir na gcritéar roghnaithe atá socraithe ag an gCoiste Monatóireachta. De réir Ailt 34 den Rialachán Ginearálta, is féidir le togra Éireannach/ Breatnach ar bith tairbhe a bhaint as ranníocaíochtaí CFRE i leith Chlár na hÉireann / na Breataine Bhige amháin. Ní féidir le togra maoiniú a fháil ó níos mó na aon Chlár Cistí Struchtúrtha amháin am ar bith.

Caithfidh ranníocaíocht CFRE bheith ar aon dul leis an bplean airgeadais a leagtar síos sa chinneadh lena bhfaomhtar an Clár. De réir Ailt 53 den Rialachán Ginearálta, íocfaidh Cistí de chuid CFRE ranníocaíocht suas chuig 75% den chostas incháilithe iomlán.

I gcás infheistíochtaí i mbonneagar a shaothraíonn glanioncam suntasach agus i gcás infheistíochtaí i ngnóthais, tá teorannacha eile de ranníocaíochtaí CFRE i bhfeidhm de réir mar a leagtar síos in Ailt 55 den Rialachán Ginearálta. Sainítear ráta deontais de chuid CFRE de réir an togra agus cuirtear i bhfeidhm é ar an gcostas incháilithe iomlán atá á éileamh.

Beidh caiteachas nua a chuirfeadh leis na costais nuair atá athrú á dhéanamh ar Chlár Oibriúcháin (dá dtagraítear in Ailt 33 den Rialachán Ginearálta) incháilithe ón dáta gur cuireadh an t-iarraitas ar athrú ar an gClár Oibriúcháin chuig an gCoimisiún.

Leagfar rialacha maidir le hinchailitheacht caiteachais ag leibhéal náisiúnta síos faoi réir Ailt 13 de Rialachán CFRE (1080/2006). Leagfar rialacha an Chomhphobail maidir le hinchailitheacht is infheidhme ar Chlár um Chomhoibriú idir Chríocha síos in Ailt 48-53 den Rialachán um Chur i nGníomh (1828/2006). Pléann siad an caiteachas iomlán a dhearbhaítear faoin gClár Oibriúcháin.

Is é an 1ú Eanáir 2007 an dáta tosnaithe d'inchailitheacht caiteachais don Chlár Oibriúcháin. Ní chálíonn caiteachas a tabhaíodh roimhe sin do thacaíocht faoin Chlár Oibriúcháin agus ní ceart go mbeadh tograí críochnaithe roimh dáta tosnaithe na hinchailitheachta.

Tairbhithe

Beidh tairbhithe freagrach as a chinntiú gurb é fíorchaiteachas incháilithe a tabhaíodh agus caiteachas atá de réir théarmaí an togra atá faofa ag an gCoiste Stiúrtha amháin a chuirtear ar cháipéisíocht eilimh chun íocaíocht ó dheontais de chuid CFRE a éileamh. Beidh orthu a chinntiú go mbeidh rian iniúchta soiléir ann maidir le cistí an AE agus go mbeidh sonraisc le hadmhálacha ann a thacaíonn leis na héilimh, é seo, nó cáipéisíocht ag a bhfuil luach tacúil coibhéiseach, más rud é nachg bhfuil an chéad cheann ar fáil.

Prionsabal an Phríomhchomhpháirtí

Cuirfidh an Clár prionsabal an Phríomhchomhpháirtí i bfeidhm de réir Ailt 20 den Rialachán Ginearálta.

Íocaíocht Deontas

A luaithe agus a chuirfear tograí chuig an gCoiste Stiúrtha agus a luaithe a fhaomhtar iad, tabharfaidh an Rúnaíocht na hiarratais le comhpháirtithe an togra chun críche de réir aon riachtanais breise a shainíonn an Coiste Stiúrtha.

Táirgfidh an Rúnaíocht litreacha tairisceana deontais thar ceann an Údarás Bainistíochta. Comhshíneoidh an Príomhchomhpháirtí é seo agus coinneoidh an Rúnaíocht bunchóip atá sínithe ag na páirtithe go léir. Ceanglaítear ranníocaíochtaí CFRE ag leibhéal an Chláir an lá ar a gcomhshíníonn comhpháirtithe an togra an litir tairisceana.

Beidh an Údarás Deimhniúcháin freagrach as na socruithe i dtaca le híocaíochtaí deontais. Tá an tÚdarás Deimhniúcháin neamhspleách ar an gComhrúnaíocht Teicniúil. Gheobhaidh Rannóg na nÍocaíochtaí den CRT éilimh íocaíochta i leith tograí a raibh litreacha tairisceana éisithe ina dtaobh. Beidh sonraisc nó cáipéisíocht cuntasáíochta eile atá deimhnithe mar is chuí ag gabháil le gach éileamh ar íocaíocht mar thacaíocht. Cuirfear tuairiscí iomlána ar dhul chun cinn ar fáil i dteannta éileamh ar íocaíocht gach sé mhí ar a laghad.

Déanfaidh Rannóg na nÍocaíochtaí seiceáil ar éilimh ar íocaíocht in aghaidh an litir tairisceana agus páipéar an togra agus déanfaidh sí deimhin de go mbeidh siad ag teacht le cuspóirí feidhmíochta agus coinníollacha incháilitheachta. Déanfaidh Rannóg na nÍocaíochtaí seiceáil rialacháin chomh maith de réir Ailt 16 de Rialachán CFRE chun seachadadh seirbhísí agus táirgí chómhaoinithe, agus cruineas an chaiteachais a dhearbhaítear a chinntiú, agus chun deimhin a dhéanamh de oiriúnacht de a o gcomhlíonann a leithéid de chaiteachas Rialacha an Chomhphobail agus Rialacha Náisiúnta. Más féidir glacadh leis na héilimh molfar íocaíocht don Údarás Bhainistíochta. Ar údarú a fháil ón Údarás Bainistíochta, déanfaidh an tÚdarás Deimhniúcháin íocaíochtaí faofa chuig an bPríomhchomhpháirtí. Roinnfear na feidhmeanna seiceála agus údarú na nÍocaíochtaí idir an CRT/Údarás Bainistíochta agus an Údarás Deimhniúcháin, atá neamhspleách.

Déanfaidh an tÚdarás Deimhniúcháin íocaíochtaí in Euro ón gcomhchuntas bainc chuig cuntas bainc an Phríomhchomhpháirtí.

Féach ar sreabhchairt na nÍocaíochtaí in Aguisín VII ina dtugtar tuilleadh mínithe air seo.

Tuairiscíú ar mhírialtachtraí

Laistigh de dhá mhí i ndiaidh deireadh gach ráithe, déanfaidh an tÚdarás Deimhniúcháin tuairisciú don Choimisiún ar aon mhírialtacht a bhí ina ábhar ag cinneadh riaracháin nó ag cinneadh breithiúnach de réir Ailt 28 den Rialachán um Chur i ngníomh. Ina theannta seo, cuirfear aon nósanna imeachta a tionscnaíodh maidir le haon mhírialtacht a luadh roimhe in iúl don gCoimisiún laistigh de dhá mhí ó dheireadh gach ráithe chomh maith, de réir Ailt 30 den Rialachán um Chur i ngníomh.

Úsáid an Euro

Ainmnítear méideanna uile a leagtar amach sa Chlár Oibriúcháin, i ráitis dheimhnithe ar chaiteachas, in iarratais ar íocaíocht agus i dtuairiscí ar chaiteachais in Euro. Úsáidtear an Euro i ngach litir thairsceana, i ngach faomhadh togra agus in éilimh ar íocaíocht i dtaca le caiteachas chómhainithe an AE (Ailt 81 den Rialachán Ginearálta). Ainmnítear idirbhearta uile a dheintear faoin Chlár seo in Euro, íocaíochtaí do Phríomhchomhpháirtithe san áireamh.

Aistriú Sonraí Leictreonach

Cuirfidh Údaráis na hÉireann cáipéisíocht agus eolas ábhartha ar fáil le cur isteach chuig an gcóras ríomhaireachta atá bunaithe ag an Choimisiún chun mhalartú sonraí sábháilte idir an Coimisiún agus gach Ballstát a éascú.

Déanfaidh an Coimisiún agus na hÚdaráis atá ainmnithe ag an mBallstát chomh maith leis na forais a fuair an dualgas sin taifead sa chóras ríomhaireachta do mhalartú sonraí ar na cáipéisí as a bhfuil siad freagrach sa bhformáid chuí agus tabharfaidh siad cothrom le dáta iad.

Beidh na costais atá ar chomhéadan a dhéanamh idir an ghnáthchóras ríomhaireachta do mhalartú sonraí agus na córais ríomhaireachta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus aon chostas eile chun na córais ríomhaireachta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chur in oiriúnint do na riachtanais faoin Rialachán Ginearálta incháilithe faoi Chúnamh Teicniúil de réir Ailt 46 den Rialachán sin.

Tá córas ríomhairithe á fhorbairt sa Roinn Airgeadais chuige seo. Úsáidfean an córas chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas chómhainithe an AE. Cuirfidh an tÚdarás Bainistíochta sonraí isteach agus tá meicníochtaí á bhforbairt chun tacú le tarchur sonraí óna chomhlachtaí seo.

Dearadh Córas Ríomhaireachta na hÉireann chun tacú le ríomhchlárú, le monatóireacht airgeadais, le monatóireacht fhisiciúil agus le héisiúint íocaíochtaí agus le monatóireacht orthu. Tá sé bunaithe ar fheidhmchlár cliant/freastalaí agus tugann sé rochtain ar bhunachar sonraí lárnach don Údarás Bainistíochta,

don Roinn Airgeadais agus do Rialtais Tionóil na Breataine Bige. Cuirfidh an tÚdarás Bainistíochta agus an tÚdarás Deimhniúcháin gach eolas ar dhul chun cinn fisiciúil agus ar dhul chun cinn ó thaobh cúrsaí airgid, tuairiscí bliantula san áireamh, chuig an gCoimisiún mar eolas códaithe de réir mar is cuí, ar chuma leictreonach, chun gur féidir le Coimisiún na hEorpa a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh faoi na Rialacháin um Chistí Struchtúrtha. Beidh minicíocht an tarchuir leictreonaigh de réir riachtanas bainistíochta atá comhaontaithe idir an Choimisiún, an Údarás Bainistíochta agus an Roinn Airgeadais.

Comhlíonadh Rialacha um Cúnamh Stáit

Cinntoidh an tÚdarás Bainistíochta go mbeidh tograí atá á maoiniú ag na Cistí ag teacht le forálacha an Chonartha, le hionstraim a glacadh faoi agus leis na beartais agus gníomhartha an Chomhphobail i réimse na hiomaíochta.

8.4 Meastóireacht

Is é is cuspoir do na meastóireachtaí ná cáilíocht, éifeachtacht agus comhsheasmhacht an chúnamh a thugann na Cistí agus straitéis agus cur i ngníomh an Chláir a fheabhsú i dtaca le fadhbanna struchtúrtha ar leith atá ag an Réigiúin, agus aird a thabhairt ar sprioc na forbartha inbhunanaithe agus ar reachtaíocht ábhartha an Chomhphobail a bhaineann le tionchar ar an gcomhshaol agus le meastóireacht straitéiseach ar an gcomhshaol.

Déanfaidh saineolaithe atá neamhspleách ó údárais an chláir ó thaobh feidhme de na meastóireachtaí. Foilseofar na torthaí de réir na rialacha is infheidhmithe um rochtain ar cháipéisí. Maoineofar na meastóireachtaí ón mbuiséad do chúnamh teicniúil. Éagróidh an tÚdarás Bainistíochta soláthar agus bailiúchán na sonraí riachtanacha agus úsáidfidh sí na cineálacha éagsúla eolais atá a sholáthar ag an gcóras monatóireachta.

Meastóireacht Ex Ante

Deineadh meastóireacht Ex Ante ar an gClár Oibriúcháin de réir Ailt 48 den Rialachán Ginearálta.

Meastóireacht Leanúnach

Le linn tréimhse an Chláir, déanfaidh an tÚdarás Bainistíochta meastóireachtaí a bhaineann le monatóireacht ar an gClár Oibriúcháin, go háirithe nuair a nochtann monatóireacht ar an gClár difríocht shuntasach i gcomórtas leis na spriocanna a leagadh síos ar dtús báire nó nuair a dheintear moltaí i dtaobh athbhreithnithe ar an gClár. Cuirfear na torthaí chuig Coiste Monatóireachta an Chláir Oibriúcháin agus chuig an gCoimisiún.

Meastóireacht Ex Post

Beidh sé d'fhreagracht ar an gCoimisiúin iar-mheastóireacht a dhéanamh i gcomhar leis na Ballstáit agus an Údarás Bainistíochta. Eagrófar an iar-mheasúnacht de réir na socruithe Ginearálta um chomhordú meastóireachtaí. Déanfaidh sé scrúdu ar méid na gcistí a úsáideadh, ar chríochnúlacht agus ar éifeachtacht chlárú na gcistí agus an tionchar socheacnamaíoch. Tarraingeoidh sé tátail i leith an bheartais ar chomhtháthú eacnamaíochta agus sóisialta agus aithneoidh sé fachtóirí a raibh tionchar acu ar an tslí gur éirigh le cur i ngníomh an Chlár Oibriúcháin agus aithneoidh sé dea-chleachtas. Críochnófar é faoin 31ú Nollaig 2015.

8.5 Eolas agus Poiblíocht

Beidh an tÚdarás Bainistíochta freagrach as eolas agus poiblíocht ar an gClár Oibriúcháin. Beidh gníomhaíochtaí eolais dírithe ar an bpobal coiteann agus ar thairbhíthe féideartha. Beidh mar sprioc acu an ról atá ag maoiniú ón gComhphobal a léiriú agus chun trédhearcacht a chinntiú.

Taispeánfar lógo an AE ar an ábhar poiblíochta ar fad, is é sin, ar fhoirmeacha iarratais, ar litreacha tairsceana nó ceadú deontais, agus ar chomharthaí do thograí de réir an Rialacháin um Chur i ngníomh an Chlár Oibriúcháin. Cabhróidh Rialtas Tionóil na Breataine Bige leis an Údarás Bainistíochta a straitéis eolais agus poiblíochta don Chlár Oibriúcháin a fhorbairt agus a chur i ngníomh.

Déanfar Plean Gnímh um Chumarsáid i gcomhairle leis an gCoiste Monatóireachta de réir Ailt 2 den Rialachán um chur i ngníomh, lena chur isteach chuig an gCoimisiún laistigh de cheithre mhí ón dáta ar ar glacadh an Clár Oibriúcháin. Leagfaidh an plean na mionsonraí amach chun seo a bhaint amach. Leis seo a áirítear:

Beidh na nithe seo a leanas san áireamh sa phlean cumarsáide ar a laghad:

- (a) na haidhmeanna agus na spriocghrúpaí;
- (b) straitéis agus ábhar na mbearta eolais agus poiblíochta atá le déanamh ag an mBallstát nó an Údarás Bainistíochta agus a dhírítear ar thairbhíthe féideartha, ar thairbhíthe agus an ar an phobal. Tugtar aird ar an mbreisluach a chuireann cúnamh ón Chomhphobal leis ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;
- (c) an buiséad táscach do chur i ngníomh an phlean;
- (d) na rannóga riaracháin nó na forais atá freagrach as cur i ngníomh na mbearta eolais agus poiblíochta;
- (e) an tslí a léiriú ar a ndéintear meastóireacht ar na bearta eolais agus poiblíochta maidir le trédhearcacht, feasacht ar chlár oibriúcháin agus ar an ról atá ag an gComhphobal.

Cuirfidh an Údarás Bainistíochta an Coiste Monatóireachta ar an eolas faoi dhul chun cinn ar chur i ngníomh an Plean Ghnímh um Chumarsáid, ar na bearta eolais agus poiblíochta a cuireadh i ngníomh agus an modh cumarsáide a úsáideadh. Beidh samplaí den modh inar cuireadh an plean gnímh um chumarsáid i ngníomh, ar na socruithe i leith chumarsáid agus obair phoiblíochta amach an seo agus, más cuí, an seoladh greasáin ar a bhfuil an teolas seo ar fáil sa Tuarascáil Bliantúil. Ba chóir don tuarascáil díriú ar leasuithe móra ar an bplean um chumarsáid. Déanfar meastóireacht ar na bearta cumarsáide i 2010.

Cinntoidh an tÚdarás Bainistíochta, de réir an phlean chumarsáide go scaipfear an Clár Oibriúcháin go forleathan, go mbeidh mionsonraí ar na ranníocaíochtaí airgeadais óna Cistí atá i gceist san áireamh leis an eolas agus go gcuirfear ar fáil é d'aon pháirtí a chuireann suim ann. Cinntoidh sé chomh maith go scaipfear eolas a bhaineann le deiseanna maoinithe atá á dtairiscint mar chomhchúnaimh ón Chomhphobail agus ó na Ballstáit tríd an gClár Oibriúcháin a chomh forleathan agus is féidir.

Déanfaidh an tÚdarás Bainistíochta eagraíochtaí eile rannpháirteach i mbearta eolais agus cumarsáide. Orthu siúd a áirítear comhlachtaí ar nós údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus gníomhaireachtaí forbartha; cumainn thradála agus ghairme; comhpháirtithe eacnamaíochta agus sóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha; eagraíochtaí a dheineann ionadaíocht don earnáil ghnó, ionaid eolais ar an Eoraip agus ionadaíochtaí don gCoimisiún sna Ballstáit agus institiúidí oideachais a fhéadann an t-eolas ar an Chláir Oibriúcháin a scaipeadh.

Cinntoidh an tÚdarás Bainistíochta go gcuirfear na bearta eolais agus cumarsáide i gcrích de réir an phlean chumarsáide agus go mbeidh sé dírithe chun an tuairisciú is forleithne sna meáin cumarsáide a fháil trí bheith ag úsáid na modhanna cumarsáide cuí uile ag an leibhéal cuí críche. Ainmneoidh an tÚdarás Bainistíochta duine teagmhála le bheith freagrach as cúrsaí eolais agus cumarsáide agus a chuirfidh an Coimisiún ar an eolas dá réir.

Beidh tairbhíthe freagrach as an pobal a chur an ar eolas faoin chúnaimh airgeadais a fuarthas ón gClár trí mhodh cuí faisnéise. Cinntoidh tairbhíthe leis, go mbeidh eolas acu siúd atá rannpháirteach i dtogra nó i ngníomhaíocht togra go bhfuil an togra á mhaoiniú i bpáirt ag CFRE. Cuirfidh tairbhíthe eolas soiléir ar fáil gur roghnaíodh an togra nó an tionscnamh atá á chur i ngníomh faoin gClár Oibriúcháin seo agus go bhfuil sé á chómhaoiniú ag CFRE.

8.6 An Clár a chur chun cinn agus tograí d'ardchaighdeán a spreagadh

Beidh sé mar aidhm ag comhpháirtithe an Chláir díriú ar an bpobal níos leithne agus é a chur ar an eolas faoi na deiseanna atá á soláthar ag an gClár. Le cabhair fheachtais chun feasacht phoiblí a spreagadh beidh an Clár ag lorg rannpháirtíochta go gníomhach ó na páirtithe uile agus déanfaidh sé é seo a

éascú trí deimhin a dhéanamh de go mbeidh oiread príomhshruthaithe is féidir déanta ar nósanna imeachta ar rochtain ar áiseanna agus go mbeidh siad chomh éifeachtach agus is féidir, gan bheith ag teacht salach ar dícheallacht airgeadais chuí.

Cuirfear an Clár chun cinn go réamhghníomhach trí thograí nua a saothrú agus trí chomhpháirtithe togra a spreagadh chun fíor-chomhthograí a fhorbairt. Scaipfear eolas ag gach céim den Chlár chun mhalartú tuairimí agus comhoibriú a éascú.

Beidh siad seo a leanas san áireamh sa Straitéis Eolais agus Chumarsáide:

- Laethanta Eolais
- Suíomh Idirlin le háiseanna chun comhpháirtithe a chuardach
- Pacáiste Eolais a scaipeadh agus a ullmhú

Cé a fhéadann iarratas a chur isteach?

Féachtar ar réimse leathan d'ionadaithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach agus ón earnáil shóisialta agus eacnamaíochta níos leithne mar thairbhíthe féideartha. Cuirfear forais cosúil leo seo a leanas san áireamh:

- Údaráis Náisiúnta, Reigiúnacha agus Áitiúla
- Gníomhaireachtaí a gheibheann tacaíocht phoiblí nó tacaíocht stáit
- Institiúidí Tríú Leibhéil, Coláistí agus Institiúidí Taighde
- Fiontair phríobháideacha, eagraíochtaí den earnáil dheonach agus den earnáil phobail

Caithfidh gach comhpháirtí i dtograí faofa bheith ina chomhlacht phoiblí nó ina chomhlacht is comhionann le comhlacht phoiblí⁴⁹.

Conas a chuirtear isteach ar mhaoiniú?

Beidh foirm iarratais chaighdeánach faoi iamh sa phacáiste eolais agus iarratais. Scaipfear iad seo go forleathan agus beidh siad ar fáil ón Rúnaíocht agus ón

⁴⁹ "...Is féidir le heagraíocht atá ina comhlacht phríobháideach ó thaobh an dlí de bheith rannpháirteach i dtograí faoin gClár mar chomhlacht is comhionann le comhlacht phoiblí má: o tá sí ina comhlacht dhleathach. o fheidhmíonn sí mar chomhlacht neamhbhrabúsach i gcomhthéacs an togra – ní choinníonn sé seo comhlachtaí amach a ghníomhaíonn mar chomhlachtaí brabúsacha i gcomhthéacsanna eile. o chuireann sí torthaí an togra ar fáil don phobal coitianta saor in aisce. Áirítear air seo go gcinnteofar go mbeidh teacht poiblí ar thorthaí an togra. o chuirtear gníomhaíochtaí togra i gcrích de réir prionsabal an fhíorchostais. o chuirtear gníomhaíochtaí togra i gcrích de réir na rialacha um thairiscintí poiblí, is é sin, Treoir 2004/18/CE de chuid Párlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 31ú Márta 2004 faoi chomhordú nósanna imeachta um bhronnadh conarthaí oibre poiblí, conarthaí soláthair poiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí."

suíomh idirlín. Beidh gach treoir atá ag teastáil chun cabhrú le chomhpháirtithe na dtograí sa phacaiste seo chomh maith. Spreagtar iarratasóirí chun cabhair a lorg óna hOifig Fhorbartha agus ón Runaíocht de réir mar is cuí. Beidh sé seo riachtanach chun an baol a sheachaint go ndiúltofar an t-iarratas de dheasca dtoisc nach gcomhlíonann sí na critéir incháilitheachta. Sara gcuirfear iarratais ar thograí ar chlár oibre na gCoistí Stiúrtha, déanfar mheastóireacht chuimsitheach theicniúil orthu, rud a laghdóidh moill agus a thugann deis do na Coistí Stiúrtha feidhmiú ar leibhéal níos straitéisí.

Is é an 1ú Eanáir 2007 an dáta tosaidh maidir le inchailitheacht chaiteachais faoin gClár seo.

Conas a roghnófar tograí?

De réir Ailt 65(a) den Rialachán Ginearálta, faomhfaidh an Coiste Monatóireachta na critéir roghnaithe laistigh de sé mhí ón Chlár a fhaomhadh. Bunófar nós imeachta do chómheastóireacht agus do chomhroghnú ina ndéanfaidh an Coiste Stiúrtha an cinneadh deiridh maidir le roghnú tograí aonair. Bunófar an nós imeachta roghnaithe ar phróiseas déanta cinnidh trédhearcach agus ar na prionsabail seo a leanas:

- Fíor-chomhthogra atá á oibriú ar an dhá thaobh den cheantar trasteorann
- Caighdeán an togra
- Bainistíocht chruinn ar áiseanna airgeadais
- Comhsheasmhacht i gcomhlíonadh na gcritéir inchailitheachta
- Comhlántacht le gníomhartha atá á dtacú faoi Chláir Eorpach eile

Beidh ar thairbhíthe tograí chomhoibriú ar dhá bhealach ar a laghad den cheithre bhealach seo a leanas mar atá in Alt 20 de Rialachán CRFE;

- Comhfhorbairt
- An togra a chur i ngníomh le chéile
- Comhsholáthar foirne
- Comhairleadú

Cuirfear mionsonraí oibriúcháin ar fáil sa phacaiste eolais mar aon leis na foirmeacha iarratais..

8.7 Tograí Móra

De réir Ailt 12.9 de Rialachán CFRE níl aon tograí móra beartaithe faoin gClár Oibriúcháin seo.

8.8 Athrú chun feabhais ar gheilleagar na Réigiún

Má tá aon réigiún i limistéar an Chláir rannpháirteach sa Tionscnamh do Reigiúin um “Athrú chun feabhais ar gheilleagar na Réigiún” geallann an tÚdarás Bainistíochta na nithe seo a leanas:

a) déanfar na socruithe riachtanacha chun tacú le hoibriúcháin nuálaíoch a bhfuil tionchar trasteorann/trasnáisiúnta acu agus a bhaineann le torthaí na ngreasán;

b) pointe a chur i gclár oibre an Choiste Mhonatoireachta chun moltaí ábhartha maidir leis an gclár a phlé uair amháin sa bhliain ar a laghad, agus cuireadh a thabhairt d'ionadaithe na ngreasán (mar bhreathnadóirí) chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn gníomhaireachtaí na ngreasán;

c) cur síos a dhéanamh sa Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhartha atá san áireamh sa bheart “Athrú chun feabhais ar gheilleagar na Réigiún.”

8.9 INTERACT II

Tabharfar aird ar leith do na seirbhísí atá á sholáthar ag an Clár INTERACT II. Díríonn an Clár seo atá i bhfeidhm ar fud an AE ar rialachas maith an chomhoibrithe idir chríocha agus soláthraíonn sé tacaíocht de réir riachtanas, do luchtanna leasa atá rannpháirteach i gcur i ngníomh an chláir faoin Chuspóir um Chomhoibriú idir Chríocha san Eoraip. Go mórmhór is iad na húdarais atá le bunú de réir Rialacháin na Comhairle 1083/2006 agus 1080/2006 na spriocghrúpaí mar aon le forais eile atá rannpháirteach i gcur i ngníomh an chláir. Chun an tairbhe is fearr a bhaint as an gclár INTERACT d'fhorais atá rannpháirteach i gcur i ngníomh an chláir seo spreagfar úsáid seirbhísí agus cáipéisíocht INTERACT chomh maith le rannpháirtíocht i seimineáir INTERACT. Beidh costais ábhartha incháilithe faoi Chúnadh Teicniúil.

AGUISÍN I

(a) Baill Ranna agus Gníomhaireachtaí in Éirinn a d'fhreastail ar chruinnithe/bhí rannpháirteach i bhforbairt an chláir nua

Fiontar Éireann

POBAL

FÁS – Údarás um Oiliúint agus Fostaíocht in Éirinn

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

An Roinn Airgeadais

Fáilte Éireann – An tÚdarás um Fhorbairt na Turasóireachta in Éirinn

An Institiúid Mhuirí

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

An Roinn Iompair

(b) Ballraíocht Ghrúpa Sruth-oibre na Breataine Bige um chomhoibriú idir críocha

Rialtas Tionóil na Breataine Bige

HEFCW – Higher Education Funding Council for Wales (An Chomhairle um Mhaoiniú an Ardoideachais sa Bhreatain Bhig)

Gníomhaireacht Chomhshaoil na Breataine Bige

WCVA – Wales Council for Voluntary Action (Comhairle na Breataine Bige um Ghníomhú Deonach

FFORWM – Coláistí agus Institiúildí Beisoideachais na Breataine Bige

WLGA – Cumann na Rialtas Áitiúil sa Bhreatain Bhig

Foireann an nOifigeach Forbartha INTERREG IIIA

An Fóram Eacnamaíoch

An Earnáil Phríobháideach

AGUISÍN II

Eagraíochtaí a thug freagraí foirmiúla i scríbhinn ar an gcomhairleoireacht phoiblí

- An Chomhairle um Mhaoiniú an Ardoideachais sa Bhreatain Bhig
- Gníomhaireacht Chomhshaoil na Breataine Bige
- Cumann na Rialtas Áitiúil sa Bhreatain Bhig
- Comhairle Chontae Flintshire
- Comhairle na Breataine Bige um Ghníomhú Deonach
- Education Training and Counselling Ltd
- Comhairle Chontae Anglesey
- Comhairle Gwynedd
- Ollscoile na Breataine Bige Bangor, Scoil na nEolaíochtaí Aigéain
- Comhairle Chontae Denbighshire
- Fforwm Crefft Cymru Cyf
- Comhairle Chontae Pembrokeshire
- Keep Wales Tidy
- Ollscoil na Breataine Bige Bangor, Nuálaíocht Ollscoile
- Grúpa um Chomhordú INTERREG in Iarthuaisceart na Breataine Bige
- Comhairle Chontae Conwy
- Wales Watersports International
- Comhpháirtíocht Ceredigion um Fhorbairt Eacnamaíoch
- Comhairle na Tuaithe sa Bhreatain Bhig
- Comhairle Ealaíon na Breataine Bige

AGUISÍN III

Pleananna d’Airgeadú an Chláir Oibriúcháin

Tábla 1: Plean airgeadais an chláir ina sonraítear gealltanais bliantúil ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa don gclár oibriúcháin

Bliain de réir foinse don gclár, in euro:

	Ciste Forbraíochta
2007	6,838,422
2008	7,016,025
2009	7,238,428
2010	7,508,733
2011	7,786,085
2012	8,028,915
2013	8,278,687
Foriomlán 2007-2013	52,695,295

Tábla 2 : Plean airgeadais an Chláir Oibriúcháin ina sonraítear leithdháileadh ar an gclár ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ranníocaíochtaí náisiúnta poiblí agus príobháideacha agus ráta na haisíocaíochta de réir tosaíochta do shaolré an chláir ar fad.

Deintear íocaíochtaí mar aisíocaíocht an chaiteachais iarbhír de réir an phlean seo a leanas⁵⁰.

Ais thosaíochta de réir foinse (in euro)

	Maoiniú ón gComhphobal (a)	Maoiniú Poiblí Náisiúnta (b)	Maoiniú príobháideach Náisiúnta (c)	Maoiniú Iomlán (d)=(a)+(b)+(c)	Ráta Có-mhaoinithe (e)=(a)/(d)	Mar eolas	Maoiniú eile ⁵¹
Ais thosaíochta 1 Eolas, Nuálaíocht & agus Scileanna d'Fhorás	29,720,147	9,906,716	-	39,626,863	75%		1,000,000
Ais thosaíochta 2 Athrú Aeráide & Athghiniúint Inbhunanaithe	19,813,431	6,604,477	-	26,417,908	75%		1,000,000
Ais thosaíochta 3 Cúnamh Teicniúil	3,161,717	1,053,906	-	4,215,623	75%		-
IOMLÁN	52,695,295	17,565,099	-	70,260,394	75%		2,000,000

⁵⁰ Cuireadh an Plean Airgeadaithe le chéile ar bhonn caiteachais iomláin poiblí incháilithe.

⁵¹ Maoiniú príobháideach náisiúnta san áireamh nuair atá aiseanna tosaíochta á dtaispeáint mar chostais poiblí.

AGUISÍN IV

TÁBLA 1: CÓID MAIDIR LE GNÉ AN TÉAMA TOSAÍOCHTA		
TOSAÍOCHT 1 - Eolas, Nuálaíocht agus Scileanna i gcomhair Foráis		
01	Gníomhaíochtaí Taighde, agus Forbairt Teicneolaíochta in ionaid taighde	€5,750,000
03	Aistriú na teicneolaíochta agus feabhsú na líonraí comhoibrithe idir Ghnólachtaí Beaga agus Meánmhéide, idir na gnólachtaí seo agus gnólachtaí eile agus ollscoileanna, idir institiúidí iarmheánscoile de gach sórt, údaráis réigiúnacha, ionaid taighde agus lárionaid taighde agus eolaíochta (<i>páirceanna eolaíochta, lárionaid teicneolaíochta, agus a leithéidí</i>).	€6,753,000
04	Cúnamh i leith Taighde agus Forbairt Teicneolaíochta, go háirithe i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide, (<i>teacht ar sheirbhísí Taighde & Forbairt Teicneolaíochta san áireamh</i>)	€5,329,088
62	Forbairt córais fhoghlama ar feadh an tsaoil i ngnóthais; oiliúint agus seirbhísí d'fhostaithe chun feabhas a chur ar a gcumas iad féin a chur in oiriúint d'athruithe; fiontraíocht agus nuálaíocht a chur chun	€7,500,000

	cinn	
64	Forbairt sainseirbhísí d'fhostaíocht, d'oiliúint agus do thacaíocht i teannta le athstruchtúráil ar earnálacha agus ar ghnólachtaí, agus forbairt córas chun athruithe ar an eacnamaíocht agus riachtanais a bheidh ann sa am le teacht a réamh-mheas ó thaobh postanna agus scileanna de.	€4,388,059
TOSAÍOCHT 2 – ATHRÚ AERÁIDE AGUS ATHGHINIÚINT INBHUANAITHE		
43	Éifeachtacht Fuinnimh, comh-ghiniúint, bainistiú fuinnimh	€4,000,000
49	Maolú a chur ar athrú aeráide agus dul in oiriúint dó	€6,750,000
51	Cur chun cinn na bithéagsúlachta agus cosaint an nádúir (Natura 2000 san áireamh)	€2,459,614
61	Tógraí comhtháite ar mhaithe le athghiniúint uirbeach agus tuaithe	€6,603,817
TOSAÍOCHT 3 – CÚNAMH TEICNIÚIL		
85	Ullmhú, cur i ngníomh, monatóireacht agus iniúchadh	€2,100,000
86	Meastóireacht agus staidéir; faisnéis agus cumarsáid	€1,061,717

TÁBLA 2	CÓDANNA DO GHNÉ AN CHINEÁL AIRGEADAITHE	
Cód	Cineál Airgeadaithe	

01	Cúnamh neamh-inaisíochta	€ 52,695,295
----	--------------------------	--------------

TÁBLA 3:	CÓID MAIDIR LE GNÉ NA gCRÍOCHA	
Code	Saghas Críche	
08	Limistéar an chomhoibrithe trasteorann	€ 52,695,295

MIONDEALÚ TÁSCACH AR RANNÍOCAÍOCHTAÍ AN CHOMHPHOBAIL DE RÉIR CATAGÓIRE SA CHLÁR OIBRIÚCHÁIN

Uimh. Thagartha an Choimisiúin: _____

Ainm an Chláir : Clár na hÉireann – na Breataine Bige um Chomhoibriú idir Chríocha _____

Dáta an chinnidh deiridh a dhein an Coimisiún maidir leis an gClár Oibriúcháin atá i gceist: __/__/__

(in euro)

(in euro)

(in euro)

Gné 1	
Téama Tosaíochta	
Cód	Méid
*	**
01	5,750,000
03	6,753,000
04	5,329,088
62	7,500,000
64	4,388,059
43	4,000,000
49	6,750,000
51	2,459,614

Gné 2	
Cineál Airgeadaithe	
Cód	Méid
*	**
01	52,695,295

Gné 3	
Críoch	
Cód	Méid
*	**
08	52,695,295

61	6,603,817
85	2,100,000
86	1,061,717
IOMLÁN	52,695,295

IOMLÁN	52,695,295

IOMLÁN	52,695,295

* Cuirtear cód leis na catagóirí maidir le gach gné. Ba chóir úsáid a bhaint as an rangú caighdeánach.

** Méid mheasta na ranníocaíochta ón gComhphobal do gach catagóir.

AGUISÍN V – Achoimre Feidhmiúcháin ar an tuarascáil mheastóireachta Ex-ante

Achoimre Feidhmiúcháin

1. Brollach

Cúlra: Is é atá sa tuarascáil seo ná an Mheastóireacht Ex –ante ar Clár na hÉireann-na Breataine Bige um Chomhoibriú idir Chríocha. D’ullmhaigh Fitzpatrick Associates Economic Consultants, Baile Átha Cliath í i gcomhar le Old Bell 3 Ltd agus CRG Research Ltd sa Bhreatain Bhig, thar ceann Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir. Is é an Tionól Údarás Bainistíochta an Chláir thar ceann Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Breataine Bige.

Tá Clár nua na hÉireann-na Breataine Bige ina chomharba ar Chlár na hÉireann-na Breataine Bige INTERREG II agus IIIA a tháinig roimhe seo agus a bhí i bhfeidhm sna téimhsí ó 1994-99 agus ó 2000-06 faoi seach. Tá cómhaoiniú á dhéanamh air faoin gCuspóir nua de chuid an Choimisiúin um Chomhoibriú idir Chríocha a thagann in ionad INTERREG. Is é is aidhm don gCuspóir nua ná go bhfuil sé chun *“comhtháthú comhchuí críocha an Aontais a chur chun cinn trí thacú le comhoibriú idir na comhpháirteanna éagsúla atá ann ar chúraimí go bhfuil tábhacht ag baint leo ó thaobh an Chomhphobail de ag leibhéal trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach”*. Maoineofar gníomhartha ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus díreofar an maoiniú ar chlár chomhtháite faoi bhainistiú údaráis amháin a shaothraíonn príomhthosaíochtaí an Chomhphobail atá nasctha le cláir oibre Liospóin agus Gothenburg.

Téarmaí Tagartha: Deintear meastóireachtaí ex-ante chun feidhmiú an chláir a fheabhsú sara gcuirtear tús leis trí bheith ag baint úsáide as an taithí a fuarthas ó chlár a tháinig roimhe seo agus a bhí cosúil leis an gclár seo. Dá bhrí seo táid seo ar na Téarmaí Tagartha mionsonraithe i gcomhair na meastóireachta:

- a) measúnú ar an anailís sóch-eacnamaíoch agus ar ábharthacht an dréacht-chláir i leith na riachtanas a aithníodh;
- b) meastóireacht ar réasúnaíocht an dréacht-chláir agus ar a comhsheasmhacht sin;
- c) measúnú ar chomhleanúnachas na straitéise le beartais réigiúnacha agus náisiúnta agus le Treoirlíne Straitéiseacha an Chomhphobail;
- d) meastóireacht ar thorthaí agus ar thionchar an Chláir a bhfuiltear ag súil leo;

e) meastóireacht ar na córais atá molta chun an Clár a chur i ngníomh.

Deintear plé faoi leith ar gach aon cheann de na ceisteanna seo sna míreanna eile den achoimre seo. Pléitear gach ceist ar shlí níos cruinne leis, sa phríomhthuarascáil.

2. Anailís Shóch-eacnamaíoch agus a Baint le hÁbhar

Tá an anailís shóch-eacnamaíoch agus an anailís LLDB ar réigiún trasteorann idir Éirinn agus an Bhreatain Bhig i gcaibidil 2 den dréacht-chlár. Tacaíonn anailís níos mionsonraithe leis sin, ar a seal, a fhoilseofar mar agiosín leis an gClár, é sin, nó mar dhoiciméadú thacúil eile.

Anailís Shóch-eacnamaíoch: San anailís eacnamaíoch tá anailís achoimreach atá ina cuid de cháipéis an Chláir, chomh maith le hanailísí eile atá ar fáil i ndoiciméadú thacúil. Tá an anailís seo go maith doimhin ar an iomlán agus ní beag an méid fianaise mhionsonraithe atá ann agus a chomhlíonann riachtanais Coimisiún an AE isteach is amach (is é sin, saintréithe na gcríocha faoi leith agus riachtanais an limistéir atá faoi chaibidil a aithint). Thairis sin baintear úsáid san anailís as ceannteidil thábhachtacha de Threoirlínte Straitéiseacha an Chomhphobail chun struchtúr a chur ar an ábhar, rud a chabhraíonn chun nasc soiléir idir an dréacht-chlár agus na Treoirlínte a thaispeáint.

Taispeántar táscairí comhthéacs go maith ar an iomlán, agus ar na príomhathrúga sóch-eacnamaíocha ar a ndeintear plé níos mionsonraithe san anailís áirítear deimeagrafaíocht, aschur eacnamaíoch, ioncam agus caighdeán mhaireachtála chomh maith le treochtanna maidir leis an lucht saothair.

Tugann coid eile den anailís eolas áisiúil maidir le príomhathrúga eile (m.sh. scileanna agus oideachas, foghlaim ar feadh an tsaoil), ach tá cuid den bhfianaise seo ábharirín “ceilte”, é sin, nó tá tacaíocht ag teastáil uaithi ó eolas eile atá bunaithe ar fhianaise. Tugtar aird mhaith san anailís ar chásanna na hÉireann agus na Breataine Bige chomh maith, rud a dhein obair ullmhúcháin na comhanailíse LLDB níos éasca agus a chabhraigh chun riachtanais agus dúshlán a aithint a gcaithfidh an dá réigiún dul i ngleic leo.

Anailís LLDB: Is é atá san anailís LLDB sa dréacht-chlár na anailís ar leith ar an chuid Éireannach agus ar an chuid Bhreatnach den réigiún trasteorann, móide comhanailís ar an réigiún ar fad. Tá an anailís LLDB go maith cosúil leis an anailís shóch-eacnamaíoch mar tá sé sách doimhin agus uileghabhálach ann féin. Cuirtear fáilte roimh chomhanailís LLDB mar fhorbairt a chuireann le tuiscint ar an Straitéis Forbartha agus ar na Tosaíochtaí a thagann chun cinn dá réir.

Ag an am céanna d'fhéadfaí roinnt feabhsuithe beaga a dhéanamh ar an anailís LLDB a chabhródh chun na riachtanais a aithníodh agus na hidirghabhálacha Tosaíochta a roghnaíodh a shoiléiriú agus tuilleadh údair a thabhairt leo fós. Is

don nasc idir na príomhthátáil ar ar thángthas san anailís LLDB agus don bhfianaise a tugadh chun tacú leo siúd a thagraíonn na feabhsuithe seo.

Tugann an comhanailís LLDB achoimre mhaith ina dhiaidh sin is uile ar na príomhnascanna idir na hanailísí LLDB a deineadh ar Éirinn agus ar an Bhreatain Bhig. Is dá thoradh seo a aithnítear go soiléir na dúshláin agus na riachtanais atá i gcoiteann roimh an réigiún trasteorann agus tugann sé seo údar leis an tábhacht atá leis an Straitéis Forbartha, na Tosaíochtaí agus na Téamaí a roghnaíodh.

3. Réasúnaíocht agus Comhsheasmhacht an Chláir

Cuspóirí: Tugann Clár na hÉireann – na Breataine Bige um Chomhoibriú idir Chríocha ráiteas soiléir ar chuspóirí mar chuspóir fhoriomlán an Chláir agus, chomh maith leis sin, mar chuspóirí na dTosaíochtaí agus na dTéamaí a ghabhann leis.

Is í cuspóir fhoriomlán an Chláir ná tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an réigiún trasteorann trí chur chuige comhtháite i leith ceisteanna eacnamaíochta, comhshaoil, na sócháí agus na teicneolaíochta. Agus é seo a dhéanamh aige féachann an clár le:

- cur le cumas iomaíochta an réigiúin agus lena fhorbairt inbhuanaithe;
- a leas foriomlán eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta a chur chun cinn;
- forbairt níos comhtháite cothroime inbhuanaithe an limistéir a bhaint amach agus cur le cumas iomaíochta foriomlán críoch an Aontais i saol domhandaithe.

Cuirfean an chuspóir seo chun cinn agus seachadófar í trí dhá phríomhthosaíocht go bhfuil dhá théama lárnach ag gach ceann díobh:

- *Tosaíocht 1: Eolas, Nuálaíocht agus Scileanna i gcomhair Foráis* – is é atá inti ná Téama um Nuálaíocht agus Chumas Iomaíochta (Tosaíocht 1, Téama 1) agus Téama um Scileanna i gcomhair Chumas Iomaíochta agus Rannpháirtíocht sa bhFostaíocht (Tosaíocht 1, Téama 2);
- *Tosaíocht 2: Athrú Aeráide agus Athghiniúint Inbhuanaithe* – is é atá inti seo ná Téama um Fhorbairt Inbhuanaithe (Tosaíocht 2, Téama 1) agus Téama um Athghiniúint Inbhuanaithe Phobal (Tosaíocht 2, Téama 2).

Féachfaidh an Straitéis Forbartha le rath na gClár INTERREG a tháinig roimhe seo a chothú trí mhaoiniú a thabhairt d'idirghabhálacha chun tabhairt faoi chuid de na príomhdhúshláin ar dhá thaobh na teorann.

Reasúnaíocht. Tá nasc soiléir idir (a) na riachtanais a aithníodh san anailís shóch-eacnamaíoch agus san anailís LLDB agus (b) an Straitéis Forbartha, na Tosaíochtaí agus na Téamaí a sainíodh sa dréacht-chlár. Cuireann an nasc seo a léirítear i Mír 3.1. den dréacht-chlár béim ar na dúshláin atá i gcoitinne roimh an chuid Éireannach agus an chuid Bhreatnach den réigiún trasteorann (mar a sainíodh san anailís LLDB agus san anailís shóch-eacnamaíoch iad) agus measann leibhéal na ndeiseanna chun idirghabhálacha a dhéanamh ar bhonn trasteorann i ngach cás díobh. Dá thoradh seo bhíodhas in ann réimsí leithne i gcomhair comhoibrithe faoin gClár a roghnú, bíodh is go bhfuil líon beag cásanna ann ina mbeadh gá le tuilleadh fianaise, b'fhéidir, ar dhearbhuíthe maidir le cúis idirghabhála a bheith ann.

Tá an cuma ar an reasúnaíocht i gcomhair idirghabhála poiblí mar a léirítear í ag leibhéal na dTosaíochtaí agus ag leibhéal na dTéamaí araon, go bhfuil torthaí na hanailíse sóch-eacnamaí agus na hanailíse LLDB agus aithint na ndúshláin atá i gcoitinne roimh an dá réigiún mar choích bhuinte aici. Ar an iomlán tá cuma shláintiúil ar an reasúnaíocht a tugtar i leith idirghabhála poiblí sna réimsí a roghnaíodh. Mar sin féin níl an plé ar an reasúnaíocht ró-chuinn go fóill ansiúd 's anseo agus d'fhéadfaí an reasúnaíocht maidir le rogha na Straitéise Forbartha, na dTosaíochtaí agus na dTéamaí áirithe seo thar chinn eile a chur i láthair ar shlí níos soiléire.

Beidh Plean mionsonraithe um Chur i nGníomh atá beartaithe ag an Údarás Bainistíochta agus a cuid chomhpháirtithe cláir ina chabhair chun díriú ar an gceist seo, áfach, agus feabhsófar spriocaimsiú na dTosaíochtaí agus na dTéamaí aonair.

Comhsheasmhacht. Léiríonn an Straitéis Forbartha comhsheasmhacht réasúnta maith. Féachann an straitéis mar a chuirtear i láthair í, le rath na gClár INTERREG a tháinig roimhe seo a chothú trí idirghabhálacha a fhorbairt a thugann faoi dhúshláin aitheanta atá i gcoitinne ag na réigiúin ar dhá thaobh na teorann, agus is féidir na Tosaíochtaí agus na Téamaí a roghnaíodh a nascadh go díreach leis an straitéis seo.

De bhreis air seo is inmholta atá rogha na dTosaíochtaí agus na dTéamaí sa dréacht-chlár de bharr go léiríonn sé tuilleadh fócais ná mar a bhí ag gabháil leis na Cláir INTERREG a tháinig roimhe seo. Is rud é seo a thugann le tuiscint go rabhtas ag iarraidh ceachtanna a fhoghlaim ó na cláir a tháinig roimhe seo. Níl ach dhá théama a bhaineann lena chéile ag gach tosaíocht faoin dréacht-chlár anois, mar shampla, ach bhí iomlán de sé cinn de Bhearta fad-réimseacha, b'fhéidir, ag an dá Thosaíocht faoi Chlár INTERREG IIIA na hÉireann-na Breataine Bige (is ionann bearta agus Téamaí).

De bhreis air seo níl aon dealramh ann go bhfuil na Tosaíochtaí nó na Téamaí a roghnaíodh ag teacht salach ar a chéile, bíodh is go bhfuil fócas gach Tosaíochta go maith difriúil lena chéile. Ina theannta sin ní mór na rioscaí atá ag gabháil leis an rogha seo de Thosaíochtaí agus de Théamaí ó thaobh beartais de, go háirithe i bhfianaise laghad an Chláir.

4. Comhtháthú Straitéise leis na Príomhbheartais

Comhsheasmhacht. Go ginearálta léiríonn an dréacht-chlár méid cuí comhsheasmhachta leis na beartais agus leis na treoirlínte náisiúnta agus réigiúnacha faoi mar atáid in Éirinn, sa Bhreatain Bhig agus san AE. Tá sé seo amhlaidh toisc go bhfuil d'acmhainn ag na príomhthéamaí lasistigh den dréacht-chlár, de réir dealraimh, tacú leis na cuspóir bheartais ábhartha in Éirinn, sa Bhreatain Bhig agus san AE.

Tá nascanna láidre ag an dréacht-chlár leis na príomhspríocanna ar a dtugtar breac-chuntas i Straitéis Liospóin, i Straitéis Gothenburg agus i dTreoirlínte Straitéiseacha an Chomhphobail, go speisialta. Orthu siúd a áitítear:

- eolas, nuálaíocht agus fiontraíocht a chur chun cinn,
- níos mó postanna agus postanna níos fearr a chruthú;
- srian a chur ar athrú aeráide, úsáid fuinnimh ghlain a mhéadú, acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar shlí níos ciallmhaire;
- cur in aghaidh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta.

Thairis sin léiríonn an dréacht-chlár go bhfuil sé ag teacht chomh maith céanna leis na príomhchuspóirí beartais sa chomhthéacs Éireannach agus sa chomhthéacs Breatain araon. Tá sé ar aon dul le cuspóirí um nuálaíocht, fiontraíocht agus le cuspóirí um scileanna agus foghlaim, mar shampla, atá ag gabháil le príomhcháipéisí beartais Éireannacha ar nós an Chreat Tagartha Straitéiseach Náisiúnta agus an Chláir um Athchóiriú Náisiúnta, ach comhlánann a chuid cuspóirí agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe ann na príomhbheartais earnála nó na príomhbheartais théamacha in Éirinn ag an am céanna. Tacaíonn sé leis na príomhchuspóirí beartais Breatain leis, ar a n-áirítear tosaíochtaí atá i “*Wales: A Vibrant Economy*” (Straitéis Forbartha na hEacnamaíochta sa Bhreatain Bhig), a fhéachann le cúnaimh a thabhairt do ghnólaigh cur lena gcumas iomaíochta de thoradh ar fhiontraíocht agus nuálaíocht, le bunús scileanna na Breataine Bige a fheabhsú agus le tuilleadh oiliúna de réir éilimh a sheachadadh.

D'fhéadfaí locht a fháil ar an dréacht-chlár, b'fhéidir, sa mhéid nach bhfuil a chomhsheasmhacht lena chomhthéacs beartais seachtach ró-shoiléir ach amháin ar leibhéal ginearálta, sna ceanteidil, faoi mar a déarfá. Ceist í seo áfach, go bhféadfaí tuilleadh machnamh a dhéanamh uirthi mar chuid den Phlean um Chur i nGníomh mionsonraithe don dréacht-chlár.

Comhlántacht. Tá sé soiléir a dhóthain ó chur-cíos ar chlár agus ar chistí eile, go gcomhlánóidh infheistiú gaolmhar faoin ndréacht-chlár gníomhaíochtaí faoi Chiste lascaireachta na hEorpa, agus nach ndéanfaidh sé dúbailt ar infheistíocht faoi Chiste Eorpach d'Fhorbairt naTalmhaíochta agus naTuaithe agus faoi Phleananna um Straitéis Náisiúnta d'Fhorbairt Tuaithe. Maidir le clár de chuid CFRE, Chiste Shóisialta na hEorpa agus an tSeachtú Chreata Taighde níl sé chomh soiléir áfach, cén difríocht a bheidh ann idir infheistíocht fúthu siúd agus infheistíocht faoin ndréacht-chlár.

É sin ráite, cuirfear meicníochtaí ar bun a chabhróidh chun a chinntiú go mbeidh comhlántacht ann idir an Chlár seo agus clár agus cistí eile. Mar shampla,

- beidh an tÚdarás Bainistíochta ina Údarás Bainistíochta ar Chlár Cuspóra 2 de CFRE um Chumas Iomaíochta sa chuid Éireannach de réigiún na teorann, chomh maith;
- beidh Oifig Chistiúcháin Eorpach na Breataine Bige ina Údarás Bainistíochta ar Chlár Cuspóra 1 um Choinbhéirseacht d'Iarthar na Breataine Bige agus na Gleannta;
- Le linn an chuir i ngníomh táthar chun struchtúir a chur ar bun i ngach Údarás Bainistíochta chun na línte deighilte a shonrú do chlár ábhartha i dtreo go gcinnteofar comhordú agus comhlántacht idir na clár.

5. Torthaí agus Tionchair lena bhfuiltear ag súil

Is é atá sna príomhtháscairí a chuirtear i láthair sa dréacht-chlár ná táscairí maidir le haschur agus torthaí. Cuirtear ar fáil iad maidir le gach aon cheann den cheithre phríomhthéama. Tá sé seo ag teacht le riachtanais an AE. Tá 27 de tháscairí maidir le haschur agus 15 de tháscairí maidir le torthaí ar fud cheithre Théama.

Sampla dea-chleachtais ann féin is ea forbairt sraithe de tháscairí don dréacht-chlár, agus tá líon na dtáscairí a roghnaíodh níos lú i gcomparáid leis an gClár INTERREG IIIA. Is rud é seo a bheidh ina chúnaimh chun a chinntiú gur féidir córas na dtáscairí a bhainistiú go héasca. De bhreis air seo beidh na táscairí ina

gcúamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar na nithe éagsúla a tharlóidh faoi gach Tosaíocht agus faoi gach Téama.

Ag an am céanna tá roinnt ceachtanna le foghlaim ón taithí ar tháscairí a úsáid faoi Chlár INTERREG IIIA na hÉireann-na Breataine Bige gur chóir a chur san áireamh ag céim an dréacht-chláir nó ag céim an Phlean mionsonraithe um Chur i nGníomh:

- Caithfidh réalachas, iontaofacht agus caighdeán na sonraí gcomhair na dtáscairí a úsáidfear a bheith láidir. Ina theannta sin caithfidh na sainithe a bhaineann le gach táscaire a bheith soiléir agus caithfear iad a chur i bhfeidhm ar shlí aonfhoirmeach ar fud na dtograí go léir;
- ó thaobh spriocanna de, caithfidh láidreachta na mbonn tuisceana atá mar bhunús ag na spriocanna a bheith bunaithe ar fhorais mhaithe. Ó thaobh cuid de na táscairí caithfear cuimhneamh leis, nach dócha gur de bharr an Chláir seo amháin a bhainfear amach iad.

Is eol dúinn go bhfuil tuilleadh oibre déanta ag foireann na ndrúachtóirí Cláir ar na táscairí ó foilsíodh an dréacht-chlár. Bhí iarracht faoi leith á dhéanamh acu ar líon na dtáscairí a laghdú arís ach bhíothas ag iarradh nasc níos díri a chruthú eatarthu agus na príomhchuspóirí Téama.

6. Socruithe maidir le cur i ngníomh

De réir an dréacht-chláir léiríonn an cur-síos ar na socruithe um chur i ngníomh riachtanais rialuithe an AE go cruinn. Ó thaobh cúrsaí dlí agus rialúcháin de, is féidir glacadh leis na socruithe mar sin, de réir dealraimh, cé nach gcuirtear mórán mionsonraí breise ar fáil lasmuigh de na riachtanais seo. Thairis sin dealraíonn sé go gcothaíonn na socruithe um chur i ngníomh atá beartaithe na láidreachtaí a bhí ag Clár INTERREG a tháinig roimhe seo. Áirítear iad seo a leanas ar shamplaí d'fhianaise ar fhoghlaim:


- úsáid a bhaint as an gComhrúnaíocht Theicniúil chun an Clár a riaradh seachas aonaid riaracháin comhfhreagracha i ngach chuid den réigiún trasteorann;
- úsáid a bhaint as Coistí Stiúrtha chun tograí a mheasúnú (ionadaithe saineolacha a thabhairt le chéile ón dá chuid den réigiún);

- úsáid a bhaint as Oifig Fhorbartha - d'fhéachtaí orthu siúd mar chrainn taca do sheachadadh Clár i meastóireachtaí ar Chlár INTERREG a tháinig roimhe seo;
- tá sé i gceist leanúint de bheith ag úsáid “suíomh idirlín le háiseanna chun comhpháirtí a lorg” mar chuid lárnach den bPlean Eolais agus Cumarsáide. Féadann sé seo bheith an-tábhachtach chun cabhrú le hurraitheoirí a chuireann suim i dtogra dul ina bhun.

Tá feidhm na n-eagraíochtaí éagsúla a mholtar sa dréacht-phlean an-shoiléir ar an iomlán cé nach léir ar an dtoirt cad atá i gceist le ról an Choiste/na gCoistí Stiúrtha i “monatóireacht chomhordaithe ar chur i ngníomh togra”. Is eol dúinn go bpléifidh foireann dréachta an Chlár an cheist seo, áfach. Ar na réimsí eile ina mbeadh níos mó soiléire ag teastáil faoi shocruithe um chur i ngníomh agus ar a dtabharfar aird sa Phlean um Chur i nGníomh a bheidh ann níos déanaí, is dócha, áirítear iad seo a leanas:

- sonraí faoin tslí a mholtar sa dréacht-Chlár chun moill fhada a sheachaint a bhíodh ag gabháil leis an bpróiseas roghnaithe agus measúnaithe togra de ghnáth sa Chlár INTERREG IIIA;
- is gá cinntiú go n-aistrefar an t-eolas agus an taithí a fuarthas sa Bhreatain Bhig faoin gClár INTERREG IIIA go hÉirinn, mar bheadh baol ann, b'fhéidir nach n-éireodh le cur i ngníomh réidh an Chlár muna gcinnteofaí go mbeidh trasdul réidh sa réimse seo;
- sonraí breise ar shocruithe atá á ndéanamh faoi aistriú sonraí leictreonach faoin gClár.

AGUISÍN VI Sreabhchairt an tSocraithe do Bhainistiú agus do Rialú ar tharraingt aníos airgid ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoi Chlár Oibriúcháin na hÉireann-na Breataine Bige 2007 – 2013



Íocann Cistí ó CFRE leis an Údarás Deimhniúcháin chun caiteachas CFRE a tabhaíodh go hiarbhír a aisíoc.


Scrúdaíonn dearbhú caiteachais CFRE ó na hÚdaráis Bainistíochta agus deimhníonn éilimh ar íocaíocht chuig Coimisiún an AE chun cistí CFRE a tharraingt anuas. Comhordaíonn tuairiscí ar neamhrialtachtaí a chuireann an tÚdarás Bainistíochta isteach. Eisíocaíocht admhálacha.

Deineann comhordú agus scrúdú ar thuairiscí caiteachais ó thairbhíthe deiridh agus cuireann dearbhú caiteachais deimhnithe faoi bhráid an Údaráis Dheimhniúcháin. Deineann scrúdú bainistithe de réir Ailt 60 ar thuairisceáin chaiteachais a thugann na tairbhíthe dó. Comhordaíonn tuairiscí ar neamhrialtachtaí chun iad a chur chuig an Údarás Deimhniúcháin.

Deineann an obair agus cuireann éilimh ar íocaíochtaí isteach chuig an CRT. Tacaíonn sonraisc le hadmhálacha chomh maith le cáipéisí cúntasaíochta le gach aon éileamh ar íocaíocht.


AGUISÍN VII

Sreabhchairt de Chóras na nÍocaíochtaí Deontas le Tairbhíthe faoi Chlár Oibríocháin na hÉireann-na Breataine Bige 2007-2013



AGUISÍN VIII

Cairt Eagrúcháin de Thionól Réigiúnach an Deiscirt & an Oirthir 2007



ⁱ Measúnú Straitéiseach Comhshaoil